*Cearta Fostaíochta Oibreoirí Séasúracha in Éirinn.* Mar chuid de Sheachtain Gníomhaíochta (20-24 Meán Fómhair), rinne Cigirí an WRC 32 cigireacht spriocfhostóra, go príomha san earnáil talmhaíochta chun tacú leis an bhfeachtas.

## Samplaí de Phostálacha ar na Meáin Shóisialta le haghaidh Feachtas #um Chearta do Gach Séasúr



## Oibrithe Óga i bhFeachtas Fáilteachais na Meán Sóisialta

Le linn Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2021, rith an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre feachtas ar na Meáin Shóisialta a bhí dírithe go príomha ar oibreoirí óga in Éirinn, go leor acu a d'oibrigh go páirtaimseartha nó sna tionscail seirbhísí, chun cur lena bhfeasacht ar a chearta mar fhostaithe. Bhí an feachtas dírithe ar fhaisnéis a thabhairt d'fhostóirí ar a n-oibleagáidí faoin dlí fostaíochta.

Bhain an feachtas úsáid as ceithre íomhá ar leith a bhí dírithe ar fhir agus ar mhná idir 17-25 agus cuireadh ar Instagram agus Facebook iad.

Shroich an feachtas iomlán 610,450 duine agus meastar gur shroich éifeacht iomlán an fheachtais 1,488,907 duine, a chuir léargas ard ar fáil i measc daoine óga san earnáil fáilteachais.

## Ceadúnú

### Gníomhaireacht Fostaíochta & Cosaint ar Cheadúnú Daoine Óga

Déanann an WRC iarratais a phróiseáil le haghaidh ceadúnaithe do ghníomhaireacht fostaíochta thar ceann Na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Ní mór do Ghníomhaireacht Fostaíochta atá ag feidhmiú sa Stát ceadúnas a bheith acu chun a ghnó a dhéanamh. Is féidir ceadúnais a athnuachan ar bhonn bhliantúil. Eisíodh 820 ceadúnas do Ghníomhaireacht Fostaíochta i 2021, ardú de 12% ar 2020.

Ina theannta sin, eisíonn an WRC, thar ceann na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ceadúnais a thugann údarás do fhostóirí leanaí a fhostú a ghlacann le hobair cultúrtha, ealaíon, spóirt nó fógraíochta. Leagann ceadúnais chun leanaí a fhostú coinníollacha amach faoinar féidir leanaí a fhostaí, a rialaíonn coinníollacha ginearálta fostaíochta, toiliú tuismitheora, maoirseacht linbh, socruithe oideachasúla, agus na huasuaireanta oibre agus na híos-sosanna atá oiriúnach do gach leanbh nó grúpa leanaí atá fostaithe. I 2021, eisíodh 544 ceadúnas a thug údarás do 1,202 leanbh a fhostú, méadú de 60% agus 100% faoi seach ar an mbliain roimhe sin.

## An tSeirbhís Cigireachta agus Forfheidhmithe

### Gníomhaíocht Cigireachta 2021

Tábla 3: Gníomhaíocht Cigireachta 2021

Cásanna Cigireachta Fostóra curtha i gcrích	4,432
Fostóirí a bhí ag sárú oibleagáidí dlí fostaíochta	1,249
Pá neamhíochta a fuarthas ar ais	€964,281
An Líon Gearáin ar Leith a Fuarthas	588
Cigireachtaí (lena n-áirítear seiceálacha RWSP/WSP) <sup>4</sup>	3,433

Déanann an tSeirbhís Cigireachta agus Forfheidhmithe de chuid an WRC cigireacht ar thaifid fostaíochta lena chinntiú go ngéilltear le dlí fostaíochta sa Stát. Baineann an próiseas seo le leabhair agus taifid a bhaineann le fostaíocht na bhfostóirí a iniúcadh agus agallaimh a chur ar na fostóirí agus na fostaithe araon. Tugann Cigirí cuairt ar ionaid fostaíochta chun na feidhmeanna seo a dhéanamh. D'fhéadfadh na cuairteanna seo a bheith fógartha nó gan a bheith fógartha agus é mar aidhm acu a chinntiú go bhfuil an fostóir ag géilleadh leis an dlí fostaíochta ábhartha agus más gá, géilliúntas leis an dlí a chinntiú. D'fhéadfadh cúiteamh do fhostaithe lena bhaineann a bheith sa chomhlíonadh i bhfoirm íocaíocht pá neamhíochta a éiríonn as sárú a fuarthas. D'fhéadfadh cigireacht tarlú in éineacht le An Garda Síochána agus comhlachtaí rialála eile ar nós oifigigh sa Roinn Coimirce Sóisialaí agus na Coimisinéirí Ioncaim.

### Cigireachtaí i 2021

Leagann gníomhaíocht cigireachta béim ar earnálacha ina aithnítear riosca de neamhchomhlíonadh ina raibh neamhchomhlíonadh faighte roimhe sin, trí fhaisnéis a chur ar fáil do chomhlachtaí nó daoine eile ar fáil (lena n-áirítear comhlachtaí eile Stát) nó mar fhreagra ar ghearáin a fuarthas maidir le neamhchomhlíonadh ó fhostóirí ar leith. Léiríonn an tábla thíos sonraí faoi gníomhaíocht cigireachta 2021.

4 Prótacal Náisiúnta Filleadh ar an Obair/ Prótacal Obair go Sábháilte

**Tábla 4:** Gníomhaíocht Cigireachta agus torthaí san earnáil fostaíochta i 2021

<b>Earnáil</b>	<b>Cásanna</b>	<b>An Líon ag sárú</b>	<b>An Céatadán ag sárú %</b>	<b>Fostaithe</b>	<b>Pá neamhíochta</b>
Cuntasaíocht & Seirbhísí Airgeadais	20	4	20%	199	€4,283
Gníomhaíochtaí de Theaghlaigh mar Fhostóirí	2	2	100%	2	€325
Riarachán & Tacaíocht	13	5	38%	4,391	€461
Fógraíocht & Margaíocht	10	3	30%	178	€2,754
Talmhaíocht	57	31	54%	894	€28,189
Ealaíon, Siamsaíocht & Caitheamh Aimsire	37	9	24%	490	€14,713
Gníomhaíochtaí Seirbhísí Deochanna	58	12	21%	514	€9,400
Tógáil	71	29	41%	2,264	€33,947
Glanadh ar Conradh	17	7	41%	5,250	€28,313
Oideachas	9	5	56%	106	€169
Conraitheoireacht Leictreach	4	3	75%	1,158	€861
Gníomhaíochtaí Eachaí	2	2	100%	11	€4,571
Iascaireacht	28	17	61%	59	€13,567
Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia	763	263	34%	7,136	€145,609
Gruaig & Áilleacht	243	58	24%	843	€27,853
Óstáin	38	9	24%	1,419	€9,466
Sláinte Daonna & Obair Shóisialta	75	23	31%	9,530	€60,255
Faisnéis & Cumarsáid	20	10	50%	2,998	€781
Seirbhísí Dlí	6	2	33%	28	€0
Déantúsaíocht	156	38	24%	10,293	€15,886
Próiseáil Feola	5	3	60%	422	€0
Seirbhísí Tógála Innealtóireacht Mheicniúil	15	6	40%	1,261	€4,416
Mianadóireacht & Cairéalú	1	0	0%	0	€0
Lóistín Eile	3	2	67%	22	€3,329
Gníomhaíochtaí Seirbhísí Eile	192	49	26%	1,845	€14,619
Seirbhísí Poist & Teachairí	3	1	33%	111	€0
Seirbhísí Gairmiúla	50	18	36%	1,902	€3,334
Riarachán Poiblí	11	0	0%	8	€0
Gníomhaíochtaí Eastát Réadach	9	3	33%	112	€0
Slándáil	16	7	44%	2,724	€73,853
Iompar	60	21	35%	549	€5,510
Taisteal & Tionscnóirí Turas	1	0	0%	4	€0
Seirbhísí Tréidliachta & Sláinte Ainmnithe	11	3	27%	99	€316
Gníomhaíochtaí Ollstórála & Tacaíochta	9	3	33%	375	€645
Soláthar Uisce, Séarachas & Leasúchán Dramhaíola	3	2	67%	548	€0
Trádáil Mórdhíola & Miondhíola	2,414	599	25%	35,662	€456,856
<b>IOMLÁN</b>	<b>4,432</b>	<b>1,249</b>	<b>28%</b>	<b>93,407</b>	<b>€964,281</b>

Mar gheall ar shrianta COVID-19 a bhí i bhfeidhm sa chéad cheathrú de 2021 bhí tionchar aige sin ar chumas gnáthchigireacht dhéanamh ar an láthair sa tréimhse sin. Maidir le cásanna cigireachta bhí oscailte cheana féin, rinne cigirí dul chun cinn orthu ar bhonn cianda, rinneadh roinnt cigireachtaí go cianda ('cigireachtaí deisce') agus cigireachtaí ar an láthair (lena n-áirítear seiceálacha lena chinntiú go raibh géilliúntas le srianta COVID-19 agus sábháilteacht san ionad oibre).

Ba chóir a thabhairt faoi deara go léiríonn na rátaí thíos neamhchomhlíonadh ar thaobh na bhfostóirí ar leith a iniúchadh agus níor chóir iad a ghlacadh mar ionadaí ar an earnáil ábhartha ar an iomlán.

As an 4,432 cás a cuireadh i gcrích i 2021, bhí 2,722 cigireacht (61%) neamhfhógartha agus 57 cigireacht a rinneadh leis an nGarda Síochána agus comhlachtaí rialála eile den Stát.

### Cigireachtaí agus Covid-19

Foilsíodh an Prótacal Náisiúnta Filleadh ar an Obair go Sábháilte agus an Prótacal Obair go Sábháilte chun tacú le fostóirí agus fostaithe a bhí ag fillleadh ar a n-ionad oibre traidisiúnta.

Le linn 2021, rinne Cigirí an WRC cigireacht ar an láthair le géilliúntas a chinntiú leis na prótacail agus na nósanna imeachta sábháilte san ionad oibre. Mar a bhí i 2020, ba iad na príomhearnálacha a raibh freagracht ag an WRC orthu ná gnólachtaí a raibh baint acu le soláthar lóistín, bia agus dí, miondíola agus mórdhíola, agus an earnáil iascaireachta.

I 2021, rinneadh 3,433 cigireacht a bhain le prótacal, agus bhí beagnach 90% d'fhostaíochtaí a iniúchadh ag cloí leis na bearta iomchuí a bhí i bhfeidhm.

Ghlac an WRC páirt go hiomlán mar bhall den Fhórait Rialaitheoirí le linn 2021 chun comhoibriú a áisiú, agus ligean do phlé teagmhála tarlú, agus faisnéis a roinnt a bhain le hiniúchadh agus cloí le treoir sláinte phoiblí COVID-19.

## Earnálacha le Spéis ar Leith

### An Earnáil Iascaireachta

Tá gníomhaíocht cigireachta leanúnach ar siúl laistigh den Earnáil Iascaireachta chun an Scéim Ceada d'Oibrí Neamhthipiciúil d'Oibrithe nach as an EEA iad a chur i bhfeidhm atá cláraithe ar bháid iascaireachta iasc geal atá cláraithe in Éirinn mar aon lena chinntiú go bhfuil na fostóirí ag cloí leis na hoibleagáidí dlí fostaíochta.

I 2021, chuir Cigirí an WRC 14 cigireacht deisce agus 37 cigireacht calafoirt i gcrích, a chlúdaigh thart ar 45 de 170 soitheach a tháinig sa scóip den Scéim Neamh thipiciúil. Aimsíodh 50 sárú de chearta fostaíochta nó reachtaíocht ceada fostaíochta, a bhain le 21 úinéir soitheach. Ina theannta sin, tharla oibríocht ar leith, Oibríocht Pallas, i Meán Fómhair 2021.

D'aimsigh Cigirí an WRC 4 chás i 2021, lenar bhain 7 iascaire, nuair nach raibh na hiascairí ag fáil cead obair sa Stát. Le linn 2021, dúnadh 30 cás/cigireacht iascaireachta a chlúdaigh 39 soitheach a tháinig faoi Scéim Neamhthipiciúil. Aimsíodh roinnt sáraithe in 18 de na cásanna sin; d'éirigh le 15 cás cloí tar éis fógraí sáraithe a eisiúint agus rannpháirtíocht lena bhaineann le húnéirí soitheach agus cuireadh tús le hionchúisimh i dtrí chás dóibh sin.

I Q4 2021, rinne an WRC próiseas comhairliúcháin ar úsáid ateangairí agus bearta for-rochtana breise a bheadh ina chúnamh d'iascairí agus d'úinéirí trálaer maidir le cearta agus freagrachtaí. Foilseofar an Tuarascáil agus cuirfear na moltaí i bhfeidhm go luath i 2022.

### Talmhaíocht (Gairneoireacht san áireamh)

Rinneadh 57 cigireacht ar fad i 2021 (lena n-áirítear 32 a rinneadh mar chuid den fheachtas "Cearta do Gach Séasúr). Ba thionscnamh é an feachtas ar Údarás Oibreachais Eorpach (ELA) chun tacú le coinníollacha oibre slán agus sábháilte d'oibreoirí séasúraacha atá fostaithe ar fud thíortha an AE. Féach thuas le haghaidh sonraí a fháil.

## An Earnáil Próiseáil Feola

Tá an WRC ag leanúint le bheith gníomhach san earnáil seo. I 2021, rinneadh 5 chigireacht agus aimsíodh 3 fhostóir a bhí ag sárú an dlí fostaíochta.

Go deireanach i 2021, rinne an WRC próiseas comhairliúcháin le hoibrithe san earnáil Próiseáil Feola d'fhonn sraith seiceálacha sáraithe a dhéanamh le linn 2022 chun feachtas a mhéadú agus le cinntiú go rabhthas géilliúil le reachtaíocht fostaíochta ábhartha san earnáil seo. Fuair an WRC freagra ó 85 oibritheoir san earnáil feola a tháinig as an bpróiseas comhairliúcháin, agus léirigh 25 (29%) de na freagróirí gur bhain siad úsáid as seirbhísí Fostaíochta nó Gníomhaireachtaí Socrúcháin Oibre nó eadránaithe cosúla chun oibreoirí a spreagadh fostaíochta a fhostú san earnáil seo.

## EMPACT

Is tionscnamh slándála é EMPACT (Ardán Ildisciplíneach Eorpach in aghaidh Bagairtí Coiriúla) atá tiomanta ag Ballstáit de chuid an AE chun bagairtí a aithint, tosaíocht a thabhairt dóibh agus dul i ngleic leo ina bhfuil bagairt ann ó chuireanna idirnáisiúnta tromchúiseacha agus eagraithe. Glacann an WRC páirt i lá gníomhaíochta EMPACT atá dírithe ar dhúshaothrú agus ar gháinneáil ar dhaoine lena bhaineann cigireachtaí oibreachais agus fórsaí póilíní ar fud na hEorpa.

Bhain feachtas EMPACT le dhá "Lá Gníomhaíochta le chéile" an 2-3 Meitheamh agus cigireacht an WRC le linn na seachtainí 31 Bealtaine go 6 Meitheamh agus an 7 Meitheamh go dtí an 13 Meitheamh. Rinneadh cigireacht ar 79 fhostóir ar an iomlán agus aimsíodh 134 sárú reachtaíochta. Rinneadh ceisteanna eile lasmuigh de théarmaí tagartha an WRC a thagairt do na gníomhaireachtaí Stáit ábhartha.

## Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

Ghlac an WRC páirt i seimineáir ar líne / cruinniú a d'eagraigh an tÚdarás Oibreachais Eorpach (ELA).

Ar na seimineáir seo bhí:

- Cineálacha nua d'eadrán Oibreachais (Gníomhaireachtaí Oibre Sealadacha agus Eadránaithe eile).
- Cruinnithe den Ghrúpa Oibre ar Fhaisnéis.
- Cruinnithe den Ghrúpa Oibre ar Chigireachtaí.
- Cruinnithe maidir le Treoir 2020/1057 a a thrasú a leagann síos rialacha ar leith maidir le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/CE chun tiománaithe a phostáil san earnáil um iompar ar bhóithre.

## 4.3 | An tSeirbhís Bhreithniúcháin

### Feidhm


Déanann an tSeirbhís Bhreithniúcháin cigireacht ar dhíospóidí, ar ghearáin agus ar éilimh a rinne daoine aonaránacha nó grúpaí beaga faoi reachtaíocht fostaíochta, comhionannais agus stádas comhionann. Tá an reachtaíocht faoinar féidir gearáin a dhéanamh leagtha amach in Aguisín 5.

### Gearáin a Fuarthas i 2021

Le linn 2021, fuarthas 5,993 iarratas gearáin, ina raibh 12,014 gearán ó dhaoine aonaracha ar gá a phróiseáil, éisteacht leo agus cinneadh a dhéanamh orthu má théann siad ar aghaidh chuig éisteacht iomlán.

Léirigh an méid sin titim de 2,110 gearán i gcomparáid le 2020. Ní mór cuimhneamh, áfach, go bhfuarthas os cionn 1,600 gearán a tháinig faoi fhostóir amháin i Meitheamh na bliana sin. Dá réir, léiríonn pátrún míosúil 2021 an taithí ó 2020. Cé go bhfuil fianaise ann gur thit atreoruithe tar éis COVID-19, de réir mar atá meath ag teacht ar an bpaindéim d'fhéadfadh sé go mbeidh ardú ag teacht ar leibhéal na ngearán arís.

**Fíor 5:** Gearáin a fuarthas go Míosúil 2021




## Briseadh Síos ar Ghearáin

Gearáin ar Leith maidir le Pá (3,009) 25% a bhí ar an sciar is mó agus ina dhiaidh bhí Dífhostú Éagórach (1,688) 14% agus Idirdealú/Comhionannas/Stádas Cothrom (1,596) 13%, atá 20% níos airde sa chatagóir gearáin Chomhionannas i gcomparáid le 2020.

Tá titim shuntasach ar ghearáin ar leith a bhaineann le hIomarcaíocht (571) i gcomparáid lena fuarthas i 2020 (3,894) agus léiríonn sé filleadh ar an leibhéal d'atreoruithe roimh COVID-19.



**Fíor 6:** Gearáin ar Leith ag Cineál Gearáin




## Éisteachtaí

Maidir leis na srianta leanúnacha chun dul i ngleic le COVID-19 le linn 2021, rinneadh formhór na n-éisteachtaí breithiúnais go cianda cé go bhféadfaí roinnt acu a sceidealú aghaidh ar aghaidh de réir mar a lig na srianta.

Ina dhiaidh na srianta sin agus roinnt ceartuithe a d'éirigh as breithiúnas Zalewski den Chúirt Uachtarach (féach thíos), reáchtáladh 3,320 éisteacht bhreithiúnais sa tréimhse idir an 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021. Léirigh an méid sin ardú suntasach de (75%) ar an 1,899 éisteacht a reáchtáladh i 2020. Mar atá leagtha amach, rinneadh gach éisteacht go cianda agus gan ach 90 éisteacht aghaidh ar aghaidh.

Ó tháinig Acht um Chaidreamh san Áit Oibre (*Forálacha Ilghnéitheacha*) 2021 tá seasamh ag an WRC chun níos mó ná 120 éisteacht a sceidealú gach seachtain, ag sroicheadh níos mó ná sin faoi dheireadh na bliana. Cuirfidh an WRC leis an leibhéal sceidealaithe le héisteachtaí aghaidh ar aghaidh i 2022.

**Fíor 7:** Éisteachtaí a reáchtáladh in aghaidh na míosa: 2021



## Iarratais le haghaidh Cur Siar

Ó tharla go bhfuarthas 2,216 iarratas le haghaidh cur siar nó cur i gcoinne éisteachtaí cianda ó pháirtithe le linn 2021, a léirigh méadú de 154% ar 2020.

As na hiarratais le cur siar a fuarthas, bronnadh 1,421 (64%) dóibh. Bhain go leor acu le hiarratais a d'éirigh as saoirí a bhí curtha in áirithe, neamhláithreachtaí finnétithe, agus breoiteacht fadtéarmach. Ina theannta sin, bhain go leor fáthanna le saincheistanna a bhain le COVID-19.

Maidir leis an leibhéal d'iarratais le haghaidh cur siar, a bhí intuigthe sna cúinsí ar leith a bhí ann i 2021, bhí tionchar mór ag an méid sin ar chumas an WRC chun cásanna a bhogadh ar aghaidh gan mhoill sa chóras. Déanfaidh an WRC athbhreithniú ar an bpróiseas i 2022 mar aon le tairiscint a thabhairt do pháirtithe amanna treoracha níos faide a thabhairt d'éisteachtaí.

## Cinntí

Eisíodh 1,549 cinneadh/moladh i 2021, laghdú de 5% ar 1,629 a eisíodh i 2020: tharla an laghdú seo mar gheall ar laghdú gníomhaíocht éisteachta i 2020 a d'éirigh as tionchar de COVID-19 ar sceidealú éisteachta an bhliain sin.

## Atreoruithe Faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2015

Bhí ardú suntasach in atreoruithe faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2015, sa chaoi go raibh roinnt 572 atreorú déanta faoi na hAchtanna, a bhain le 810 foras ar leith i gcomparáid le 305 atreorú i 2020 a bhain le 452 foras ar leith: méadú bliantúil de 90% i gcomparáid le 2020.

Laistigh de na hatreoruithe ar an iomlán, bhí méadú i 7 gcinn de na 10 foras a cuireadh ar fáil sa reachtaíocht. Bhí na méaduithe is suntasaí i Míchumas (+298%) le 362 atreorú, agus (+91%) i Stádas Teaghlaigh, cé go raibh atreoruithe faoi Chine a taifeadh sa dara atreorú is airde faoi na forais reachtúla a cuireadh ar fáil, le 85 atreorú.

Sna gearáin Stádas Comhionann, bhí an foras claonadh gnéis ar an gceann ba lú tagartha agus ba léir laghdú ó 21 gearán i 2020 go 8 i 2021, laghdú de 62%.

**Tábla 5:** Gearáin a Fuarthas maidir le Stádas Comhionann 2020/2021

Forais Stádas Comhionann	2020	2021	% Difríocht
Aois	31	54	74%
Stádas Sibhialta	23	38	65%
Míchumas	91	362	298%
Stádas Teaghlaigh	23	44	91%
Inscne	45	71	58%
Ball den Lucht Siúil	51	61	20%
Cine	76	85	12%
Creideamh	30	29	-1%
Claonadh Gnéis	21	8	-62%
Lóistín	61	58	-5%
<b>Iomlán</b>	<b>452</b>	<b>810*</b>	<b>79%</b>

**Nóta:** Cé go bhfuarthas 572 atreorú, luadh 810 foras mar is féidir le gearánaigh níos mó ná foras amháin agus iad ag déanamh gearán ar leith.

## Atreoruithe a rinneadh Faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015

Bhí atreoruithe beagnach mar a chéile i 2020: i 2021, fuarthas 932 atreorú gearáin Comhionannas Fostaíochta a luaigh 1,347 foras ar leith, i gcomparáid le 939 atreorú a luaigh 1,260 foras ar leith i 2020.

Maidir leis na gearáin Comhionannas Fostaíochta, ba é an líon is mó gearáin a fuarthas i 2021 ná Míchumas (323) suas 11% ar anuraidh, agus Inscne (316) ina dhiaidh suas 14%. Tá an dá fhoras seo go leanúnach sna trí fhoras is airde ó bunaíodh an WRC.

Léirigh ballraíocht sa Lucht Siúil an céatadán is airde ar fhigiúirí 2020; ach tagann sé sin ó bhonn íseal ina raibh

20 atreorú, a léiríonn an chuid is ísle leis an líon atreorú a fuarthas faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta.

**Tábla 6:** Atreoruithe d'Acht um Chomhionannas Fostaíochta 2020/2021


<b>Briseadh síos ar ghearáin ar leith le foras</b>			
	<b>2020</b>	<b>2021</b>	<b>% Difríocht</b>
Aois	206	186	-10%
Stádas Sibhialta	39	42	8%
Míchumas	290	323	11%
Stádas Teaghlaigh	187	202	8%
Inscne	278	316	14%
Ball den Lucht Siúil	6	20	233%
Cine	210	181	-14%
Creideamh	19	41	115%
Claonadh Gnéis	25	36	44%
<b>Iomlán</b>	<b>1260</b>	<b>1347*</b>	<b>7%</b>

\* **Nóta:** Cé go bhfuarthas 932 atreorú faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíocht, luadh 1,347 foras mar is féidir le gearánaigh níos mó ná foras amháin a roghnú agus iad ag déanamh gearán ar leith.

### Atreoruithe a Fuarthas faoi Acht na bPinsean 1990

I 2021, fuarthas 26 atreorú faoi Acht na bPinsean 1990 agus is méadú é sin de 44% ar 2020.

**Tábla 7:** Atreoruithe faoi Achtanna na bPinsean: 2016-2020



## Breithiúnas na Cúirte Uachtaraí:

### Leasú ar Chleachtais agus ar Nósanna Imeachta

An 6 Aibreáin 2021, d'aithin an Chúirt Uachtarach i *Zalewski V Oifigeach Breithniúcháin agus an WRC, Éire agus an tArd-Aighne [2021]* IESC 24 an reachtaíocht ag rialú nósanna imeachta an WRC ar leith atá neamhréireach leis an mBunreacht, is iad sin an iompar d'éisteachtaí go príobháideach; easpa soláthar Oifigeach Breithniúcháin chun cur faoi mhionn nó dearbhú; agus gan aon phionós as fianaise bréagach a thabhairt.

D'éiligh an breithiúnas seo reachtaíocht nua a thabhairt isteach chun cumhacht a thabhairt d'Oifigigh Bhreithniúcháin daoine a chur faoi mhionn nó dearbhú. Dá réir sin, cuireadh isteach ar cheithre mhí d'éisteachtaí a sceidealadh go dtí gur tháinig Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2021 (Forálacha Ilghnéitheacha) i bhfeidhm an 29 Iúil 2021 chun dul i ngleic leis na saincheisteanna seo.

In éineacht leis an mbreithiúnas agus sa tréimhse roimh achtú na reachtaíochta seo, cuireadh 370 éisteacht a sceidealadh siar agus/nó ar athló agus stopadh iad, agus na hOifigigh Bhreithniúcháin le seisin den chás ag meas nach bhféadfadh an éisteacht leanúint ar aghaidh, gan éisteacht leis an gcás faoi Mhionn nó dearbhú idir Aibreáin agus Lúnasa.

Bhí gá le gach ceann de na cásanna seo (atá i leith os cionn míosa d'éisteachtaí de ghnáth) athsceidealú ina dhiaidh sin.

Roimh an bhreithiúnas, foilsíodh gach Cinneadh agus Moladh den tSeirbhís, den chuid is mó, ar an suíomh gréasáin WRC i bhformáid anaithnide. Tar éis an breithiúnas a chur ar fáil an 6 Aibreáin 2021 agus na hOrduithe iarmhartacha a rinneadh an 15 Aibreáin 2021, tá gach cás breithiúnais ar siúl go poiblí, seachas díospóidí a rinneadh faoi Achtanna um Chaidreamh Oibreachais nó má chineann an tOifigeach Breithniúcháin mar gheall go bhfuil 'cúinsí speisialta' ann, gur chóir na himeachtaí a dhéanamh go príobháideach.

Maidir leis na cinntí ar chásanna atá á reáchtáil go poiblí foilsítear anois iad i bhformáid neamhanaithnide ar shuíomh gréasáin an WRC.

### Téarmaí Tagartha Breithniúcháin den WRC

Mar aon le soiléiriú ó na Cúirteanna Uachtaracha, go mór mór cinneadh na Cúirte Uachtaraí de *Zalewski v Oifigeach Breithniúcháin agus an WRC, Éire agus an tArd-Aighne [2021]* IESC 24, ina raibh gá le hAcht um Chaidreamh san Áit Oibre (Forálacha Ilghnéitheacha) 2021 agus Treoracha an AE ábhartha, tá sainchúram breithiúnais an WRC leathnaithe go mór le sé bliana anuas óna bhunú. Tá an leathnú seo i bhfoirm píosaí nua reachtaíochta (agus leasuithe den reachtaíocht) atá faoi choimirce an WRC, ar an gcéadchéim.

**Tá na príomhathruithe leagtha síos anseo thíos.**

- |   |
|---|
| <p><b>1. Leasú ar an Acht um Stádas Comhionann, leis an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) mar fhoras idirdhealaithe nua. Acht um Chomhionannas (Forálacha Ilghnéitheacha) 2015</b></p>   |
| <p><b>2. Is é an WRC an comhlacht forfheidhmithe maidir le gach ceann de na hAchtanna anseo thíos.</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>a. Acht um Shaoire agus Sochar Tuismitheora 2016 (Uimh. 11 de 2016)</li> <li>b. Acht um Shaoire agus Sochar Tuismitheora, 2019 (Uimh. 35 de 2019)</li> <li>c. Acht um Shaoire agus Sochar Tuismitheora (Leasú) 2019 (Uimh. 11 de 2019)</li> <li>d. Acht um Shaoire agus Sochar Tuismitheora, 2019 agus Forálacha Ilghnéitheacha 2021 (Uimh. 4 de 2021)</li> </ul> |
| <p><b>3. Téarmaí agus Coinníollacha Fostaíochta</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>a. Acht Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2018 (Uimh. 38 de 2018) <ul style="list-style-type: none"> <li>i. Ráiteas cúig lá agus Nialas uaireanta</li> <li>ii. Íosíocaíochtaí agus uaireanta grúpaithe</li> </ul> </li> </ul>   |
| <p><b>4. Acht um Dealú Inscne ó thaobh Íocaíochta de 2021 (Uimh. 20 de 2021)</b></p>  |

Tá síntí breise de théarmaí tagartha faoi mheas maidir le míniú agus breithiúnas a thabhairt ar an reachtaíocht nua “aiscí”, Bille um Íoc Pá (Leasú) (Aiscí) 2022, creat tuairiscithe maidir bearna phá idir na hinscní, Bille um Pá Breoiteachta 2021, an Bille um Cheart Iarratas ar Obair Cianda 2021 agus d’fhéadfadh comhairle a fháil maidir le Treoir an AE um Cothromaíocht Oibre is Saoil do Thuismitheoirí agus Cúramóirí 2019/1158, agus Treoir an AE um Choinníollacha Oibre Follasach agus Intuartha 2019/1152 atá riachtanach a thrasú i ndlí na hÉireann faoi Lúnasa 2022.

## Cinntí na Cúirte Oibreachais ar Achomhairc an WRC

I 2021, cuireadh in iúl don WRC faoi 275 cinneadh a d’eisigh an Chúirt Oibreachais maidir le hachomhairc Cinntí/Moltaí ó Oifigeach Breithniúcháin an WRC. As na cinntí a cuireadh in iúl seasadh le 171 (62%), bhí 47 (17%) athraitheacha, cuireadh 50 (18%) ar ceal agus cuireadh 50 (18%) ar ceal agus theip ar 7 (3%) a mheas. Bhí líon na gcinntí WRC a seasadh le ag an ráta is airde ó bhunú an WRC.

## Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara

I rith 2021 bhí baint ag an bhfoireann Breithniúcháin le líon cruinnithe déthaobhacha le páirtithe leasmhara agus chuir siad oiliúint saincheaptha ar fáil mar chuid dá ngealltanais do feabhsúcháin seirbhíse agus meicníochtaí comhairliúcháin/aiseolas do chustaiméirí leanúnach, ar aon dul lenár measúnacht ar sheirbhís custaiméara agus ár ngealltanais thuairiscithe. Mar gheall ar shrianta na paidéime, bhí teorainn níos mó ar theagmhálacha agus éascaíodh iad ar chruinnithe Webex, ríomhphoist agus comhráití gutháin.

**Fíor 8:** Torthaí na Cúirte Oibreachais

An Chúirt Oibreachais Torthaí	2017	%	2018	%	2019	%	2020	%	2021	%
Cinntí a eisíodh	351		372		383		142		275	
Seasadh le	171	49%	179	48%	171	45%	69	49%	171	62%
Athraitheach	84	24%	88	24%	110	29%	30	21%	47	17%
Tiontaithe	91	26%	99	26%	81	21%	33	23%	50	18%
Teipthe: Teorainneacha ama/ Dlíne/Eile	5	1%	6	2%	21	5%	10	7%	7	3%



## 4.4 | An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, Straitéise agus Digiteacha

### Rialachas

Ní mór don WRC a chinntiú go gcuirtear a ngníomhaíochtaí agus acmhainní i bhfeidhm ar an mbealach is éifeachtúla agus is éifeachtaí, chun comhlíonadh le riachtanais rialachais. Áirítear Monatóireacht leanúnach rialta de dhul chun cinn i gcoinne pleananna gnó, athbhreithniú rialta de thimpeallacht riosca agus, más gá, gníomhaíocht chun rioscaí féideartha a mhaolú.

Cuireann an Rannóg tacaíocht ar fáil mar phríomhacmhainní agus áiseanna don WRC chun a ollchuspóirí a chur i gcrích. Tá an Rannóg freagrach as rialachas corparáideach, buiséid, pleanáil gnó, bainistíocht riosca agus faisnéise, TFC, soláthar foirne, cumarsáidí, tacú le hobair na Rannóg, tacaíocht rúnaí a chur ar fáil don Bhord, an tArd-Stiúrthóir agus bainistíocht airgeadais agus áiseanna a chur ar fáil sna suíomhanna WRC ar fad.

### Freagairt COVID-19

Bhí an bhliain a chuaigh thart an-dhúshlánach don Rannóg. Ba ghá don WRC athrú agus freagairt do na cúinsí a tháinig chun cinn mar gheall ar an bpaindéim i rith na bliana agus glacadh le treoirlínte ón Rialtas. I rith na bliana, seachas tréimhse i Samhain/Nollaig nuair a d'fhill an fhoireann ar an oifig ar feadh roinnt laethanta sa tseachtain thar líon seachtainí, bhí formhór na foirne ag obair ó bhaile. Eisceacht a bhí sa bhfoireann a bhí ag freastail ar oifigí d'obair riachtanach, líon beag de chomhréitigh, eadránacha agus breithiúnais, agus cigirí ag déanamh cigireachtaí ar an láthair.

Thar an tréimhse den phaindéim le linn 2021, bhí an Rannóg lárnach chun:

- A chinntiú go raibh oifigí poiblí an WRC feistithe agus infheidhmithe de réir treoir na sláinte poiblí,
- ionduchtú agus tacaíocht do 40 bhall foirne nua i dtimpeallacht oibre cianda a bhí dúshlánach,
- tionscnaimh a chur chun cinn de réir Thús Áite do Dhigiteachas de Straitéis TFC na Seirbhísí Poiblí lena n-áirítear obair chun cinn ar thairseach nua féinseirbhíse,

- rannpháirtíocht agus iomaitheoirí i nDúshlán Teicneolaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe,
- feachtais éagsúla ar na meáin shóisialta a chur ar fáil chun feasacht a mhéadú ar chearta agus oibleagáidí faoin reachtaíocht um chearta fostaíochta,
- obair le hOifig na nOibreacha Poiblí ar oifig Chorcaí an WRC a chur ar fáil inar féidir seirbhísí iomlána an WRC a chur ar fáil, agus
- Bainistíocht áiseanna de gach foirgneamh WRC lena n-áirítear uasghrádú ar oifig Cheatharlach chun éisteachtaí aghaidh ar aghaidh a éascú.

## Acmhainní Daonna

Tacaíonn an Rannóg Corparáideach le baill foirne chun na príomhchuspóirí den WRC a chur ar fáil.

Bhí ráta athruithe foirne suntasach ag an WRC i rith na bliana mar gheall ar dhaoine ag éirí as, ag aistriú agus arduithe céime; ar an iomlán earcaíodh 11 ball foirne breise agus tháinig 40 ball foirne ag obair leis an WRC i rith na bliana - sin ráta athruithe de 20%.

Ina theannta sin, tharla uasghrádú ar scileanna foirne chun timpeallach oibre dlíthiúla athraitheach a léiriú, earcaíocht shuntasach agus oiliúint lena bhaineann maidir le seirbhísí breithiúnais agus cigireachta i 2021: Cosúil leis an bhliain roimhe sin, tréimhse thar a bheith deacair a bhí i 2021 do dhaoine nua a d'iontráil an WRC agus bhí formhór a n-oiliúna agus a gcaidreamh le bainisteoirí agus comhghleacaithe ag tarlú go fíorúil agus bhí an tacaíocht a fuair siad óna gcomhghleacaithe luachmhar.

Rinne acmhainn foirne, pleanáil comharbais, agus rannpháirtíocht foirne dul chun cinn i 2021 agus bhí folláine foirne agus meanma foirne mar thosaíocht don eagraíocht. Maidir le foilsíú na hirise foirne inmheánach, nuashonraithe, cruinnithe foirne rialta, agus líon seisiúin caifé/quizeanna agus an filleadh gearr ar an oifig choinnigh an méid sin braiteacht phobail san WRC.

## Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide

I rith 2021, lean an WRC ag cur leis an dul chun cinn a rinneadh roimhe sin ar mhaithe le réitigh TFC a fhorbairt agus ríomh-mheáin idirghníomhacha atá furasta le húsáid a chur chun cinn.

Dearadh córas cásbhainistíochta nua do sheirbhís Idir-Réitigh an WRC agus tharla dul chun cinn lena bhforbairt le linn 2021 agus é mar aidhm córas nua a chur ar fáil i rith na bliana.

Faoi réir “Thús Áite do Dhigiteachas” de Straitéis TFC na Seirbhísí Poiblí, chuir an WRC tús le hobair scóipe maidir le huathphróisis ghnó feabhsaithe, agus chuir siad a thairseach féinseirbhíse chun cinn go beo i 2022.

## Rath an WRC ag Dúshlán Teicneolaíochta sa Todhchaí

Bhí an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre mar iomaitheoir sa Dúshlán Teicneolaíochta sa Todhchaí le tionscadal chun “Réiteach Éisteachta Hibrideach” a fhorbairt. Ba chomórtas píolótach a bhí anseo a d’eagraigh foireann Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER), i gcomhar leis an nGníomhaireacht Forbartha Tionscail agus Fiontar Éireann a fuair tacaíocht ó AWS, Cisco agus IBM.

Tá an WRC agus an soláthraí seirbhíse ag obair faoi láthair chun an coincheap a thabhairt chun críche.





An Fhoireann chun Dúshlán Teicneolaíochta sa Toghcháin (FTC) an WRC a chur i láthair, (ó chlé go deas), Shane Grant, Mary Coyle agus Alan Barron

## Cumarsáid agus For-rochtain

### An Suíomh Gréasáin

Bhí suíomh gréasáin an WRC mar fhoinsé faisnéise agus comhéadan leis an WRC d'úsáideoirí seirbhíse, go háirithe maidir le nuashonraithe ar sholáthar seirbhísí agus cearta fostaíochta, go ginearálta araon, agus ailínithe go forbairtí COVID-19 sa cheantar.

Ó seoladh an suíomh gréasáin athbhreithnithe i mBealtaine 2019, tá athbhreithniú rialta á ndéanamh ar an suíomh lena chinntiú go ngéilleann sé go hiomlán le caighdeáin ghréasáin maidir le struchtúr, leagan amach agus ábhar agus go leanann sé caighdeáin ghréasáin mar atá leagtha amach ag Feadhnacht an Ghréasáin Dhomhanda (W3C) agus an tÚdarás Náisiúnta Míchumais. Maidir leis an méid sin, rinne gach Rannóg WRC athbhreithniú agus nuashonrú ar ábhar riachtanach ar an suíomh gréasáin.

Ina theannta sin, le linn 2021, rinne an WRC nuashonrú ar a gcuid scileanna ar shaincheistean rochtana lena chinntiú go leanann an WRC ag sroicheadh agus más féidir go sáraíonn siad na caighdeáin atá de dhíth.

### Físeáin Fhaisnéise


Chun cabhrú le cuairteoirí le haghaidh éisteachtaí aghaidh ar aghaidh in Oifigí WRC le linn shrianta COVID-19, bhí físeáin faisnéise ar fáil ar an suíomh gréasáin an WRC chun páirtithe agus ionadaithe a chur ar an bhfaisnéis faoi na socrúcháin chun teacht ar éisteachtaí in oifigí an WRC nuair a tugadh cead dóibh.

## Na Meáin Shóisialta

Le bliain agus, baineadh úsáid as na Meáin Shóisialta de chuid an WRC chun faisnéis a roinnt leis an bpobal. Tháinig ardú ar na hardáin seo daoine a shroicheadh i rith 2021 agus faoi láthair tá níos mó ná 2,100 leantóir ag cuntas Twitter WRC\_IE agus tá níos mó ná 6,100 leantóir ag an gcuntas LinkedIn WRC: ardú de 42% agus 26% faoi seach, ó thús na bliana.

Le linn 2021, bhí roinnt feachtais ag an WRC lena n-áirítear feachtas na Meán Sóisialta a shroich os cionn 600,000 oibrí óg agus a bhfostóirí in Éirinn, dírithe ar na tionscail sheirbhíse/fáilteachais chun iad a chur ar an eolas faoina chearta agus oibleagáidí, go háirithe de réir mar a d'oscail an gheilleagar sa Samhradh.

Rinne an WRC teagmháil le grúpaí abhcóideachta cosúil le LGBT Ireland, BeLONG To, TENI agus Gay Project Chorcaí chun ábhar ar na meáin shóisialta a fhorbairt agus a roinnt a chuireann ról an WRC chun cinn chun tacú le daoine a chreideann go bhfuil idirdhealú faighte acu san áit oibre nó i soláthar seirbhísí.





*Oifig Chorcaí an WRC*

## Áitreabh Oifige an WRC

Tá cúig oifig réigiúnach ag an WRC: Baile Átha Cliath, Ceatharlach, Corcaigh, Inis agus Sligeach. I Meitheamh 2021, ghlac an WRC sealbh ar oifig cheantar an Deiscirt, atá lonnaithe go lárnach i gcathair Chorcaí. Cuireann an WRC san áis nua gach uile sheirbhís ar fáil dá pháirtithe leasmhara i gceantar an Deiscirt. I gCeatharlach, rinneadh áitreabh an WRC a athchumrú go suntasach agus tugadh cothrom le dáta é le linn 2021 chun freastal ar éisteachtaí breithniúcháin agus eadrána chun iad a chur ar chumas ar bhealach slán sábháilte do gach páirtí.

Le linn 2021, d'eagraigh an WRC athbhreithniú ar rochtain fisiceach laistigh de Theach Lansdúin agus fuarthas go raibh an foirgneamh ag cloí leis na riachtanais rochtana. Beidh moltaí le haghaidh feabhsúcháin ar leith ar fáil i 2022.

## Dualgas um Chearta an Duine agus Comhionannas san Earnáil Phoiblí

Chuir an tAcht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 tús le dualgas dearfach ar chomhlachtaí poiblí chun aird mar is cuí a bheith acu ar chearta daonna agus saincheisteanna comhionannais i gcleachtadh a bhfeidhmeanna agus cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh chun a dhualgas a chur i bhfeidhm in obair an WRC. Is príomhthosaíocht í spás a bhfuil fáil air agus cuimsitheach a chruthú do gach duine a bhaineann úsáid as ár n-oifigí nó a oibríonn ann.

Faoi réir na bprionsabal bunaithe agus alt 42 d'Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, leagann an WRC béim mhór ar nósanna cearta féarálte, an ceart de phríobháideachtas, fáil chothrom agus cóireáil cothrom i ngach gné de na seirbhísí a cuirtear ar fáil. Déantar dálaí mar sin a mheas i ndearadh éisteachtaí cianda agus nósanna imeachta lena bhaineann. Agus cúlra d'obair cianda le linn na paindéime beagnach thart leanann an WRC ag obair lena chinntiú go bhfuil dínit agus leas a bhfoireann ar fad cosanta agus déantar cultúr rannpháirtíochta agus meas a spreagadh. Ar na cearta daonna agus saincheisteanna comhionannais a chuireann isteach ar an bhfoireann tá an ceart de nósanna féarálte, an ceart de phríobháideachtas, fáil chothrom, caitheamh go cothrom agus dínit san áit oibre.

Bíonn gach beartas inmheánach coinnithe faoi athbhreithniú chun géilliúntas a chinntiú le dea-chleachtas sna réimsí sin, lena n-áirítear mar shampla an beartas Ag Plé le Custaiméirí Mírreasúnta a tugadh isteach le linn 2020, agus a tugadh cothrom le dáta i Samhain 2021, a chosnaíonn an fhoireann in aghaidh ciapadh tríú páirtí.

## Acht na Nochtuithe Cosanta 2014

Mar chomhlacht poiblí, éilítear ar an WRC faoi alt 22 d'Acht na Nochtuithe Cosanta 2014 tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir le líon na nochtuithe cosanta a rinneadh sa bhliain roimhe sin, agus an gníomh a rinneadh mar fhreagra ar aon nochtadh cosanta den sórt sin.

De bhun an riachtanais seo, dearbhaíonn an WRC go bhfuarthas dhá thuarascáil sheachtrach de réir na bhforálacha d'Acht na Nochtuithe Cosanta 2014 ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021. Rinneadh ceann a tharchur i gcomhair cigireachta ag an WRC agus measadh nach raibh an dara ceann ina nochtú cosanta tar éis cigireachta. Rinneadh cumarsáid leis na daoine ar leith sa dá chás. Ní bhfuair an WRC aon tuarascáil inmheánach.

Faoi IR 367/2020 Acht na Nochtuithe Cosanta 2014 (Nochtadh do Dhaoine Forordaithe) Ordú 2020 tá an tArd-Stiúrthóir ainmnithe mar 'dhuine forordaithe' de bhun alt 7 den Acht.



## 4.5 | Seirbhísí Dlí

**Tá sé mar phríomhaidhm ag an Rannóg Dlí tacaíocht éifeachtach a chur ar fáil sa chaoi agus go bhfuil córais láidre i bhfeidhm i ngach gníomhaíocht den WRC.**

Maidir leis seo, cuireann an Rannóg comhairle ar an WRC maidir lena réimse leathan feidhmeanna ó bhreithiúnas go cigireachtaí, idir-réitigh, eadránacha agus soláthar faisnéise. Cuireann sé nuashonraithe dlí ábhartha an AE, riarachán, fostaíocht agus comhionannas ar fáil agus tacaíonn sé le hOifig Bhreithniúcháin agus leis an bhfoireann.

### 2021: Reachtaíocht agus Dlí-Eolaíocht

Bhain go leor d'obair an Rannáin i 2021 le feidhm bhreithiúnais an WRC. Maidir leis seo, ba bhliain an-ghnóthach a bhí ann don Rannóg Dlí le gan níos lú ná cúig déag píosa nua reachtaíochta lena n-áirítear Acht um Chaidreamh san Áit Oibre (Forálacha Ilghnéitheacha) 2021, a rinne athrú bunúsach ar nósanna breithiúnais an WRC. Maidir le reachtaíocht, den dáréag Chúirt Uachtara a bhí beo i 2021, cinneadh an móramh díobh i bhfábhar go hiomlán nó i gcomhpháirt le taobh an WRC, nó tarraingíodh siar iad. Bronnadh costais i bhfábhar an WRC in dhá bhreithiúnas athbhreithnithe. Bhí an WRC rathúil freisin i gcúig nós imeachta a chosaint a tugadh os a chomhair sa WRC agus tharraing an gearánaí siar a nósanna imeachta in ábhar oidhreachta sa Chúirt Chuarda.

### Breithiúnas na Cúirte Uachtaraí

Maidir le tionchair, léirigh breithiúnas na Cúirte Uachtaraí i *Zalewski v. Oifigeach Breithniúcháin agus an WRC, Éire agus an tArd-Aighne* [2021] IESC 24 an fhorbairt riaracháin, nós imeachta agus oibríochta is suntasaí maidir leis an tseirbhís bhreithniúcháin den WRC ón am gur bunaíodh é. Tugadh an breithiúnas sa dúshlán bunreachtúil tábhachtach seo in Aibreáin 2021 ag an gCúirt Uachtarach agus ag aimsiú go raibh an WRC ag 'riar an chirt' ach ní raibh an méid sin ceadmhach faoi Airteagal 37 den Bhunreacht a chruthaíonn stratam comhlachtaí a mbíonn cumhachtaí teoranta acu agus feidhmeanna de nádúr dlíthiúla. Ní mór do chomhlachtaí den tsórt sin (lena n-áirítear an WRC), atá mar chuid de reachtanna, nósanna cothroma a oibriú ar an mbealach céanna le cúirt.

D'aimsigh an Chúirt Uachtarach dhá thoradh maidir le reachtaíocht 2015 ag leagan béim ar an WRC, is iad sin easpa cumhachta chun fianaise a ghlacadh faoi mhionn nó cion as teistiméireacht bhréagach a chur ar fáil roimh an WRC, agus bhí éagmais éisteachtaí cloiste go príobháideach, a bhí neamhréireach leis an mBunreacht. Fuair an Chúirt i bhfabhar an WRC maidir le dúshlán do na cáilíochtaí a bhí ag teastáil ó na hOifigigh Bhreithniúcháin. Fuarthas freisin nach raibh an tagairt follasach don chumhacht croscheistiú míbhunreachtúil agus tugadh faoi deara gur tharla croscheistiú i gcleachtadh agus bhí an fhoráil seo soiléir ó Guidance for WRC Adjudications published in 2015.

Bhí éifeacht láithreach ag an mbreithiúnas. Thar oíche, bhí gá le héisteachtaí an WRC go poiblí a thug dúshlán dúinn ó tharla gur reáchtáladh éisteachtaí ag an am sin (agus i rith an chuid is mó de 2021) go fíorúil den chuid is mó. D'fhreagair an WRC gan mhoill agus d'fhoilsigh sé sceidil éisteachta do bhaill an phobail chun iarratas a dhéanamh ar shonraí logála agus iad a sheoladh chucu. B'éigean foráil idirthréimhseach a dhéanamh do chásanna íogaireacha mar shampla, iad sin a raibh nochtadh cosanta i gceist a rinneadh ar bhonn rúnda nó líomhaintí ciapadh gnéasach le bheith go príobháideach.

Iarmhairt sa bhreis den bhreithiúnas ba ea na cinntí nach mbeadh anaithnid le cloí leis na riachtanais bhunreachtúla de 'cheartas oscailte'. Mar sin, b'éigean líon ar leith de chásanna a chur ar athló ar feitheamh reachtaíocht nua chun ligean do pháirtithe iarratas a dhéanamh a gcuid sonraí a dhéanamh anaithnid ar fhoras go mbaineann 'cúinsí speisialta' leis an ábhar.

Maidir le hábhair ar a éisteacht cuid dhó agus ábhair nua, bhí dúshlán breise ag an WRC cibé ar chóir gach éisteacht a chur ar ceal agus fanacht le reachtaíocht leasúcháin nó leanúint ar aghaidh faoi réir roinnt leasúcháin. Agus iad aireach ar dhualgas chun réiteach éifeachtach gan mhoill mhíchúí a chur ar fáil, glacadh leis an gcúrsa deireanach agus spreagadh páirtithe a gcuid éisteachtaí réamhsceidealaithe a choimeád agus an deis a thapú na saincheisteanna a chúngú, treoracha a lorg, nó tarchur eadrána a réiteach, a tharraingt siar nó a lorg. Chuir go leor páirtithe fáilte roimh an gcur chuige seo seachas bog sheasamh agus an WRC ag fanacht le reachtaíocht nua a thugann cumhacht dó fianaise a ghlacadh faoi mhionn etc.

Mar sin féin, mar atá leagtha amach thuas, ní fhéadfadh gach gearán dul ar aghaidh mar sin agus cuireadh beagnach 400 cás ar athló sine die go dtí go n-achtaítear an reachtaíocht leasaitheach ó tharla gur mheas na hOifigigh Bhreithniúcháin le seisin den chás nach bhféadfaí leanúint ar aghaidh gan an fhianaise sa chás a éisteacht faoi Mhionn nó faoi dhearbhu. Maidir le hábhair inar éisteacht cuid dhó (i.e., éisteachtaí a cuireadh tús leo roimh an bhreithiúnas ach nach bhfuil curtha i gcrích go fóill) lena bhaineann coinbhleacht fianaise dhíreach, rinne an WRC treoir beartais chun breithiúnas na Cúirte Uachtaraí a léiriú. Bhí an treoir sin faoi réir dhúshlán ina dhiaidh sin in athbhreithniú dlíthiúil *Burke v WRC, AO* agus *Arthur Cox (Fógra Páirtí) 2021 IEHC 677*. Ina bhreithiúnas an 11 Samhain 2021 dhíbhinn *Simons J* an t-athbhreithniú breithiúnach go hiomlán agus aithníodh an dúshlán roimh an WRC agus an breithiúnas á chur i bhfeidhm agus rinne siad dianiarracht torthaí na Cúirte Uachtaraí a chur i bhfeidhm le hintinn mhaith. Dosheachanta, chiallódh an méid sin go mbeadh ar bheagán cásanna Oifigigh Bhreithniúcháin iad féin a athrú sa chaoi agus go mbeadh Oifigeach Bhreithniúcháin nua an obair a dhéanamh go cothrom agus an fhianaise a chloisteáil faoi mhionn.

D'aontaigh *Simons J* le cur chuige an WRC agus thug sé faoi deara *"Chun muinín a chinntiú sa phróiseas, bhí sé go hiomlán réasúnach go mbeadh an éisteacht nua á ndéanamh ag oifigeach breithniúcháin difriúil nár chuala aon fhianaise neamh-mhionnaithe a cuireadh isteach roimhe sin. Ní bheadh meastúcháin cosúil le háiseanna riaracháin, éifeachtúlacht nó moill ag fáil an ceann in uachtar ar an riachtanas go bhfuil ceart déanta ach go bhfuil sé feicthe é a bheith déanta."* Leag sé béim freisin ar an bhfíric nár chóir d'iarratasóirí a bheith ag súil go ndéanfadh na cúirteanna ábhair eatramhacha gnásacha a bhainistiú go mion, agus go mba chóir gach meicníocht reachtúil achomharc a úsáid i bhformhór na gcásanna.

## Acht um Chaidreamh san Áit Oibre (Forálacha Ilghnéitheacha) 2021

An 29 Iúil 2021 cuireadh tús le hAcht um Chaidreamh san Áit Oibre (Forálacha Ilghnéitheacha) 2021. Tugann an tAcht cumhacht don WRC fianaise a ghlacadh faoin mhionn agus chruthaigh sé cionn éithigh, mar aon leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éithigh agus Cionta Gaolmhara) 2021, a tháinig i bhfeidhm an 28 Iúil.

Déanann an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre (Forálacha Ilghnéitheacha) 2021 socrú maidir le héisteachtaí le bheith go poiblí agus páirtithe a bheith ainmnithe i gcinntí murach gur mheas an tOifigeach Breithniúcháin gur bharántaigh a tairiscint féin nó ar iarratas ó na páirtithe ‘cúinsí speisialta’ éisteacht phríobháideach agus/nó an cinneadh le déanamh anaithnid go hiomlán nó i bpáirt.

A mhíniú do pháirtithe conas a n-oibreodh an reachtaíocht nua seo, d’eisigh an WRC ceithre chineál treoracha nua:

- a bheith mar fhinné ar threoirlínte an mhionna agus dearbhuithe a aistríodh go deich dteanga<sup>5</sup>;
- treoir ar éisteachtaí poiblí agus an téarma ‘cúinsí speisialta’<sup>6</sup>;
- treoir nuashonraithe ar an iarratas de bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí go háirithe maidir le cásanna a páirtéisteadh<sup>7</sup>; agus
- treoir nuashonraithe ar bhreithiúnais sular thug an WRC isteach creatam le haghaidh fianaise agus aighneachtaí le lóisteáil 15 lá oibre roimh na héisteachta sa chaoi agus go mbeidh na páirtithe agus na hOifigigh Bhreithniúcháin in ann ullmhú i gceart d’éisteachtaí ar leas na nósanna cothroma<sup>8</sup>.

Go himheánach, cuireadh oiliúint agus treoir ar fáil don Rannóg dóibh siúd a riarann gearáin agus do na hOifigigh Bhreithniúcháin a chuireann an dlí nua i bhfeidhm.

## Treoirlínte maidir le Breithniúcháin a chur siar

Ar leithligh, i mí Iúil 2021, d’eisigh an WRC treoirlínte nua ar iarratais a chur siar<sup>9</sup> agus agóidí in aghaidh éisteachtaí cianda<sup>10</sup>. Ó tharla Covid-19, bhí líon na mbreithniúcháin a cuireadh siar sách ard i 2021 (féach thuas) agus aithníodh beartas nua de réir mar is gá chun an próiseas a nuachóiriú agus páirtithe a shoiléiriú agus meicníocht achomharctha éifeachtach a chur ar fáil do pháirtithe le breis soiléiriú.

## For-rochtain

Lean an Rannóg Dlí lena chlár for-rochtana chun dul i mbun comhairle le páirtithe leasmhara agus faisnéis a scaipeadh, atá ar cheann de phríomhfheidhmeanna an WRC. I mí Mheán Fhómhair 2021, chuir an Rannóg ionchuir ar fáil do phodchraoladh dlí, chuir sé oiliúint ar fáil do DPER maidir le riaradh cirt, chuir sé Seisiún Iomlánach Idirghníomhaireachta i láthair ar éisteachtaí cianda, labhair ag comhdháileacha dlí agus chuir sé seisiún oiliúna d’Oifigigh Bhreithniúcháin agus don fhoireann i gcaitheamh na bliana.

## Cosaint Sonraí

Tacaíonn an Rannóg lena chomhghleacaithe maidir le Saoráil Faisnéise agus Cosaint Sonraí. Feidhmíonn an chomhairleoir dlí mar Oifigeach um Chosaint Sonraí (“DPLO”) don WRC agus déanann sé teagmháil leis an Oifigeach um Chosaint Sonraí maidir le gach fadhb um chosaint sonraí. Cuirtear comhairle ar an DPLO faoi aon shárú ar shonraí agus tugann sé comhairle faoi nuashonraithe beartais ar ábhair um chosaint sonraí agus ceisteanna maidir le GDPR.

5 [Treoirlínte Finné an WRC - an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre](#)

6 [Acht um Chaidreamh san Áit Oibre \(Forálacha Ilghnéitheacha\) 2021- an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre](#)

7 [Breithiúnas na Cúirte Uachtaraí: Tionchar ar Bhreithiúnais an WRC, Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 agus Reachtanna lena bhaineann -an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre](#)

8 [Nósanna Imeachta i mBreithiúnas agus Cigireachtaí de Ghearáin Fostaíochta agus Comhionannais - an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, an 21 Nollaig 2021.](#)

9 [An Beartas um Chur Siar - an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre](#)

10 [Agóidí d’Éisteachtaí Cianda - an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre](#)

## Athbhreithniú ar Mholtaí agus ar Chinntí Breithniúcháin an WRC 2020

Le cúnamh na n-intéirneach um céimithe dlí agus taighde dlí AI, rinne an Rannóg Dlí an chéad athbhreithniú dlí-eolaíochta de chuid an WRC don bhliain acadúil a rinne dlí-eolaíocht an WRC 2020 a anailísiú<sup>11</sup>. Déanann an tuarascáil scrúdú ar ghearáin a rinneadh chuig an WRC maidir leis: briseadh síos ar ghearáin; ionadaíocht an pháirtí; agus gradaim a bronnadh (airgeadais agus gníomhaíocht araon). Ba iad seo a leanas na príomhthorthaí: Bhronn an WRC €5,152,152.37 ar fad i 2020; ba é an meánghradam ar an iomlán ná €5,117.42; agus bhí thart ar 181 gearán rathúil inar bronnadh gradam neamhairgeadaíochta - i bhfocail eile, tugadh treoir “gníomhú ar leith” a dhéanamh nó a mholadh.

Maidir le briseadh síos ar ghearáin, thug an tuarascáil faoi deara gur dearnadh formhór na ngearán faoi Acht um Eagrú Ama Oibre 1977, le 577 gearán. Tháinig Acht um Dífhostú Éagórach 1977 ina dhiaidh sin le 454 gearán, agus Acht Caidrimh Thionscail 1969 le 354 gearán.

D’fhéach an tuarascáil ar ionadaíocht an pháirtí roimh an WRC agus fuair sé an méid seo: bhí ionadaíocht tríú páirtí ag 1305 páirtí (47%). Bhí 1255 páirtí le féinionadaíocht, inar briseadh síos mar seo a leanas: 716 (57%) gearánaí agus 539 (43%) freagróir.

---

11 [Athbhreithniú ar Mholtaí agus ar Chinntí Breithniúcháin an WRC - an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre](#)

## AGUISÍN

## 1

## Clár Oibre 2021: Torthaí

## Idir-Réitigh, Comhairleoireacht agus Eadráin

Aidhmeanna don Chlár Oibre	Gníomh/Taisc	Creatam Seachadta	Na hPríomhthásairí Feidhmíochta	Torthaí
<b>Seirbhís idir-réitigh tráthúil, éifeachtach agus éifeachtúil a chur ar fáil agus a chinntiú go mbíonn freagra ar éileamh agus ag coimeád gach seirbhís a sheachadadh</b>	Idir-Réitigh aghaidh ar aghaidh agus go fóruil a chur ar fáil i gcreatam iomchuí chun réiteach a áisiú de dhíospóidí i gcaidrimh thionscail. Dul i dteagmháil go gníomhach le húsáideoirí seirbhíse chun tacaíocht agus cúnamh a chur ar fáil i gcaidrimh thionscail dhearfacha	De réir mar is gá do chliaint i gcaitheamh 2021	Ráta ard ratha a choimeád chun díospóidí i gcaidrimh thionscail a réiteach.	Bhí ráta 86% ratha ag idir-réitigh agus áisiú – cosúil nach mór le ráta ratha 2020.

Aidhmeanna don Chlár Oibre	Gníomh/Taisc	Creatam Seachadta	Na hPríomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
<b>Úsáid an chliant a fheabhsú de sheirbhísí eadrána ábhartha an WRC</b>	Leibhéal sheachadta i seirbhís eadrána a choimeád agus é mar aidhm clúdach úsáide a mhéadú agus níos mó eadráin a chur ar fáil go réigiúnach más gá	I gcaitheamh 2021	Ag brath ar shrianta leanúnacha Covid-19 déan leibhéal nua rannpháirtíochta a athbhreithniú agus a athnuachan sa phróiseas eadrána a choimeád agus a mhéadú más féidir. Próiseas comhairliúcháin déanta. Triáis déanta ar chásanna go héifeachtach agus go héifeachtúil chun laghdú a thabhairt isteach i líon na gcásanna a théann ar aghaidh chuig próiseas athbhreithnithe in éilimh atá i gceartabhunúsacha.	Teagmhálacha suntasacha ar ghearáin a cuireadh isteach chun eadráin a aithint agus a chur ar fáil de réir mar is cuí agus de réir éilimh
<b>Cathaoirleach a dhéanamh ar chaidrimh thionscail dhifriúla agus reachtúla agus iad a áisiú san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí</b>	Díospóireachtaí a áisiú go tráthúil. Cabhrú le páirtithe ceisteanna a fhreagairt de réir nósanna imeachta agus oibríochtaí mar atá leagtha amach i dtéarmaí tagartha comhaontuithe	I gcaitheamh 2021	Gach ceist a ardaítear a sheachadadh, a oibriú agus a chur i gcrích go héifeachtach a ardaítear de réir na bprótacal agus na nósanna imeachta le haontú na bpáirtithe	Cuireadh gach iarratas ar chúnamh ar fáil go hiomlán
<b>Cumarsáid dhéthro éifeachtach a chinntiú le cliant príomha</b>	Comhrá éifeachtach a choimeád le príomhchliant i ngach réigiún agus go náisiúnta	Gach uair i 2021	Na cainéil chumarsáide a choimeád ag oibriú go héifeachtach	Comhrá leanúnach coimeáda i gcaitheamh 2021
<b>Caidrimh san áit oibre atá suíomhoiriúnaithe a fheabhsú</b>	Athbhreithnithe de chaidrimh thionscail a dhéanamh, cathaoirleach a dhéanamh de chomhghrúpaí oibre, réiteach na ndíospóidí ar leith a áisiú lena n-áirítear atreoruithe faoin Acht IR 2015	I gcaitheamh 2021	Clár a sheachadadh go saincheaptha agus go héifeachtach, sástacht úsáideoir seirbhíse ard, caidrimh san áit oibre a fheabhsú	Cúnamh curtha ar fáil de réir mar ba ghá chun ardtoradh agus leibhéal sástachta a bhaint amach
<b>Comhroinnt eolais san áit oibre a chur ar fáil</b>	Clár oideachasúla a fhorbairt agus a chur ar fáil ina bhfuil béim ar phrionsabail um chaidrimh thionscail agus caidrimh oibre	I gcaitheamh 2021	Ardshástacht cliant – tuiscint níos fearr ar cheisteanna agus caidrimh thionscail níos fearr	7 gclár oideachais oiliúna curtha ar fáil i gceardlanna fíorúla agus aghaidh ar aghaidh



Aidhmeanna don Chlár Oibre	Gníomh/Taisc	Creatam Seachadta	Na hPríomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
<b>Athbhreithniú aistriú An Gharda Síochána i bpróisis an WRC</b>	Obair le páirtithe maidir leis an aistriú leanúnach san seirbhís WRC	I gcaitheamh 2021	Aistriú iomlán bainte amach	Aistriú bainte amach
<b>Córas bainistíochta idir-réitigh nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm</b>	Obair le comhghleacaithe an WRC chun an córas nua a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt	I gcaitheamh 2021	Córas go hiomlán oibríoch mar a dearadh	Dul chun cinn suntasach déanta chun an córas a fhorbairt i 2022

### Faisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí

Aidhmeanna don Chlár Oibre	Gníomh/Taisc	Creatam Seachadta	Na hPríomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
<b>Faisnéis neamhthreorach a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí an WRC go ginearálta, reachtaíocht fostaíochta agus meicníochtaí ceartuithe trí éagsúlacht formáid sheachadta</b>	Freagra ar ardchaighdeán, inrochtana agus dírithe ar chustaiméirí agus furasta le húsáid ar An nguthán, ar ríomhphost, post bán agus ar fhiosrúcháin chearta fostaíochta eile	I gcaitheamh 2021	90% de cheisteanna pléite ag an gcéad fhiosrúchán	55,810 glaonna agus 6,815 ríomhphost pléite
	Rannpháirtíocht dírithe a chomhordú san WRC ag Seimineáir dlí, cur i láthair, taispeántais taistil, seimineáir, etc	I gcaitheamh 2021	Príomhimeachtaí aitheanta, sprioctheachtaireachtaí seolta go héifeachtach agus go héifeachtúil	Ghlac an WRC páirt i bhfeachtas an AE #Rights4AllSeasons
	Úsáid bainte as ardáin na meán sóisialta chun feasacht a mhéadú ar reachtaíocht Fostaíochta, cinní ábhartha, gníomhaíochtaí/ téarmaí tagartha an WRC agus chun meicníochtaí ceartaithe an WRC a chur chun cinn don phobal.	I gcaitheamh 2021	Feasacht níos mó den WRC agus a seirbhísí/ téarmaí tagartha ag úsáid cuntais na meán sóisialta  Príomhimeachtaí, laethanta, feachtais, taighde agus sonraí a aithníodh agus go héifeachtach a fhoilsítear ar na meáin shóisialta  10% méadú bliain ar bhliain maidir le leantóirí ar ardáin na Meáin Shóisialta de chuid an WRC  Naisc shoiléire idir phoist agus atreoruithe / teagmhálacha	3.4m amharc ar an ngréasán, méadú ar na meáin shóisialta i gcaitheamh 2021

Aidhmeanna don Chlár Oibre	Gníomh/Taisc	Creatam Seachadta	Na hPríomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
<b>Próiseáil éifeachtach de ghearáin agus d'iarratais chuig an WRC</b>	Déantar gach gearán a phróiseáil go tráthuile agus go héifeachtach agus atreoraítear iad sa bhfóram atreoruithe iomchuí	I gcaitheamh 2021	Déantar gach gearán reatha a phróiseáil go héifeachtach le 90% de chomhaid Cruthaithe laistigh de 10 lá oibre agus freagróir curtha ar an eolas	<b>12,000 gearán ar leith próiseáilte</b>
<b>Straitéis Chumarsáide agus For-rochtana a Sheachadadh</b>	Gníomhaíochtaí WRC a aithint (lena n-áirítear for-rochtain ríomhfoirme) ar féidir a úsáid chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht a fheabhsú den WRC go ginearálta	I gcaitheamh 2021	Feasacht a mhéadú agus tuiscint ar an WRC, a aitheantas, a ról agus a fheidhmeanna, maidir le caidrimh thionscail, cearta fostaíochta, ábhair chomhionannais agus stádas cothrom	<b>4 chur i láthair for-rochtana curtha ar fáil i gcaitheamh 2021</b>
	Feachtais iomlán ar Stádas Cothrom ar an ról ar leith den WRC maidir le gearáin idirdhealaithe a bhaineann le mionlach eitneach agus na pobail LADT chun soláthar faisnéise do phobail agus a n-eagraíochtaí ionadaithe agus cosaint chearta	Ag deireadh 2021	Feasacht a mhéadú de ról an WRC sa réimse seo agus méadú in atreoruithe ábhartha don WRC	<b>D'fhreastail Faisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí ar oiliúint feasachta churtha ar fáil ag LADT Éireann i 2021</b>
	Treoracha agus teimpléid priontáilte saincheaptha a ullmhú d'fhostaithe agus d'fhostóirí	Q3 2021	Treoracha agus teimpléid seolta agus úsáidte agus rochtain orthu	<b>For-rochtain shuntasach bainte amach le hábhar priontáilte breise curtha ar fáil</b>

## An tSeirbhís Cigireachta agus Forfheidhmithe

Aidhmeanna don Chlár Oibre	Gníomh/Taisc	Creatam Seachadta	Na hPríomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
<b>É a chur chun cinn</b>	<p>Cigireachtaí bunaithe ar riosca, cigireachtaí bunaithe ar ghearáin, le comhlachtaí Stát eile de réir mar is cuí</p> <p>Cionta a ionchúiseamh, de réir mar is gá, faoin reachtaíocht fostaíochta</p> <p>Géilliúntas a eisiúint agus a phróiseáil (mar is infheidhme) 1 agus fógraí Íocaíocht Seasta agus achomhairc a chosaint ar Fhógraí Géilliúlachta</p>	<p>I gcaitheamh 2021</p> <p>I gcaitheamh 2021</p> <p>I gcaitheamh 2021</p>	<p>4,432 cigireacht san áit oibre curtha i gcrích</p> <p>Ráta ionchúisimh rathúil de 90%</p> <p>Fógraí eisithe go cuí agus le héifeacht. Achomhairc chosanta.</p>	<p>As na 4,432 cás a cuireadh i gcrích bhí 2,722 (61%) neamhfhogartha</p> <p>Ciontaíodh 89 fostóir sa Chúirt Dúiche</p> <p>Eisíodh 3 Fhógra Íocaíochta Seasta i 2021</p>
<b>Díriú fócasaithe ar fhostóirí, earnálacha agus réigiúin neamh-chomhlíontacha</b>	Socrúithe roghnú riosca nua a úsáid do chásanna Cigireachta	Lár 2021 ar aghaidh	Beidh 25% de chigireachtaí dírithe ar fhostóirí ardriosca	Dhírigh an WRC ar earnálacha ar leith de réir mheabhrán tuisceana an WRC/ HSA RWTS
<b>Cuir gradaim i bhfeidhm a thagann as cinntí na nósanna imeachta de chuid Breithniúcháin agus na Cúirte Oibreachais</b>	Coinneáil le forfheidhmiú sibhialta maidir le cinntí agus gradaim a thagann as cinntí na nOifigeach Breithniúcháin agus na Cúirte Oibreachais maidir le breithniúchán agus cigireacht agus iad a chur ar aghaidh do hionchúisimh más gá	I gcaitheamh 2021	Coinnítear le cinntí agus gradaim ar bhealach a uasmhéadaíonn éifeachtúlacht agus éifeachtacht	71 cás dúnta
<b>Ceadúnais a eisiúint agus reachtaíocht a chur i bhfeidhm maidir le Gníomhaireachtaí Fostaíochta agus Daoine Óga a fhostú</b>	Ceadúnais próiseáilte agus eisithe ar bhealach dlíthiúil agus éifeachtach	I gcaitheamh 2021	Próiseáiltear iarratais 21 lá tar éis iad a ghlacadh	Eisíodh 820 ceadúnas gníomhaireacht fostaíochta agus 544 ceadúnas a thug údarás do leanaí a fhostú
<b>Comhoibriú le gníomhaireachtaí forfheidhmithe</b>	Oiliúint, malartuithe foirne, comhchigireachtaí a áisiú, agus sonraí iomchuí a roinnt, athbhreithniú ar MoUanna lena chinntiú go bhfuil siad reatha, bailí agus go ngéilltear do riachtanais GDPR	I gcaitheamh 2021	Gníomhaíochtaí rathúla mar bhun agus thaca le reachtaíocht agus MoUanna iomchuí. Gach MoU a athbhreithniú agus a athnuachan más gá.	Baineadh amach 57 comhchigireacht le gníomhaireachtaí Stát eile

Aidhmeanna don Chlár Oibre	Gníomh/Taisc	Creatam Seachadta	Na hPríomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
<b>Feachtais dírithe a dhéanamh sna hearnálacha aitheanta</b>	Feachtais déanta go héifeachtach agus go héifeachtúil	I gcaitheamh 2021	Géilliúntas tionchair dearfach agus feasacht a chruthú/a chur chun cinn de chearta agus dualgais ábhartha	Mar aon le feachtas cigireachta mar thacaíocht ar an bprótacal Náisiúnta um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte agus an prótacal Obair go Sábháilte ina dhiaidh sin, ghlac cigirí páirt i bhfeachtais ar nós feachtas an AE #Rights4AllSeasona, feachtais EPMACT in aghaidh dúshaothrú oibre, iascaireacht, gairneoireacht agus próiseáil feola
<b>Clár oiliúna agus eolais SME chun géilliúntas a fheabhsú go ginearálta</b>	Obair le hAonad Cumarsáide agus Eolais le clár éifeachtach agus éifeachtúil a chinntiú	I gcaitheamh 2021	Géilliúntas a fheabhsú trí fheachtais dhírithe	Feachtas na meán sóisialta a rinneadh maidir le cearta na n-oibrithe óga
<b>Comhoibriú le gníomhaireachtaí Idirnáisiúnta ar réimsí le spéis chomhchoiteann ann</b>	Obair le gníomhaireachtaí, ardáin agus údaráis le comhaidhmeanna ar nós na heagraíochtaí Oibreachais Idirnáisiúnta, Údarás Oibreachais Eorpach, ardán Eorpach d'obair neamhdhearbhuithe, EUROPOL	I gcaitheamh 2021	Freastail ar gach seisiún iomlánach atá ainmnithe mar Bhall Éireannach/toscaire/saineolaí, cúnamh iomchuí a chur ar fáil do chlár	Ghlac an WRC páirt i líon comhdhálacha agus ceardlanna ELA agus Ardán an AE um Obair neamhdhearbhuithe mar aon le Bord ELA agus Ardán an AE um Obair neamhdhearbhuithe iomlánacha

## Breithiúnas

Aidhmeanna don Chlár Oibre	Gníomh/Taisc	Creatam Seachadta	Na hPríomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
<b>Plé le himpleachtaí a éiríonn as srianta na paindéime a cuireadh i bhfeidhm i 2020</b>	Oifigigh Bhreithniúcháin a chur ar fáil le tacaíocht iomlán riaracháin agus an forléargas chun an aidhm a bhaint amach	I gcaitheamh 2021	Plé le haon iomadú a bhaineann le Covid-19	Leibhéil seirbhíse curtha ar fáil
<b>Cur chuige a mheas le plé le hardú measta de líon na ngearán i rith 2021</b>	Acmhainní riaracháin iomchuí a choimeád agus cainníocht agus infhaighteacht a athbhreithniú de mholtóirí le hinniúlacht a chinntiú.	Deireadh 2020 ar aghaidh	Cur chuige struchtúrtha i bhfeidhm le plé le gearáin iomarcaíochta agus méadú measta go ginearálta	Próisis curtha in oiriúint de réir mar is gá
<b>Mionaighneachtaí a fháil isteach go luath</b>	Obair le páirtithe leasmhara chun forbairt ar theimpléid a bhaint amach nó aighneachtaí a thástáil le foilsíú ar an suíomh gréasáin	I gcaitheamh 2021	Aighneachtaí feasachta a fuarthas go tráthúil	Obair i gcomhair le páirtithe leasmhara ar mhaithe le barr feabhais a bhaint amach
<b>Cinntí ar ardchaighdeán a chur ar fáil</b>	Déanfaidh Grúpa Athbhreithnithe Rialú Cáilíochta athbhreithniú ar chinntí chun pointí foghlamtha a aithint, comhsheasmhacht cinntí a chinntiú i gcomhlíonmhaireacht, an tseirbhís a fheabhsú a chuirtear ar fáil do chustaiméirí na Seirbhísí Breithniúcháin.	I gcaitheamh 2021	Eisítear cinntí ar ardchaighdeán go tráthúil, faoi réir acmhainní atá ar fáil  Caighdeán breithniúcháin de chuid an WRC atá aitheanta go himmheánach agus go seachtrach	Glacadh le cinntí in 82% de chásanna agus as an 18% de chásanna a achomharcadh sa Chúirt Oibreachais, seasadh le 62% agus cuireadh níos lú ná 20% ar ceal  Rialú cáilíochta coimeádta

**Seirbhísí Corparáideacha, Straitéise agus Digiteacha**

<b>Aidhmeanna don Chlár Oibre</b>	<b>Gníomh/Taisc</b>	<b>Creatam Seachadta</b>	<b>Na hPríomhtháscairí Feidhmíochta</b>	<b>Torthaí</b>
<b>Creatfhráma rialachais dlúth a choimeád san WRC</b>	Maoirseacht a dhéanamh ar chaighdeáin inmheánacha/beartais/nósanna imeachta agus monatóireacht a dhéanamh orthu	I gcaitheamh 2021	Rialachas corparáideach san WRC de réir dea-chleachtas	Rialachas corparáideach dlúth curtha ar fáil i gcaitheamh 2021
<b>Cinntigh go ndéanann an WRC feidhmeanna reachtúla laistigh den bhuiséad</b>	Maoirseacht a dhéanamh ar chaiteachas éifeachtach agus éifeachtúil, monatóireacht a dhéanamh ar éileamh ar sheirbhís agus leibhéil ghníomhaíochta agus dul i dteagmháil go rialta le DBEI maidir leis seo	I gcaitheamh 2021	Clár oibre bainte amach atá faoi réir ag úsáid cheart leithdháileadh buiséid	Foinsí curtha ar fáil laistigh den bhuiséad
<b>Go mbeidh solúbthacht feidhmiúil ag an WRC</b>	Cinntigh go dtugann an WRC freagra gan mhoill ar éileamh athraitheach agus patrúin acmhainní sa réimse iomlán de ghníomhaíochtaí.	I gcaitheamh 2021	An WRC in ann freagairt gan mhoill ar éileamh na Rannán maidir le pátrúin acmhainní a bheag nó a mhór	D'fhreagair an WRC d'éilimh athraitheacha i gcaitheamh 2021
<b>An cultúr feidhmíochta pleanála gnó, straitéiseach agus riosca bhunaithe den WRC a bhainistiú ar gach leibhéal den eagraíocht</b>	Cabhrú chun straitéis an Bhoird agus Clár Oibre a chur i bhfeidhm go Corparáideach, sa Roinn, san Aonad agus pleananna gnó pearsanta, bearta agus beartaíocht choisctheach a ghlacadh in aghaidh rioscaí agus tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn go MC agus an Bord ar bhonn rialta	I gcaitheamh 2021	An WRC ag obair laistigh de chreatobair straitéiseach agus plean gnó soiléir	Tá creatobair riosca agus gnó go hiomlán i bhfeidhm
<b>Cur leis an díospóireacht beartais agus é a chur ar an eolas faoi fhorbairtí um chaidreamh san áit oibre</b>	I gcomhairle le Rannáin eile réimsí a aithint d'ímní beartais agus ionchur go ceapadh beartais	I gcaitheamh 2021	Ionchur curtha ar fáil agus tuiscint bainte as	Ionchur curtha ar fáil
<b>Réigiún WRC an Deiscirt ag cur seirbhís iomlán ar fáil in áitreabh an WRC</b>	Obair le hOifig na nOibreacha Poiblí le cinntiú gur féidir le réigiún an deiscirt den WRC gach seirbhís WRC a chur ar fáil faoi Q2	Q2 2021	An Oifig ag obair go hiomlán	Oifig Chorcaigh go hiomlán ag feidhmiú, is féidir an sraith iomlán de sheirbhísí an WRC a chur ar fáil
<b>Caighdeánú: Déan monatóireacht ar chórais TCF lena chinntiú go n-éascaíonn siad seirbhísí WRC go héifeachtach agus go héifeachtúil</b>	Athbhreithniú a dhéanamh go ráithiúil agus nuashonraigh más gá (laistigh den bhuiséad)	I gcaitheamh 2021	Córais TFC in úsáid atá furasta le húsáid agus ag obair go héifeachtúil agus go héifeachtach	Monatóireacht leanúnach de chórais

Aidhmeanna don Chlár Oibre	Gníomh/Taisc	Creatam Seachadta	Na hPríomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
<b>Cur le Córas Faisnéise um Chaidreamh Tionsclaíoch (IRIS)</b>	Obair i gcomhair le DE TE, Codec agus páirtithe inmheánacha chun córas bainistíochta atá furasta le húsáid a chríochnú do Chomhréiteach agus Eadráin san Áit Oibre.	Q4 2021	Córas ag feidhmiú	An Tionscadal ag dul chun cinn le seachadadh i 2022
<b>Tairseach Tógála</b>	Céim 1 de Thairseach an Ghréasáin beo	Q3 2021	Foirm an ghréasáin curtha i bhfeidhm	An tionscadal ag dul chun cinn. Foirm ghearáin an ghréasáin le seachadadh i Q2 2022
	Céim 2 de Thairseach an Ghréasáin beo	Q4 2021	Cáipéis uaslódáilte	
<b>Uathobriú:</b> <b>Ag gearáil teicneolaíocht chun éifeachtúlachtaí a fheabhsú agus úsáid acmhainní</b>	Oibreoidh an WRC le DE TE chun úsáidí féidearthachtaí a fhiosrú faoi uathobriú próisis sa chás ina fhaightear gearán go luath	Q1 2021	Úsáidí féideartha aitheanta agus straitéis meántéarmach forbartha, treoirscéim curtha ar fáil Q1 2021	Obair scóipe maidir le féidearthacht an phróisis uathobrithe déanta. Obair le leanúint ar aghaidh i 2022
<b>Anailísíocht Sonraí:</b> <b>Úsáid a bhaint as anailísíocht sonraí chun an bhainisteoir a chur ar an eolas níos fearr faoi chinntí a dhéanamh</b>	Uirlis Roghnaithe. Túsdeaiseanna deartha agus ar fáil	Q1 2021 ar aghaidh	Úsáid iomlán bainte as anailísíocht i gcinnteoireacht	Túsdeaiseanna deartha. Obair le leanúint ar aghaidh i 2022
	Obair le Tionscadal Múnlaíthe Riosca Cigireachta chun cabhrú le córas measúnachta TF riosca a thógáil más gá	Q2 2021	Samhail riosca i bhfeidhm	Ag feidhmiú
	Straitéis Chumarsáide a fhorbairt chun tacú le haidhmeanna gnó an WRC	Q1 2021	Straitéis forbartha agus faofa. Tacaíonn an straitéis le haidhmeanna gnó na Rannán	Feabhas suntasach ar Chumarsáidí comhoibrithe

Aidhmeanna don Chlár Oibre	Gníomh/Taisc	Creatam Seachadta	Na hPríomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
<b>Cumarsáidí</b>	<p>I gcomhairle leis na Rannáin ábhartha, ábhar agus feachtais Chumarsáidí an WRC a phleanáil, a sheachadadh agus a thomhais go réamhghníomhach. Aithneoidimid agus cuirfimid líon feachtais ar thús cadhnaíochta ar fáil, feachtas comhionann agus an ról den WRC i dtéarmaí gearáin idirdhealuithe a bhaineann leis an bpobal mionlach eitneach agus an pobal LADT+</p> <p>Comhoibrigh le DETE agus Aonaid eile Chumarsáide de chuid an Rialtais</p>	<p>I gcaitheamh 2021</p> <p>I gcaitheamh 2021</p> <p>I gcaitheamh 2021</p>	<p>Tá ábhar WRC réamhphleanáilte, foilsithe agus tomhaiste</p> <p>Glac páirt i Lónra Cumarsáide GIS</p> <p>Twitter, LinkedIn agus suíomh gréasáin an WRC in úsáid go rialta chun tacú le pleananna gnó</p>	<p>Líon príomhfheachtais curtha i gcrích i 2021</p> <p>Dírith ar fheachtas stádas comhionann a sheachadadh i Q2 2022</p> <p>Rannpháirtíocht leanúnach le DETE</p> <p>Ábhar rialta forbartha agus curtha in airde ar na meáin shóisialta WRC-IE tá 2,100 leantóir ag an gcuntas Twitter agus tá 6140 leantóir ag LinkedIn. Sin méadú de 62% agus 26% faoi seach</p>
<b>Na Meáin Dhigiteacha</b>	<p>Cainéil na Meán Sóisialta forbartha:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>➤ Twitter</li> <li>➤ LinkedIn</li> <li>➤ WRC.ie</li> </ul>	<p>I gcaitheamh 2021</p>	<p>Suíomh gréasáin reatha, ábhartha agus in úsáid</p>	<p>Bhí 3.4 milliún amharc ar shuíomh gréasáin an WRC i 2021, méadú suntasach ó 2.6 milliún i 2020</p>



## Gnóthaí Dlí

Aidhmeanna don Chlár Oibre	Gníomh/Taisc	Creatam Seachadta	Na hPríomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
<b>Seirbhís dlí an WRC ag feidhmiú go héifeachtach agus go héifeachtúil</b>	Seirbhís dlí cuspóireach, neamhspleách agus sármhaith le cur ar fáil le struchtúir, nósanna imeachta agus próisis ghnó ag feidhmiú go héifeachtach	I gcaitheamh 2021	Seirbhís dlí bunaithe agus ag feidhmiú go hiomlán.	Seirbhísí dlí seachadta go héifeachtach agus go héifeachtúil gan níos lú ná cúig déag píosa nua reachtaíochta tugtha isteach
<b>Oiliúint dlíthiúil iomchuí a chur ar fáil don fhoireann agus do bhreithneoirí – cur chuige an-dhlíthiúil do gach gníomhaíocht den WRC</b>	Struchtúir agus riachtanais oiliúna a aithint agus a sheachadadh. Oiliúint a chur ar fáil d'fhoireann seirbhísí dlí de réir mar a éiríonn riachtanais agus lena chinntiú go mbaintear amach CPD	I gcaitheamh 2021	Oiliúint curtha i bhfeidhm agus Moltóirí tugtha cothrom le dáta ar dhlí-eolaíocht	Oiliúint curtha ar fáil i gcaitheamh 2021
<b>Cabhrú le Seirbhísí Breithniúcháin le Caighdeán agus Comhsheasmhacht a chinntiú</b>	Cruinnithe rialta ráthú caighdeáin rialta ar siúl ina n-ardaítear saincheisteanna, moltaí agus cuirtear treoir ar fáil.	I gcaitheamh 2021	Caighdeán feabhsaithe	Moltaí agus treoir curtha ar fáil i gcaitheamh 2021
<b>Seirbhísí dlí a bhainistiú a úsáidtear laistigh den WRC</b>	Seirbhísí dlí a chur ar fáil de réir mar is cuí (lena n-áirítear painéil do chomhairle dlí más gá)	I gcaitheamh 2021	Na córais ag feidhmiú i gceart	Bainistithe i gceart
<b>Comhairle dlíthiúil a bhainistiú agus a fhoráil go tráthúil, go héifeachtach agus go dlúth i ngach gné d'ábhair dlí roimh an WRC agus a bhaineann leis an WRC</b>	Comhfhreagras a mheas, comhairle a chur ar fáil, an Chomhairle a chur ar an eolas más gá, dul chun cinn cásanna a bhainistiú agus na torthaí, dul i dteagmháil le CSSO, AGO agus DBEI ar cheisteanna dlí de réir mar is cuí.	I gcaitheamh 2021	Bainistíonn an WRC ábhair dlí go héifeachtach agus go héifeachtúil. Tá ról éifeachtach ag an WRC i bhforbairtí reachtaíochta ábhartha	Comhairle ar ardchaighdeán a chur ar fáil
<b>Bunachar sonraí ar leith agus áis leabharlainne do Mholtóirí agus d'fhoireann an WRC a choimeád go ginearálta</b>	Rochtain iomchuí a chinntiú ar bhunachair sonraí seachtracha ábhartha agus leabharlann fíorúil agus fisiceach a choimeád cothrom le dáta	I gcaitheamh 2021	Bunachar sonraí agus leabharlann i bhfeidhm agus in úsáid go hiomlán	Bainte amach

<b>Aidhmeanna don Chlár Oibre</b>	<b>Gníomh/Taisc</b>	<b>Creatam Seachadta</b>	<b>Na hPríomhtháscairí Feidhmíochta</b>	<b>Torthaí</b>
<b>Costais dlí a shocrú agus a bhainistiú laistigh de pharaiméadair an bhuiséid</b>	Monatóireacht a dhéanamh ar chostais dlí/éifeachtúlachtaí a aithint	I gcaitheamh 2021	Costais dlí bainistithe go héifeachtach agus go héifeachtúil agus laistigh den bhuiséad	<b>Bainte amach</b>
<b>Úsáid a bhaint as uirlisí atá ar fáil chun cabhrú le páirtithe leasmhara ar threochtaí i ngearáin agus i gcinntí</b>	Anailísí a phoibliú ar ghearáin cearta fostaíochta agus cinntí an WRC maidir le comhionannas agus cásanna comhionann	I gcaitheamh 2021	Nótaí Tráchta foilsithe	<b>Cuireadh an chéad athbhreithniú de dhlí-eolaíocht WRC i gcrích</b>
<b>Obair le DETE chun ceisteanna dlí a aithint a théann i gcion ar théarmaí tagartha reachtúla</b>	Príomhthosaíochtaí reachtúla a aithint agus cabhrú le dul chun cinn más gá agus dul i dteagmháil le DETE maidir le dúshlán na Cúirte Uachtaraí agus athbhreithnithe reachtúla a bhain le Covid.	I gcaitheamh 2021	Ceisteanna aitheanta sa Roinn agus dul chun cinn déanta de réir mar ba ghá	<b>Príomhleasuithe curtha i bhfeidhm</b>
<b>Líonraí na bpáirtithe leasmhara a fhorbairt go hintíre, ar leibhéal an AE agus go hidirnáisiúnta chun dea-chleachtas a roinnt</b>	Mapáil agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara	I gcaitheamh 2021	Líonra láidir bunaithe chun dea-chleachtas a roinnt agus a bheith ar an eolas faoi threochtaí dlí a thagann chun cinn sa dlí idirnáisiúnta fostaíochta agus comhionannais	<b>Bainistíocht iomchuí déanta</b>
<b>Seirbhísí Breithniúcháin a thacaíonn le héisteachtaí cianda agus ceartúcháin a bhaineann le seirbhísí an WRC</b>	Comhairle a chur ar fáil don WRC maidir le nósanna imeachta agus beartais nua faoi Covid-19, éisteachtaí cianda agus malartuithe eile a theastaíonn chun leanúint leis an tseirbhís, torthaí éifeachtacha, nósanna imeachta féarálte agus oibleagáidí dlí comhionannais lena gcloítear.	I gcaitheamh 2021	Córais dlútha, éifeachtach i bhfeidhm lena chinntiú gur féidir leis an WRC aon dianghlasáil a láimhseáil nó aon mhódúlacht a theastaíonn mar gheall ar threoracha sláinte a bhíonn ag síorathrú, chun timpeallacht sábháilte a chur ar fáil d'úsáideoirí seirbhíse agus don fhoireann agus seirbhís leanúnach a chinntiú.	<b>Sárchomhairle curtha ar fáil</b>

# AGUISÍN

## 2

### Réamhrá

Tá téarmaí tagartha den WRC leathnaithe go mór ó cuireadh tús leis an 1 Deireadh Fómhair 2015. Maidir leis an leathnú seo tugadh isteach:

1. Píosaí nua reachtaíochta (agus leasuithe ar an reachtaíocht) a tháinig faoi choimirce an WRC, ar an gcéad dul síos,
2. Soiléirithe ó na Cúirteanna Uachtara le hiarmhairtí infheidhmithe láithreach, go mór mór cinneadh na Cúirte Uachtaraí 2021 de Zaleski v Oifigeach Breithniúcháin agus an WRC, Éire agus an tArd-Aighne [2021] IESC 24, arbh éigean Acht um Chaidrimh san Áit Oibre (Forálacha Ilghnéitheacha) 2021 agus
3. Treoracha ón AE.

### Na Príomhathruithe

#### Leasú ar an Acht um Stádas Comhionann: Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta (HAP)

Cuireann na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2015 bac ar idirdhealú maidir le soláthar earraí agus seirbhísí, soláthar lóistín agus rochtain ar oideachas, maidir leis na naoi bhforas comhionannais mar aon le cosc ar íospairt aon duine a dhéanann gearán faoi aon fhoras. Chuir Acht um Chomhionannas (Forálacha Ilghnéitheacha) 2015 foras nua isteach i soláthar lóistín amháin - an foras “cúnamh tithíochta”. Ba chiall leis an bhforas seo a thabhairt isteach ná go mbeadh sé neamhdhlíthiúil idirdhealú in aghaidh tionónta nó tionónta féideartha ar an mbonn go raibh sé/sí ag fáil Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta (HAP) agus tagann cásanna den tsórt sin roimh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, ar an gcéad dul síos.

## Saoire Teaghlaigh

Tháinig leathnú ar na cineálacha saoire teaghlaigh atá ar fáil, cé atá in ann úsáid a bhaint astu, agus an tréimhse lenar féidir úsáid a bhaint astu roinnt uaireanta ó 2015. Is é an WRC an comhlacht forfheidhmithe maidir le gach ceann de na hAchtanna anseo thíos.

### (a) An tAcht um Shaoire agus Sochar Atharthachta 2016 (PLBA)

Chruthaigh an tAcht um Shaoire agus Sochar Atharthachta 2016 ceart dlí nua ar shaoire atharthachta in Éirinn. Faoin PLBA, ní mór saoire atharthachta a ghlacadh laistigh de 26 seachtain tar éis bhreith an linbh.

### (b) An tAcht um Shaoire agus Sochar Atharthachta 2019

Chruthaigh Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta 2019 eintiteas dlíthiúil nua. Bhí tuismitheoirí i dteideal dhá sheachtain íochta de shaoire atharthachta d'aon leanbh a rugadh nó a cuireadh le teaghlach uchtála, an nó i ndiaidh an 1 Samhain 2019, agus an saoire le glacadh laistigh de 52 sheachtain den bhreith nó den socrúchán uchtála.

### (c) An tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí (Leasú), 2019

Chuir An tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí (Leasú), 2019 síneadh le huastréimhse saoire atharthachta ó 18 seachtain go 22 seachtain ón 1 Meán Fómhair 2019 agus cuireadh síneadh eile leis go 26 seachtain ón 1 Meán Fómhair 2020. Tá aois an linbh inar féidir le saoire atharthachta a ghlacadh ardaithe ó 8 go 12 bhliain d'aois. Maidir le leanbh a bhfuil míchumas air/uirthi níl aon athrú ar thairseach aoise don saoire atharthachta agus tá sé ar fáil go dtí 16 bliana d'aois.

### (d) An tAcht um Shaoire Theaghlaigh agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2021

Tháinig an tAcht um Shaoire Theaghlaigh agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2021 i bhfeidhm in Aibreán 2021 agus bíonn tuismitheoirí a oibríonn i dteideal trí sheachtain bhreise de Shaoire Atharthachta, rud a chuireann síneadh de 5 sheachtain ar gach tuismitheoir. Rinneadh leasú ar an Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta 2019 chun síneadh a chur leis an tréimhse ina bhfuil tuismitheoir i dteideal an saoire faoin Acht, chun síneadh ar an tréimhse ama inar féidir saoire a ghlacadh go 104 seachtain. Is féidir an saoire cúig seachtaine a ghlacadh i mbloc iomlán amháin, nó i mblocanna de sheachtain amháin ag an am. Ó Lúnasa 2022 ar aghaidh, tá sé i gceist Saoire Tuismitheora a mhéadú go seacht seachtaine an tuismitheora.

Rinne Acht 2021 leasú freisin ar Acht um Shaoire Uchtála 1995 chun cur ar chumas lánúin a dhéanann leanbh a uchtú le chéile a bheith i dteideal saoire faoin Acht chun críche uchtála, a réitíonn aimhrialtacht sa reachtaíocht reatha a chuireann bac ar fhir phósta ar lánúin chomhghnéis iad saoire uchtála a fháil. (Roimhe seo, d'fhéadfadh máthair uchtála nó athair uchtála aontuismitheora saoire uchtála a ghlacadh). Tá Saoire Atharthachta agus Leas ar fáil anois do thuismitheoir nach bhfuil saoire uchtála á ghlacadh aige/aici.

## Téarmaí agus Coinníollacha Fostaíochta

### Acht Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2018

Thug Acht Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2018

- riachtanas isteach d'fhostóirí chun ráiteas i scríbhinn breise de na príomhthéarmaí, gan a bheith níos deireanaí ná 5 lá tar éis thús fostaíochta an fhostaí,
- forálacha chun úsáid na gconarthaí 'náid uaireanta' a ghearradh siar
- íosoibleagáid íocaíochta ar fhostóirí ina nglaoitear ar fhostaithe chuig an obair agus nach fhaigheann na huaireanta oibre ionchais agus
- Teidlíocht fostaí iarratas a dhéanamh ar "uaireanta grúpaithe" a léiríonn pátrún a gcuid oibre sna 12 mhí roimhe sin.

## Ráiteas Cúig Lá

Rinneadh leasú ar Acht um Téarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 chun éileamh ar fhostóirí fostaíthe a chur ar fáil le ráiteas i scríbhinn de na príomhthéarmaí fostaíochta seo a leanas, laistigh de chúig lá tar éis tús a chur le fostaíocht.

1. Ainm iomlán an fhostóra agus an fhostaí.
2. Seoladh an fhostóra.
3. Fad ionchais an chonradh, i gcás conradh sealadach, nó an dáta deiridh más conradh ar théarma seasta é.
4. Ráta nó modh áirimh de phá an fhostaí.
5. An líon uaireanta a mheasann an fhostóir go n-oibreodh an fhostaí in aghaidh an lae agus de ghnáth don tseachtain oibre.

Tá an oibleagáid seo i dteannta oibleagáid an fhostóra reatha chun ráiteas i scríbhinn a eisiúint maidir le fostaíocht ar cheart a thabhairt laistigh de dhá mhí tar éis tús a chur le fostaíocht.

Má theiptear Ráiteas Cúig Lá a chur ar fáil don fhostaí laistigh de 5 lá tar éis tús a chur le fostaíocht d'fhéadfadh cigire an WRC fógra um pionós socraithe a eisiúint nó ionchúiseamh sa Chúirt Dúiche.

## Conarthaí Náid Uaireanta

An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997 Leasaíodh é chun conarthaí náid uaireanta a chosc seachas i gcúinsí eisceachtúla:

- sa chás go bhfuil an obair ócáideach
- sa chás go bhfuil an obair déanta i gcúinsí éigeandála
- sa chás go bhfuil obair fóirithinte gearrthéarmacha in úsáid chun neamhláithreachtaí gnáthaimh a chlúdach don fhostóir

## Íosíocaíocht i gCúinsí ar Leith

Baineann íosíocaíocht nua le fostaí ar chonradh náid uaireanta nuair a chuirtear fios oibre ar dhuine agus nach bhfaigheann sé uaireanta oibre a bheadh sé ag súil leis. Tá an íosíocaíocht trí huair níos mó ná an íosráta pá náisiúnta in aghaidh na huair nó trí huair an íosráta íocaíochta atá leagtha amach san Ordú Rialaithe Fostaíochta (más ann do cheann don earnáil).

Leanann an modh íocaíochta reatha (ar a laghad 25% d'uaireanta conradh nó 15 uaireanta) a bheith i bhfeidhm ar an iomlán.

Faoi alt 28 d'Acht um Caidreamh san Áit Oibre, 2015, féadfaidh cigire an WRC Nóta Géilliúlachta a eisiúint sa chás go n-aimsítear neamhchomhlíonadh na n-oibleagáid seo.

## Foráil Uaireanta Grúpaithe

Rinneadh leasú ar an Acht um Eagrú Ama Oibre 1997 chun cur ar chumas na bhfostaithe iarratas a dhéanamh obair in uaireanta oibre seachtainiúil grúpaithe a léiríonn a bpátrún oibre iarbhír. Maidir le fostaíthe nach léiríonn a gconradh fostaíochta nó ráiteas de théarmaí fostaíochta réaltacht na n-uaireanta a n-oibríonn siad, tá siad i dteideal iarratas a dhéanamh a bheith curtha i ngrúpa uaireanta a léiríonn na huairí a d'oibrigh siad thar thréimhse thagartha 12 mhí.

Is mar seo a leanas atá na huairí grúpaithe:

### Fíor 9: Foráil Uaireanta Grúpaithe

Uaireanta Grúpaithe	Ó	Go dtí
A	3 uair	6 huair
B	6 huair	11 huair
C	11 huair	16 huair
D	16 huair	21 huair
E	21 huair	26 huair
F	26 huair	31 uair
G	31 hours	36 huair
H	36 hours	

Ní mór don fostaí a bheith ag obair dá fhostóra ar feadh bliana ar a laghad roimh an iarratas a dhéanamh.

Má chreideann fostaí nár chuir siad in uaireanta grúpaithe é/í d'uaireanta oibre seachtainiúla a léiríonn a bpátrún oibre iarbhir sna 12 mhí roimhe sin, tar éis iarratas é a dhéanamh, is féidir leo gearán d'éisteacht a dhéanamh chuig Oifigeach Breithniúcháin an WRC.

## An Ceart Dínascadh

D'fhoilsigh an WRC Cód Cleachtais (treoir) ar an gceart dínascadh in Aibreán 2021.

Leagann an Cód amach go bhfuil trí phríomhghné ag an gceart dínascadh:

- Ceart an fostaí gan obair de ghnáth lasmuigh d'uaireanta oibre.
- An ceart gan pionós a fháil as diúltú freastail ar ábhair oibre lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre.
- An dualgas meas a léiriú do dhuine eile as an gceart dínascadh (e.g., as gan ríomhphost nó glaoch a chur orthu lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre.)

## Acht um Dealú Inscne ó thaobh Íocaíochta de 2021

Cuireadh tús leis an Acht um Dealú Inscne ó thaobh Íocaíochta de i mí Iúil 2021, agus thug sé isteach oibleagáidí tuairiscithe éigeantacha don earnáil phríobháideach agus don earnáil phoiblí araon. Ar dtús, cuirfeadh i bhfeidhm é d'fhostóirí le breis is 250 fostaí. San Acht ligean sé síneadh a chur leis na hoibleagáidí tuairiscithe éigeantacha d'fhostóirí le breis is 150 fostaí (ó 2023 ar aghaidh) agus fostóirí le breis is 50 fostaí (ó 2024 ar aghaidh).

Éilíonn an tAcht ar fhostóirí ábhartha tuarascáil a thabhairt ar (agus a fhoilsiú) faoin difríocht in athuimhriú fireann agus baineann mar seo a leanas:

- Íocaíocht in aghaidh na huair ar an meán agus ar an meánlíne d'fhostaithe lánaimseartha agus páirtaimseartha..
- Íocaíocht bónais ar an meán agus ar an meánlíne.
- Céatadán de gach fostaí a fuair bónas nó buntáistí comhchineáil.

Déanann an tAcht foráil go bhféadfadh rialacháin bhreise a chur i bhfeidhm chun soiléiriú breise a chur ar fáil faoin gcineál fostóra, fostaí agus íocaíocht lena mbaineann na rialúcháin; conas is féidir íocaíocht

na bhfostaithe a ríomh agus an cineál, bealach agus minicíocht ina bhfoilsítear an fhaisnéis.

Déantar é a chur i bhfeidhm tríd an fostaí ag cur gearán a chur ar aghaidh chuig an WRC le haghaidh cigireachta, a d'fhéadfadh cúrsa gníomhaíochta ar leith a ordú.

## Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil an AE (le bheith curtha i bhfeidhm faoi Lúnasa 2022)

Tugadh trí bliana do Bhallstáit an AE ón 1 Lúnasa 2019 chun Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoir a ghlacadh go hiomlán. Tugann sé teidlíocht do na fostaí iarratas a dhéanamh ar obair sholúbtha agus riachtanas ar fhostóirí polasaithe oibre solúbtha a bheith acu. Tugann sé sainordú do réimse saoire teaghlaigh (tuismitheoirí, atharthachta) ina bhfuil foráil reachtúla ag Éirinn cheana féin. Cuireann sé foráil ar an ceart saoire an chúramóra freisin.

## Na Nochtuithe Cosanta

### Bille na Nochtuithe Cosanta (Leasú) 2022

Thug Acht na Nochtuithe Cosanta 2014 réamhdháta de bhunú an WRC.

I 2021, dúirt an Chúirt Uachtarach go gcuimsíonn Acht 2014 gearán a rinne fostaí go bhfuil baol dá sláinte nó sábháilteacht mar gheall ar chleachtais san áit oibre in *Baranya v Rosderra Meats Group Limited [2021] IESC 77*.

I 2022, táthar ag súil le Bille na Nochtuithe Cosanta (Leasú) i mbliana, chun críche Treoir Sceithreachta an AE a thrasú i ndlí na hÉireann.

# AGUISÍN

# 3

## Ciontuithe 2021

Fostóir	Earnáil	Cineál Eintitis	Reachtaíocht	Seoladh
<b>Purple East L&amp;G Ltd</b>	Gruaig & Áilleacht	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Bóthar Bhaile Uí Chuinn, Bré, Co. Chill Mhantáin
<b>Rustic Catering Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015	Na Tulacha, Béal an Átha, Luimneach
<b>Abdul Shakoor Awan</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Trádálaí Aonair	An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	The Cobweb, Cúil an tSúdaire, Co. Laoise
			Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	
<b>Syed Redwan Ahmed</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Ainm gnó - Duine aonair	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	2 Geata an Uisce, Cill Chainnigh
			An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	
<b>Positive Accounting Solutions Limited</b>	Cuntasaíocht & Seirbhísí Airgeadais	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Teach na Cluana Muiní, Sráid Newenham, Luimneach
<b>TAJ Catering Ltd</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	157-159 Bóthar na Trá, Bóthar na Trá Uachtarach, Gaillimh
<b>Clancy's Foodstore Limited</b>	Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	An Dubhabhainn, Co. an Chláir
<b>Takumi Precision Engineering Limited</b>	Déantúsaíocht	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Páirc Gnó an Ráithín, Luimneach
<b>Troys Abattoir Limited</b>	Próiseáil Feola	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015	Baile Uí Dhálaigh, An Muileann Chearr, Co. na hIarmhí
<b>Orientaloriginal Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Teach Áth na Fuinseoige, Áth na Fuinseoige, Co. Chill Mhantáin
			An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	

<b>Fostóir</b>	<b>Earnáil</b>	<b>Cineál Eintitis</b>	<b>Reachtaíocht</b>	<b>Seoladh</b>
<b>SD Pro Fence Limited</b>	Tógáil	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015	Diméin Bhaile Réamainn, An Mhuileann Chearr, Co. na hIarmhí N91 A9C6
<b>The Black Wok Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	An tSráid Mhór, Na Creagacha Dubha, Co. Lú
			An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (arna leasú)	
			An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	
<b>Paesano Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	An Phríomhshráid, An Chorrchoill, Co. Chill Dara
<b>Peony Inn Restaurant Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Sráid Stanhope, Baile Átha Í, Co. Chill Dara
			An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015	
<b>Lee &amp; Ryan Cuisine Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Bóthar na dTurcaithe, Trá Mhór, Co. Phort Láirge
			An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	
<b>Nice Street Food Ltd</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Bóthar Bhaile Uí Chuinn, Bré, Co. Chill Mhantáin
<b>Navan Express Car Wash Limited</b>	Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (arna leasú)	Rae na gCanónach, An Uaimh, Co. na Mí
			An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	
			An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	
<b>Orges Lluskaj</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Ainm gnó - Duine aonair	An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	53 Sráid na Bearice, Co. Phort Láirge
<b>Waterford Magic Wok Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	34 Cúirt Parnell, Sráid Parnell, Port Láirge
<b>Smak Wholesalers Ltd</b>	Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Sráid an Nuinseannaigh, Bóthar an Stáisiúin, Cill Dara
<b>Wen Tai Xue</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Ainm gnó - Duine aonair	An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (arna leasú)	An Phríomhshráid, Baile na Lorgan, Co. Mhuineacháin
			An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	
			Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	
<b>Deb's Dresses Dublin Limited</b>	Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Aonad 16A, An Plaza, An tSráid Mhór, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath



Fostóir	Earnáil	Cineál Eintitis	Reachtaíocht	Seoladh
<b>Coffee Delights Ltd</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	Páirc Ghnó IDA, Bóthar Chros an Deiscirt, Bré, Co. Chill Mhantáin
<b>Bill Madden Nurseries Limited</b>	Gníomhaíochtaí Eastáit Réadaigh	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Cathair Uí Mhaighin, Órán Mór, Co. na Gaillimhe
<b>LaneMMXIX Limited</b>	Óstáin	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Teach Chill Tartan, Sráid Forster, Gaillimh, H91 Y2EW
<b>Xinji Ltd</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	37 Bóthar an Chaisleáin Nua, Gaillimh
<b>Nethercross Limited</b>	Óstáin	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Baile Uí Rócháin, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath
<b>Rivervalley Convenience Stores Limited</b>	Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	Aonad 4 Ionad Siopadóireachta Ghleanna na hAbhann, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath
<b>Mr Zhen Nan Liu</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Ainm gnó - Duine aonair	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Aonad 3 Supervalu, Sráid Dhroichead Átha, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath
<b>Koon Po Li</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Ainm gnó - Duine aonair	An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	4 An tSráid Mhór, Baile an Mhuilinn, Co. Chiarraí
<b>Star Court Chinese Takeaway Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	12 Radharc an Teampaill, Béal Átha hÉis, Co. an Chabháin
<b>Quint Ventures Ltd</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	An Phríomhshráid, Droichead an Chláirín, Co. na Gaillimhe
<b>Balooch Traders Limited</b>	Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	41 Margadh an Fhéir, Luimneach
<b>19 Mary Asian Food Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	19 Sráid Mhuire, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann
<b>Rory Catering Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	5/6 An tSráid Mhór, Damhliag, Co. na Mí
<b>Jidi Zheng</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Trádálaí Aonair	An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	Sráid Mhálanna, Carn Domhnach, Co. Dhún na nGall
<b>Asim Akhtar Rana</b>	Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola	Trádálaí Aonair	An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	Aonad 9B Ionad Siopadóireachta Courtyard, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall
			Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	
			An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015	
<b>Drumkeeran Retail Solutions Ltd</b>	Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015	An tSráid Mhór, Droim Caorthainn, Co. Liatroma
<b>Ivory Foods Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Teach Gót, Co. Loch Garman

<b>Fostóir</b>	<b>Earnáil</b>	<b>Cineál Eintitis</b>	<b>Reachtaíocht</b>	<b>Seoladh</b>
<b>Hair Master Limited</b>	Gruaig & Áilleacht	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	50 An tSráid Thuaidh, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath
<b>The Shipyard Inn Ltd</b>	Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015	An tSráid Mhór, Baile na Cúirte, Co. Loch Garman
			An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	
<b>Andrew Slattery</b>	Gníomhaíochtaí Eachaí	Trádálaí Aonair	An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	Cill Náile, Durlas, Co. Thiobraid Árann
			An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015	
<b>Rayan Foods Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Lower Gate Square, Caiseal, Co. Thiobraid Árann
			An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015	
<b>John Healy</b>	Iascaireacht	Trádálaí Aonair	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Dúras, Beantraí, Co. Chorcaí
<b>XingDao Ou</b>	Gruaig & Áilleacht	Trádálaí Aonair	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	6 Sráid Chaisleán na Mainge, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
			An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015	
<b>Xie Jia Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	An Phríomhshráid, Cill Náile, Co. Thiobraid Árann
			An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	
<b>Zaffron Catering Ltd</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	44 Sráid JKL, Éadan Doire, Co. Uíbh Fhailí
			An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	
<b>Panag &amp; Sons Ltd</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Sráid na hAbhann, Clóirtheach, Co. Uíbh Fhailí
<b>Fatmir Cakiqi</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Ainm gnó - Duine aonair	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	An Phríomhshráid, Cill Chuillinn, Co. Chill Dara
<b>Acc Restaurant Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	18 An tSráid Nua, Na Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath
			An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	
<b>Bonanza Food Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Mullach an Chnoic, Cill Chuillinn, Co. Chill Dara
<b>Kings Garden Takeaway Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	An Phríomhshráid, Cill Chuillinn, Co. Chill Dara
<b>Marios Ventures Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015	An tSráid Íseal, Baile Mhic Andáin, Co. Chill Chainnigh
			Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	
<b>Thi Mai an Nguyen</b>	Gruaig & Áilleacht	Trádálaí Aonair	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Ionad Siopadóireachta an Chaisleáin, Bré, Co. Chill Mhantáin

Fostóir	Earnáil	Cineál Eintitis	Reachtaíocht	Seoladh
<b>Ling Bing Zhou and Tai Ri Lin</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Trádálaí Aonair	An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	Droim Guail, Lána an tSéipéil, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman
<b>Xinxing Food Co Ltd</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	An tAcht um Íoc Pá, 1991	An tSráid Mhór, Bré, Co. Chill Mhantáin
			An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (arna leasú)	
<b>Xue Hai Chen</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Eile	Trádálaí Aonair	An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015	48A Cúl na Príomhshráide, Bré, Co. Chill Mhantáin
<b>Farid Ahmad Mohammad &amp; Waheed Ulah Nasser</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Trádálaí Aonair	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	4 Bóthar Thír Eoghain, Páirc an Leasa Mhóir, Port Láirge
<b>Big John's Takeaway Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (arna leasú)	An tSráid Mhór, Maothail, Co. Liatroma
			An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	
			Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	
<b>CANDK Star Ltd</b>	Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Aonad 2 The Mall, Lár Bhaile Coimín, Co. Chill Mhantáin
			An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015	
			An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	
<b>Zainab Halal Foods Ltd</b>	Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	18 Chúir an Chuain, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí
<b>Alan Bakery Limited</b>	Déantúsaíocht	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	An tAcht um Íoc Pá, 1991	9C Páirc Ghnó Chúirt an Rása, Gaillimh
			An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	
<b>Bright Fans Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Sráid Bhaile Átha Cliath, Baile Shéamais Dhuibh, Co. an Chabháin
			An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	
<b>Mohammad Ishaq</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Ainm gnó - Duine aonair	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	12 Sráid Mhichíl, Baile Thiobraid Árann
			An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	
<b>Tani Restaurants Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	3-4 Sráid Row, An Nás, Co. Chill Dara

<b>Fostóir</b>	<b>Earnáil</b>	<b>Cineál Eintitis</b>	<b>Reachtaíocht</b>	<b>Seoladh</b>
<b>Hemanta Bohora</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Ainm gnó - Duine aonair	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Aonad 4 Baile idir Dhá Abhainn, Bun na hAbhann, Co. Dhún na nGall
			An tAcht um Chosaint Daoine Óga, 1996	
<b>Jin Sheng Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	3 Teach Meehan, Ascaill Shéamais Fhionntain Uí Leathlobhair, Port Laoise, Co. Laoise
<b>Boyne Valley Meats Ltd</b>	Próiseáil Feola	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Ard Catha, Baile Gháire, Co. na Mí
<b>Lee Asain Delight Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	Béal Átha Ragad, Co. Chill Chainnigh
<b>Farrelly's Supermarket Limited</b>	Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Corrán Fhearann na Mainistreach, An Uaimh, Co. na Mí
<b>Rana Ali Raza</b>	Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola	Trádálaí Aonair	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	30 An tSráid Mhór, An tInbhear Mór, Co. Chill Mhantáin
<b>Damien Whoriskey</b>	Talmhaíocht	Ainm gnó - Duine aonair	An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015	An Caoldroim Láir, Gort an Choirce, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall
			An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	
			An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (arna leasú)	
			An tAcht um Íoc Pá, 1991	
<b>Sudeep Sudeep</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Trádálaí Aonair	An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	An Phríomhshráid, An Fál Carrach, Co. Dhún na nGall
			Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	
<b>Manuela Singh</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Ainm gnó - Duine aonair	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	An Phríomhshráid, An Craoslach, Co. Dhún na nGall
<b>SR Convenience Limited</b>	Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Cnoc na nGabhrán, Ó Méith, Co. Lú
<b>Hollywood Nails Limited</b>	Gruaig & Áilleacht	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	38 Sráid Aungier, Baile Átha Cliath 2
			Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	
<b>L&amp;L Ocean Palace Chinese Takeaway Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Aonad 8, Ionad Siopadóireachta na Carraige Duibhe, An Uaimh, Co. na Mí
<b>Zhi Min Liu</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Ainm gnó - Duine aonair	An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	2-3 Teach Albert, An tSráid Mhór, Dún Búinne, Co. na Mí

Fostóir	Earnáil	Cineál Eintitis	Reachtaíocht	Seoladh
			Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	
			An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (arna leasú)	
<b>R and Joy Pizza Express Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	25 Plás an Bhainc, The Diamond, Carn Domhnach, Co. Dhún na nGall
<b>Rajbir and Sons Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	49 An tSráid Mhór Uachtarach, Bun Cranncha, Co. Dhún na nGall
<b>Kamal Kamal</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Trádálaí Aonair	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	9 An tSráid Mhór Íochtarach, An Clochán Liath, Co. Dhún na nGall
<b>Sukhdev Singh and Kamal Kamal</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Trádálaí Aonair	An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015	Cúinne Greens, Bóthar an Chairn Mhóir, An Clochán Liath, Co. Dhún na nGall
<b>Super Bites Restaurant Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Árasán 1 Sráid Taoling, Tobar an Choire, Co. Shligigh
<b>Affirmo Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015	Sráid na Cé, Sligeach
<b>The Butlers Pantry Holding Limited</b>	Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	Aonad 16-18, Páirc Ghnó Chros an Deiscirt, Bóthar na Móna, Bré
			An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015	
<b>Athlone Apache Pizza Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	Aonad 5C Inish Carraig, Golden Island, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
			Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	
<b>Slieve Bloom Coach Tours Limited</b>	Iompar	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	An Coillín, Móinteach Mílíc, Co. Laoise
<b>Champion Meats Limited</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tta - Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006	1&2 Turnpike, Inis, Co. an Chláir
<b>Bobi Covaci</b>	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Eile	Trádálaí Aonair	An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	Aonad 1-3 Ionad Siopadóireachta Ghleann Cartha, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall
			An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (arna leasú)	

# AGUISÍN

# 4

## Cinntí Breithniúcháin Suntasacha WRC

### Achoimrí Cáis Thuarascáil Bhliantúil 2021

<b>Forléargas</b>	<b>65</b>
<b>Stádas fostaíochta</b>	<b>65</b>
Aistritheoir v. Cuideachta Seirbhísí Aistriúcháin, ADJ-00029108	65
Padraic Hanley v. PBR Restaurants Limited, ADJ-00030290	66
Breithneoir v. Comhlacht Reachtúil, ADJ-00020182, ADJ-00020185, ADJ-00020187 agus ADJ-00020191	67
<b>Íoc Pá</b>	<b>70</b>
Iascaire v. Úinéir Trálaeir Iascaireachta, ADJ-00026812	70
Maor Tráchta v. Cuideachta Bainistíochta Páirceála, ADJ-00030203	71
<b>Dífhostú Éagórach</b>	<b>71</b>
Tiománaí Cóiste v. Cuideachta Cóiste, ADJ-00026224	71
Comhordaitheoir Oibríochtaí v. Soláthraí Seirbhíse Bainistíochta Saoráidí, ADJ-00028293	72
<b>Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015 – Scor Éigeantach</b>	<b>73</b>
Barbara Geraghty v. Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, ADJ-00000031	73
Altra Foirne Sinsearach v. Teach Altranais (Atá Faoi Leachtú), ADJ-00027325	74
<b>Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015 – Idirhealú</b>	<b>75</b>
Fostaí v. Bialann, ADJ-00031747	75
Marie O'Shea v. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ADJ-00024740	76
<b>Na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2018 – Idirhealú</b>	<b>77</b>
Francis Eneas Kearney v. An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, ADJ-00031944	77
Anthony Lyttle v. Buy Wise Discount Stores Costcutter An Trá Thuaidh, ADJ-00032493	78
<b>Na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2018 – Ciapadh</b>	<b>79</b>
Suchavadee Foley v. Atercin Liffey Unlimited ag trádail mar Starbucks Tallaght, ADJ-00028487	79
Ball den Phobal v. Cuideachta Iompair Phoiblí, ADJ-00016728	80
<b>Nósanna Imeachta Cothroma – Croscheistiú</b>	<b>80</b>
Sandra Blakeney v. Verve Marketing Ltd., ADJ-00029223	80
<b>Díospóid Caidrimh Thionscail</b>	<b>81</b>
Stiúrthóir Náisiúnta Cúnta v. Soláthraí Seirbhíse Sláinte, ADJ-00027118	81

## Forléargas

Tá forléargas le fáil in aguisín na n-achoirí cáis ar chuid de na saincheistanna dlí a tháinig chun cinn sna cinntí agus sna moltaí a d'eisigh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ("WRC") i rith 2021. Tá sé á fhoilsiú mar chuid de bheartas foriomlán trédhearcachta agus inrochtaineachta WRC. Is é an aidhm atá leis forléargas áisiúil agus eolasach ar an raon leathan saincheistanna dlí a breithníodh in 2021 a sholáthar. D'fhéadfadh go mbeadh cinntí agus moltaí dá dtagraítear dóibh anseo curtha ar ceal i ndiaidh achomhairc. Ní thugtar aon bharánta, gealltanas ná ráthaíocht maidir lena stádas dlí.

Maidir leis na cinntí agus na moltaí a rinne WRC in 2021, ba é an critéar a bhain le cibé an raibh nó nach raibh an tsaincheist le cur san áireamh an dócha go mbeidh sí ábhartha agus an mbeidh spéis ag na páirtithe atá páirteach i gcásanna atá os comhair WRC inti. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, nach bhfuil iontu as léargas ar na cinntí a foilsíodh in 2021.

Tá an t-aguisín seo á fhoilsiú chun críocha faisnéise ginearálta agus inrochtaineachta amháin. Ní hionann é agus ráiteas ar an dlí nó thar ceann WRC: moltar do gach léitheoir féachaint ar théacsanna na gcinntí bunaidh, ina bhfuil na ráitis ar an dlí a rinne WRC nó a bhaill foirne. Ní comhairle dlí iad na hachoirí cáis, agus níor cheart glacadh leo mar chomhairle dlí. De réir a oibleagáide reachtúla na cinntí a dhéanann sé a fhoilsiú, tá téacsanna iomlána na gcinntí agus na moltaí atá déanta ag WRC le fáil ar a shuíomh gréasáin ag [www.workplacelrelations.ie](http://www.workplacelrelations.ie). Nuashonraítear an suíomh gréasáin go rialta agus tá ardscaigairí cuardaigh le fáil ar an suíomh gréasáin freisin. Táthar ag súil gur acmhainn úsáideach agus phraiticiúil a bheidh ann do gach úsáideoir.

## Stádas Fostaíochta

### Cás/Cinneadh

**Aistritheoir v. Cuideachta Seirbhísí Aistriúcháin, ADJ-00029108:**

### Eochairfhocail:

Saoraistritheoir, asbhaintí neamhdhleathacha, dlínse.

### Cúlra

Bhain an cás seo le neamhíocaíocht táillí leis an nGearánach, saoraistritheoir a chuir tascanna a bhí sannta ag an bhFreagróir, cuideachta seirbhísí aistriúcháin, i gcrích. Dhearbhaigh an Freagróir go seasta nach fostaí an Gearánach agus, dá réir sin, nach bhféadfadh WRC cinneadh a dhéanamh faoin gceist. Ní dhearna an Freagróir agóid in aghaidh na méideanna atá gan íoc.

### Fionnachtana

Bhreithnigh an OB an sainmhíniú atá luaite le "*fostóir*", "*pá*" agus cad é conradh fostaíochta faoi Acht um Íoc Pá, 1991 ("*PWA*"). Chomh maith leis sin, bhreithnigh an OB Cód Cleachtais chun Stádas Fostaíochta nó Féinfhostaíochta Daoine Aonair a Chinneadh de chuid Choimisinéirí Ioncaim na hÉireann. Tharraing an OB aird ar An tAire Oideachais agus Scileanna v. Boyle [2018] IESC 52 inar shonraigh an Príomh-Bhreitheamh (ag an am) an méid seo a leanas: "áirítear go soiléir sa sainmhíniú ar 'conradh fostaíochta' chun críocha Acht 1991 aon duine atá faoi dhliteanas pá an duine iomchuí a íoc." Bunaithe ar nádúr na dtascanna sannta ag an bhFreagróir a chuir an Gearánach i gcrích go pearsanta agus an sainmhíniú ar chonradh fostaíochta chun críocha PWA, chinn an OB go bhféadfadh an Gearánach brath ar PWA chun éileamh a thionscnamh.

Sholáthair an Gearánach fianaise den obair neamhíochta a bhí déanta aici go pearsanta, obair a raibh luach €2,320.95 luaite léi. Thug an OB faoi deara de bhun alt 41(6) d’Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015, nach bhféadfadh sé ach gearáin a chuirtear faoina bhráid laistigh de 6 mhí ó dháta an tsáraithe a bhreithniú. Thug an OB faoi deara sa chás seo, go raibh dáta an tsáraithe 30 lá i ndiaidh an lá ar seoladh an sonrasc bunaithe ar na téarmaí comhaontaithe idir na páirtithe. Chinn an OB, bunaithe ar na sonraisc neamhíochta a bhféadfadh sé a bhreithniú i gceist laistigh den teorainn ama thuasluaite, go bhféadfadh an Gearánach éileamh a dhéanamh ar phá neamhíochta luach €2,106.81. Ar deireadh, chinn an OB go raibh bonn leis an ngearán agus gurb ionann an t-éileamh ar phána neamhíochta, luach €2,106.81, agus asbhaint neamhdhleathach faoi PWA. Threoraigh an OB don Fhreagróir cúiteamh luach €2,106.81 a íoc leis an nGearánach, lúide aon asbhaint neamhdhleathach.

### Cás/Cinneadh

**Padraic Hanley v. PBR Restaurants Limited, ADJ-00030290:**

#### Eochairfhocail:

Stádas fostaíochta, uaireanta iomarcacha, sárú an Achta um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994.

### Cúlra

I mí Lúnasa 2008, bhunaigh an Gearánach gnó agus faoin mbliain 2019 bhí cúig bhialann aige mar aon le hionad beir leat soghluaiste ag suíomhanna éagsúla i mBaile Átha Cliath. I mí Lúnasa 2019, bhí an chuideachta faoi scrúdaitheoireacht agus i mí na Nollag 2019, shealbhaigh cuideachta sealbhaíochta í agus scoireadh den scrúdaitheoireacht faoi cheannas na stiúrthóirí nua. Díoladh dhá bhialann agus ina dhiaidh bhí trí bhialann agus ionad beir leat ag an ngnó – an Freagróir sna himeachtaí seo. Mar thoradh ar an scrúdaitheoireacht, aistríodh scaireanna an Ghearánaigh chuig an gcuideachta sealbhaíochta, d’éirigh sé as a chúraimí mar stiúrthóir bainistíochta agus ceapadh mar bhainisteoir ginearálta é, agus bhí sé ag tuairisciú do bheirt stiúrthóirí sa chuideachta sealbhaíochta. Roimh an scrúdaitheoireacht, bhí tuarastal an Ghearánaigh cothrom le €97,500, ach ó mhí na Nollag 2019, bhí a thuarastal cothrom le €71,500. Cuimsíodh san éileamh seo trí ghearán de bhun an Achta um Dhífhostú Éagórach, 1977 (“UDA”); an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (“OWT”); agus an tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 (“TEIA”).

### Fionnachtana

Ar dtús bhreithnigh an OB cibé acu an fostaí nó nach fostaí é an Gearánach, trí roinnt tástálacha cásdlí bunaithe. Bhreithnigh an OB cinneadh na hArd-Chúirte in *An tAire Talmhaíochta agus Bia v. Barry* [2008] IEHC 216, inar dearbhaíodh ainneoin gur féidir na tástálacha a úsáid mar áiseanna chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcaidreamh oibre, nach bhfuil aon tástáil dheifnídeach amháin ann. Chomh maith leis sin, bhreithnigh an OB Cód Cleachtais chun Stádas Fostaíochta nó Féinfhostaíochta Daoine Aonair a chinneadh. I ndiaidh don OB “*an scéal ar fad*” a chur san áireamh, chinn sé, ó mhí Lúnasa 2008 go dtí dáta na scrúdaitheoireachta i mí Lúnasa 2019, go raibh sé soiléir go raibh ag Gearánach páirteach i bhfiontar lena chomhstiúrthóirí a roinn an riosca teipe agus an fhéidearthacht go mbeadh rath ar an ngnó eatarthu ar bhonn comhionann. Dá réir sin, i rith an ama sin, fostóir ba ea é agus stiúrthóir cuideachta féinfhostaithe ba ea é. I mí na Nollag 2019, nuair a dhíol an Gearánach a scaireanna, nuair a scar sé ó ról an stiúrthóra bainistíochta agus nuair a thosaigh sé ag feidhmiú mar bhainisteoir ginearálta, fostaí ba ea é freisin. De bhrí gur cuireadh an Gearánach ar iomarcaíocht i mí Lúnasa 2020, ní raibh an tseirbhís riachtanach bliain fostaíochta curtha i gcrích aige ionas go bhféadfadh sé gearán a dhéanamh faoi UDA.

Ansin bhreithnigh an OB éileamh an Ghearánaigh gur oibrigh sé níos mó ná 48 uair an chloig sa tseachtain idir mí na Nollag 2019 agus mí an Mhárta 2020. Thug an OB faoi deara, ag leibhéal sinsearachta an Ghearánaigh, go bhféadfadh an Gearánach cinneadh a dhéanamh maidir leis an am ar thosaigh sé agus ar chríochnaigh sé ag obair aon lá agus go raibh sé freagrach as a chinntiú nár oibrigh sé uaireanta iomarcacha a rachadh chun aimhleasa dó. Thug an OB faoi deara nach raibh aon fhianaise ann a thabharfadh le fios go raibh srian curtha ar iarracht an Ghearánaigh a uaireanta oibre a chinneadh, agus níor sholáthair sé aon fhaisnéis a thug le fios gur cuireadh cosc air an ghnáthrogha a bheadh ag bainisteoir ginearálta a c(h)uid ama féin a bhainistiú. Chinn an OB sna himthosca seo, nach bhfuil feidhm le Cuid II de OWT, maidir le huaireanta oibre, i ndáil leis an nGearánach agus nach raibh bonn leis an ngearán seo.



Ansin bhreithnigh an OB an t-éileamh a rinne an Gearánach, de bhrí gur athraigh a stádas i mí na Nollag 2019, nuair a thosaigh sé ag feidhmiú mar bhainisteoir ginearálta, go raibh sé i dteideal ráiteas scríofa a fháil maidir lena théarmaí agus coinníollacha fostaíochta de bhun TEIA. Chinn an OB gur cheart go mbeadh an ráiteas scríofa seo eisithe ag na stiúrthóirí, agus nár cheart go mbeadh sé bunaithe ar dhoiciméad a bhí dréachtaithe ag an nGearánach é féin. Ag tagairt do Megan Hayes Kelly v. Beechfield Private Homecare, DWT 1919, chinn an OB go raibh an teip aon ráiteas téarmaí agus coinníollacha fostaíochta a eisiúint níos tromchúisí ná ráiteas neamhfoirfe a eisiúint. Dá bhrí sin, chinn an OB go raibh bonn leis an éileamh seo agus bronnadh cúiteamh luach €5,500 ar an nGearánach, cúiteamh a bhí cothrom le ceithre seachtaine pá.

### Cás/Cinneadh

**Breithneoir v. Comhlacht Reachtúil, ADJ-00020182, ADJ-00020185, ADJ-00020187 agus ADJ-00020191:**

#### Eochairfhocail:

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001, An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003, An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997, freagróir/fostóir mícheart, dlínse, iarratas imeachtaí nua a thionscnamh in aghaidh freagróir/ fostóir ceart.

### Cúlra

Bhain an cás le gearáin ar leith a rinne ceithre bhreithneoir maidir lena gcearta faoi Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 (“PEPTW”); an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003 (“PEFTW”); agus an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (“OWT”). De bhrí go raibh forluí fíorasach idir na gearáin, comhaontaíodh go mbeadh an éisteacht a bhain leis na nithe dlínsiúla a raibh baint acu leis na ceithre Ghearánach á reáchtáil le chéile. Go bunúsach déileálann an cás seo le ceithre shaincheist dhlínsiúla:

1. Freagróir ainmnithe go mícheart;
2. Iarratas de bhun alt 39(4) de OWT ar saoire chun imeachtaí a thionscnamh in aghaidh an Aire mar chomhfhreagróir;
3. Iarratas chun an tAire a áireamh mar chomhfhreagróir le haghaidh na n-imeachtaí; agus
4. Iarratas ar eisiáimh OB.

## Saincheisteanna dlínsiúla

### 1. Freagróir ainmnithe go mícheart

#### Cúlra:

D’áitigh an Freagróir gur neamhfhéidearthacht dhlíthiúil é go mbeadh an Gearánach fostaithe ag an bhFreagróir agus gurb é an Freagróir ceart sa chás seo an tAire. Lorg ionadaí an Fhreagróra toiliú ón nGearánach teagmháil a dhéanamh leis an Aire chun deimhniú a lorg go bhféadfadh é a ainmniú mar an freagróir ceart sa chás seo. Chuir an tAire in iúl, i litir uaidh dar dáta an 9 Deireadh Fómhair 2020, go raibh sé den tuairim, gurb eisean, an duine a cheapann Breithneoirí de bhun na bhforálacha reachtúla ábhartha, an freagraí cuí chomh fada is a bhain leis na gearáin mheandracha.

Mhaígh an Freagróir gurb é an tAire an freagróir ceart, ach go raibh an Gearánach faoi urchos reachta an t-eintiteas seo a leasú nó a chur san áireamh mar pháirtí sna himeachtaí. D’áitigh an Gearánach go gcomhlíonann a chaidreamh leis an bhFreagróir na tástálacha iomchuí ar fad a bhunaigh na cúirteanna le linn dóibh stádas fostaíochta duine aonair mar fhostaí a chinneadh.

#### Fionnachtana:

Tharraing an OB aird ar an difríocht idir sealbhóir oifige agus daoine atá ceaptha mar thoradh ar thoil Aire de chuid an Rialtais, seachas daoine atá páirteach i gconradh fostaíochta sa ghnáthchiall. Thug sé faoi deara gur léir ón gcreat reachtúil go bhfuil an chumhacht OBanna a cheapadh arna dílsiú don Aire agus gur íoc an tAire táille shocraithe leis an nGearánach freisin ar bhonn per diem don obair a chuir sé i gcrích mar Bhreithneoir. Dá réir sin, chinn an OB go raibh na saintréithe ar fad a bhaineann le hoifig reachtúil ag baint leis an gceapachán Breithneora seo agus le linn don Ghearánach a bheith ag feidhmiú mar Bhreithneoir, gur sealbhóir oifige ba ea é.

Thug an OB faoi deara freisin gur léir ó na sainmhínithe atá luaithe leis na téarmaí “fostaí” agus “fostóir” faoi PEPTW, PEFTW agus OWT, nach bhfuil cosaint á cosc ar shealbhóir oifige faoi na hAchtanna seo. Os a choinne sin, sonraítear go sainráite sa sainmhíniú ar “fostaí” go nglacfar le sealbhóir oifige atá ag obair de réir conradh fostaíochta i seirbhís an Stáit mar fhostaí atá fostaithe ag an Stát nó Rialtas. Nuair a bhí na forálacha reachtúla thuasluaite á gcur i bhfeidhm, chinn an OB nach bhféadfadh bunú aon chaidreamh fostaíochta féideartha ag eascairt as ceapachán an Ghearánaigh mar Bhreithneoir a bheith ach idir é féin agus an tAire agus ní idir é féin agus an Freagróir.

Ina theannta sin, thug an OB faoi deara gur bhain na cásanna ar thagair an Gearánach dóibh an bonn den mhaíomh go raibh an Freagróir ainmnithe i gceart. Le linn dó a bheith ag trácht ar na cásanna a chuir an Gearánach os a chomhair, thug an OB faoi deara go raibh sé soiléir gur glacadh leis an Aireacht/Roinn Rialtais iomchuí mar an freagróir ceart seachas leis an mBinse nó comhlacht reachtúil iarbhír a raibh na dualgais a bhain lena n-oifig reachtúil á gcur i gcrích ag na hiarrthóirí lena n-aghaidh.

Chinn an OB nach raibh aon chaidreamh fostóra/fostaí idir an Gearánach agus Freagróir de réir bhrí na dtéarmaí dá bhforáiltear dóibh sna hachtacháin iomchuí sa chás seo agus, dá réir sin, nach raibh an locus standi riachtanach ag an nGearánach. Ar deireadh, thug an OB faoi deara gur cheart go mbeadh aon bhreithniú ar an gcaidreamh idir an Freagróir agus an Gearánach i gcomhthéacs na dtástálacha iomchuí chun cinneadh a dhéanamh maidir le stádas fostaíochta arna leagan síos ag na cúirteanna á bhreithniú i dtéarmaí aon imeachtaí in aghaidh an Aire agus ní an Freagróir.

## **2. Iarratas de bhun alt 39(4) de OWT ar saoire chun imeachtaí a thionscnamh in aghaidh an Aire mar chomhfhreagróir**

### **Cúlra:**

Dheimhnigh an tAire go dtoileodh sé le haon iarratas a d'fhéadfadh an Gearánach a dhéanamh faoi alt 39(4) de OWT ar saoire chun imeachtaí a thionscnamh ina aghaidh i ndáil leis an ní seo. Dheimhnigh an tAire, áfach, go raibh toiliú dá leithéid gan dochar d'aon chosaintí agus do gach cosaint ar a bhféadfadh sé brath b'fhéidir chun na gearáin a chomhlíonadh, nuair a bheidh sé páirteach sa phróiseas.

### **Fionnachtana:**

D'fhonn cead a dheonú d'fhostaí forálacha alt 39(4) de OWT a agairt, ní mór go mbeadh OB sásta go bhfuil na coinníollacha atá sonraithe san fho-alt á gcomhlíonadh, eadhon:

- (a) Gur tionscnaíodh gearán roimhe seo maidir leis an ní céanna in aghaidh páirtí atá ainmnithe nó tuairiscithe go mícheart;
- (b) Tá deis éisteachta tugtha don fhreagróir molta i ndáil leis an iarratas;
- (c) Gur tharla an earráid a bhain le hainmniú nó tuairisciú an fhostóra sa chás bunaidh mar gheall ar neamhaire; agus
- (d) Ní dhéanfar éagóir ar an bhfreagróir molta nua má dheonaítear cead.

Nuair a cuireadh na tástálacha thuasluaite i bhfeidhm, bhí an OB sásta gur comhlíonadh na coinníollacha a bhfuil cur síos déanta orthu ag (a) - (d) sa chás seo. Dá réir sin, dheonaigh an OB cead don Ghearánach de bhun alt 39(4) de OWT chun imeachtaí a thionscnamh in aghaidh an Aire iomchuí i ndáil leis na gearáin a rinneadh faoi PEPTW, PEFTW agus OWT.

Ar deireadh, shoiléirigh an OB nach raibh forálacha alt 39(4) de OWT foráil chun freagróir amháin a ionadú le freagróir eile atá páirteach in éileamh eile cheana féin. Sa chás go ndeonaítear cead de bhun alt 39(4), ansin ní mór don Ghearánach a (h)éileamh a thionscnamh as an nua in aghaidh an pháirtí chirt trí nósanna imeachta bunaithe WRC tríd an ngnáthfhoirm tionscanta a chomhlánú.

### 3. Iarrtas chun Aire a áireamh mar chomhfhreagróir le haghaidh na n-imeachtaí

#### Cúlra:

Ní raibh iarracht á déanamh ag an nGearánach ainm an Fhreagróra a leasú nó Freagróir amháin a ionadú le Freagróir eile, ach bhí iarracht á dhéanamh aige an tAire a áireamh mar chomhfhreagróir le haghaidh na n-imeachtaí. Rinne an Freagróir ainmnithe agóid i gcoinne an iarratais seo.

#### Fionnachtana:

Ag brath ar chinneadh *Travelodge Management Limited v. Sylwia Wach EDA1511*, dhearbhaigh an OB go ndearnadh an t-iarratas an tAire a áireamh mar chomhfhreagróir lasmuigh de na teorainneacha ama reachtúla agus dá bhrí sin, nach bhfuil an dlínse ag an OB an leasú seo a cheadú.

### 4. Iarratas ar eisiamh

#### Cúlra:

Tharraing aturnae an Ghearánaigh aird ar an bpointe gur cheart don OB a ceapadh sa chás seo, Enda Murphy, é féin a eisiamh. D'áitigh an Gearánach de bhrí gur fheidhmigh an OB a sannadh don chás seo mar Oifigeach Comhionannais sa Bhinse Comhionannais agus mar Phríomhoifigeach Cúnta sa Roinn iomchuí roimhe seo, dhá ról atá ainmnithe mar chomparadóir chun críche na gearáin iomchuí, go bhféadfadh sé seo a bheith mar bhonn leis an tuairim go bhfuil coinbhleacht leasa i gceist.

Bhraith an Gearánach ar thástáil na claontachta oibiachtúla a shonraigh Fehilly J in *O'Callaghan v. Mahon* [2008] 2IR 514. Ní dhearna an Freagróir aon aighneachtaí mar fhreagra.

#### Fionnachtana:

Trí thástáil na claontachta oibiachtúla atá mínithe ag Denham J ag mír 54 i gcinneadh na Cúirte Uachtaraí in *Goode Concrete v. CRH* [2015] 3 IR 493, chinn an OB gur theip ar an nGearánach a bhunú go mbeadh imní réasúnach ar dhuine réasúnach, in imthosca uile an cháis, nach mbeadh éisteacht chothrom agus neamhchlaon tugtha dóibh sa chás go leanfadh an OB leis na gearáin seo a imscrúdú. Chiallaigh an prionsabal dlí choitinn seo nár cheart dó neamhaird a dhéanamh dá dhualgas. Dá réir sin, ní raibh aon bhonn ann a chiallóidh gur cheart don OB Enda Murphy, aontú le hiarraidh an Ghearánaigh ar eisiamh i ndáil leis an ní seo.

### Conclúid

Dearbhaíodh go raibh an Gearánach ag díriú ar an bhfreagróir mícheart agus nach raibh sé ceaptha ag an bhFreagróir ainmnithe de bhun conradh fostaíochta de réir bhrí na n-achtachán sonrach a bhain leis an gcás seo. Dá réir sin, chinn an OB nach raibh an locus standi riachtanach ag an nGearánach agus dá réir sin nach raibh aon dlínse ag an OB na gearáin seo a éisteacht. Dheonaigh an OB cead don Ghearánach de bhun alt 39(4) de OWT chun imeachtaí a thionscnamh in aghaidh an Aire iomchuí i ndáil leis na gearáin ar fad.

Ar deireadh, in ADJ-00020185 agus ADJ-00020187, mhaígh an Gearánach freisin gur sháraigh an Freagróir na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967, de bhrí gur theip air a theidlíochtaí iomarcaíochta reachtúla a íoc nuair a foirceannadh a fhostaíocht. In ADJ-00020185, ADJ-00020187 agus ADJ-00020191, mhaígh an Gearánach gur sháraigh Acht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973, de bhrí gur theip air a theidlíochtaí fógra reachtúla a chur ar fáil dó nuair a foirceannadh a fhostaíocht. Bunaithe ar na cúiseanna thuasluaite freisin, áfach, theip ar na gearáin seo freisin, de bhrí go raibh an freagróir mícheart ainmnithe.

## Íoc Pá

### Cás/Cinneadh

**Iascaire v. Úinéir Trálaeir Iascaireachta, ADJ- 00026812:**

#### Eochairfhocail:

Uaireanta iomarcacha oibre, pá neamhíochta, saoire poiblí.

### Cúlra

Bhí an Gearánach fostaithe mar iascaire idir an 22 Nollaig 2016 agus an 15 Lúnasa 2019. Bhain an cás seo le roinnt gearán faoin Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (“NMW”), an tAcht um Íoc Pá, 1991 (“PWA”) agus an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (“OWT”). Mhaígh an Gearánach nár íocadh é de réir NMW; nár íocadh é as na huaireanta a d’oibrigh sé; nár cúitíodh é le haghaidh na Laethanta Saoire Poiblí a d’oibrigh sé; nach bhfuair sé na laethanta saoire cearta; agus gur oibrigh sé níos mó ná 48 uair an chloig sa seachtain. Theip ar ionadaí an Fhreagróra freastal ar an dara héisteacht ach chuir sé in iúl go raibh sé sásta dá mbeadh cinneadh á eisiúint ag an AO. Chomh maith leis sin, chuir ionadaí an Ghearánaigh in iúl go raibh sé sásta dá mbeadh cinneadh á éisiúint ag an AO.

### Fionnachtana

#### Ní Réamhráiteach – Síneadh a chur le Teorainn Ama

Thug an OB faoi deara gur náisiúnach coigríche an OB atá i mbun fostaíochta contúirtí. Chuir sé in iúl freisin nár thuig an Gearánach a chearta fostaíochta go dtí go bhfuair sé cúnamh ó “Cearta na nImirceach”. Chinn an OB go míníonn na cúiseanna a chuir an Gearánach ar fáil an mhoill agus go bhfuil leithscéal as an moill san áireamh iontu freisin.

Dá réir sin, dheonaigh an OB síneadh a chur leis an teorainn ama de réir alt 41(8) d’Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015. De bhrí gur tíolacadh an gearán ar an 30 Eanáir 2020, chinn an OB gur cuimsíodh i dtréimhse an imscrúdaithe an tréimhse idir an 31 Eanáir 2019 agus an 15 Lúnasa 2019, dáta fhoirceannadh na fostaíochta.

### Na Gearáin

#### An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000:

Thug an OB faoi deara nár lorg an Gearánach ráiteas scríofa ón bhFreagróir maidir lena uair-ráta pá. Dá thoradh sin, agus de bhun alt 24(2) de NMW, ní féidir an díospóid maidir leis an uair-ráta pá a chur faoi bhráid WRC nó ní féidir le OB an díospóid seo a éisteacht. Dá réir sin, chinn an OB nach raibh bonn faoin éileamh seo.

#### An tAcht um Íoc Pá, 1991 agus An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997:

Thug an OB faoi deara go raibh coinbhleacht fianaise le tabhairt faoi deara sa mhéid is gur líomhain an Gearánach gur oibrigh sé 17 n-uair an chloig sa lá fad is a bhí sé ar muir ach nár íocadh é ach le haghaidh 8 n-uair an chloig sa lá. D’áitigh an Freagróir nach raibh sé seo fíor de bhí nár oibrigh an bád “ar lán na scóige” agus go raibh roinnt mhaith iamh-aga. Níor choimeád an Freagróir taifid don bhád, áfach, agus ina ionad sin d’foc sé an méid céanna leis an bhFreagróir gach seachtain de bhrí gur “seachtain mheánaithe” a bhí i gceist. Chinn an OB gur sháraigh an Freagróir alt 25 de OWT agus I.R. Uimh. 709/2003 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Oibrithe ar Bord Soithí Iascaireachta Farraige) (Eagrú Ama Oibre), 2003, ar an mbonn gur sháraigh sé líon na n-uaireanta oibrithe a thaifeadadh. Chomh maith leis sin, chinn an AE, ó tharla nach raibh aon taifid ar fáil, go raibh dualgas air glacadh le fianaise an Ghearánaigh. Dá réir sin, chinn sé, bunaithe ar chothroime dóchúlachtaí, gur oibrigh an Gearánach 17 n-uair an chloig sa lá fad is a bhí sé muir agus 8 n-uair an chloig sa lá fad is a bhí sé ar talamh. Dá bharr sin, chinn an OB go raibh bonn leis an éileamh agus go ndearna an Freagróir asbhaint mhídhleathach as pá an Ghearánaigh a sháraigh alt 5 de OWT, asbhaint ghlan a bhí cothrom le €5,364.79.

Chomh fada is a bhain leis an ngearán maidir le pá laethanta saoire poiblí, thagair an OB dá fhionnachtain thuas, is é sin, de bhrí gur theip ar an bhFreagróir aon taifid a choimeád, agus bunaithe ar chothroime dóchúlachtaí, gur oibrigh an Gearánach 17 n-uair an chloig sa lá fad a bhí sé ar muir. De bhun PWA, bhronn an OB €191.10 ar an nGearánach i ndáil le cailteanas eacnamaíoch a bhain leis na laethanta saoire poiblí a d’oibrigh sé.

Ar deireadh, chomh fada is a bhain leis an ngearán faoi níos mó ná 48 uair an chloig oibre a dhéanamh sa tseachtain, chuir an OB in iúl *“gur tionscal é seo atá faoi réir na ndálaí aimsire thar a bheith dúshlánach agus gurb é sábháilteacht na n-iascairí an rud is tábhachtaí.”* Chomh maith leis sin, dúirt an OB an méid seo a leanas, *“tá sé riachtanach iascairí a chosaint in aghaidh uaireanta oibre iomarcacha a d’fhéadfadh a bheith mar bhonn le hearráidí a dhéanamh le linn dóibh a bheith ag obair a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar a sábháilteacht féin agus ar shábháilteacht a gcomhghleacaithe.”* Thagair an OB do na prionsabail a shonraigh ECJ in Van Colson Kamann v. Land Nordrhein-Westfalen [1984] ECR1891, *“sa chás go bhfuil ceart aonair sáraithe, ní hamháin gur cheart don sásamh breithiúnach cúiteamh do chailteanas geilleagrach an ghearánaigh, ba cheart dó feidhmiú mar chosc dáiríre in aghaidh calaoisí amach anseo”.* Dá bharr sin, chinn an OB, le cois aisíocaíocht a dhéanamh le haghaidh uasmhéid 12 mhí roimh an dáta a gcuirtear an gearán faoi bhráid WRC, ceadáionn OWT cúiteamh a bhronnadh, tuarastal le haghaidh suas le uasmhéid de 2 bhliain. Thug an OB faoi deara gurb amhlaidh atá chun leigheas éifeachtach a sholáthar de bhun dhlí AE, agus *“cosc éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach in aghaidh calaoisí amach anseo.”* Chuige sin, bhronn an OB cúiteamh luach €15,000 ar an nGearánach.

Threoraigh an OB go ndéanfaí na híocaíochtaí seo laistigh de shé seachtaine ó dháta an chinnidh.

#### Cás/Cinneadh

**Maor Tráchtá v. Cuideachta Bainistíochta Páirceála, ADJ-00030203:**

#### Eochairfhocail:

An tAcht um Íoc Pá, fóirdheontas COVID-19.

### Cúlra

Baineann an gearán seo le líomhain maidir le hasbhaint mhídhleathach pá contrártha d’alt 5 d’Acht um Íoc Pá, 1991 (“PWA”). Bhí an Gearánach fostaithe ag an bhFreagróir ón 8 Eanáir 2018 agus bhí olltuarastal de €1,928 in aghaidh na míosa, nó €11.48 in aghaidh na huair a fháil aici. Dhearbhaigh an Gearánach gur asbhain an Freagróir €576 go mídhleathach óna pá, ainneoin nár laghdaigh a huairanta oibre i rith na tréimhse iomchuí. Mar fhreagra, chuir an Freagróir in iúl mar geall ar chúlú gnó mar thoradh ar COVID-19, gur bronnadh scéim fóirdheontais tuarastail COVID-19 ar an gcuideachta. Dhearbhaigh an Freagróir gur íoc sé an fóirdheontas tuarastail leis an nGearánach i ndáil lena glanphá meánach do mhí Eanáir agus Feabhra, agus gur íoc sé an breisiú uasta a d’fhéadfaí a sholáthar faoin scéim.

### Fionnachtana

Chinn an OB go raibh bonn faoin ngearán. Thug sé faoi deara nár stop uaireanta oibre an Ghearánaigh i rith na tréimhse iomchuí, ach amháin nuair a bhí sí as láthair mar go raibh uirthi féin-aonrú. Chomh maith leis sin, chinn sé go raibh an Gearánach i dteideal íocaíocht €11.48 in aghaidh na huair a fháil i ndáil le gach uair a d’oibrigh sí, beag beann ar fhóirdheontas COVID-19. Níor thoiligh an Gearánach le laghdú ar a huair-ráta pá riamh, rud a chiallaíonn nár cheart go mbeadh a ráta pá coigeartaithe ag an bhFreagróir. Chinn an OB gur sháraigh an Freagróir alt 5 de PWA trí asbhaintí a dhéanamh ó phá an Ghearánaigh gan toiliú a fháil uaithe. Threoraigh an OB don Fhreagróir a ráta pá ceart a íoc leis an nGearánach don 440 uair a d’oibrigh sí i rith na tréimhse, ag €11.48 in aghaidh na huair.

### Dífhostú Éagórach

#### Cás/Cinneadh

**Tiománaí Cóiste v. Cuideachta Cóiste, ADJ-00026224:**

#### Eochairfhocail:

Dífhostú éagórach, leanúnachas seirbhíse, ríomh seirbhíse, amhras maidir le dífhostú.

### Cúlra

Bhí an Gearánach fostaithe ag cuideachta cóiste an Fhreagróra mar thiománaí/mar threoraí séasúrach ó mhí Aibreáin 2016. Líomhain sé gur dhífhostaigh an Freagróir go héagórach é ar an 15 Iúil 2019 agus lorg sé cúiteamh trí leigheas le haghaidh dífhostú éagórach faoi alt 8 d’Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977 (“UDA”). Ghlac na páirtithe leis nár cuireadh conradh fostaíochta ná nósanna imeachta araíonachta ar fáil don Ghearánach riamh. Chomh maith leis sin, ghlac na páirtithe leis gur íocadh ollphá meánach €550 leis an nGearánach in aghaidh na seachtaine. D’áitigh an Freagróir nach raibh an réamhriachtanas maidir le seirbhís leanúnach bliana curtha i gcrích ag an nGearánach chun leanúint le héileamh UDA. Chomh maith leis sin, dhearbhaigh an Freagróir gur thréig an Gearánach a fhostaíocht agus, dá bhrí sin, gur glacadh leis go raibh sé tar éis éirí as a fhostaíocht.

Nuair a cuireadh tús arís leis an éisteacht, dhearbhaigh an Freagróir gur baineadh an Gearánach óna gnáthshannachán oibre ar iarratas ó Thionscnóir Turas Tríú Páirtí, ach go raibh obair oiriúnach eile ar fáil don Ghearánach. Bhréagnaigh an Gearánach aighneachtaí an Fhreagróra.

## Fionnachtana

Maidir le cibé acu an raibh nó nach raibh bliain de sheirbhís leanúnach curtha i gcrích ag an nGearánach, bhreithnigh an OB alt 2(1) (a) agus alt 3(4) de UDA. Chomh maith leis sin, bhreithnigh an OB Acht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 agus an tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1971. Thug an OB faoi deara go raibh an Gearánach fostaite ag an bhFreagróir ar bhonn séasúrach idir 2016 agus 2019 agus nach raibh aon fhianaise ann maidir le foirceannadh ó cheachtar páirtí le haghaidh na n-idirthréimhsí. Dá réir sin, bhí an OB sásta, i rith na dtráthanna ábhartha ar fad idir Aibreán 2016 agus Iúil 2019, gur fostaí ba ea an Gearánach agus gur cheart na tréimhsí idir fostaíocht a bhreithniú go cuí mar leagan as nó neamhláithreach de réir comhaontaithe. Thagair an OB do Redmond on Dismissal Law Ryan, agus braitheadh ar Farrell v. Farcourt Foods Ltd. UD/610/1989: *“Níl conradh fostaíochta fostaí atá leagtha as foirceannta agus in imthosca den sórt sin ní gá gurb ionann P45 a eisiúint agus foirceannadh.”* Chinn an OB, bunaithe ar chothroime dóchúlachtaí, nach raibh an Gearánach as láthair óna fhostaíocht le haghaidh níos mó ná 26 seachtain idir tréimhsí leanúnacha fostaíochta. Dá bharr sin, chinn an OB go raibh an tseirbhís leanúnach bliana riachtanach comhlíonta ag an nGearánach de réir bhrí UDA chun críocha gearán maidir le dífhostú éagórach a dhéanamh.

Ansin bhreithnigh an OB brí *“dífhostú”* faoi UDA agus faoin dtástáil oibiachtúil atá mínithe in Devaney v. DNT Distribution Company Ltd UD412/1993 mar *“...is é an rud is gá a bhreithniú conas a bhféadfadh fostaí réasúnach, sna himthosca ar fad, rún an fhostóra a thuiscint.”* Bunaithe díreach ar na fíorais neamhchospóidte, eadhon gur bhreithnigh an Gearánach gur obair rialta ba ea a shannadh don turas céanna le haghaidh roinnt séasúr, bhí an OB sásta go mbeadh fostaí réasúnach den tuairim go raibh sé dífhostaithe nuair a cuireadh in iúl dó nach mbeadh sé páirteach sa turas sin sna himthosca.

Thug an OB faoi deara go bhforchuireann alt 6 de UDA ualach ar an bhfostóir a chruthú nach raibh dífhostú éagórach. Thug an OB faoi deara gur theip ar an bhFreagróir aon fhianaise a thairiscint a léirigh go raibh forais shubstantiúla ann chun an Gearánach a dhífhostú. Bhí an OB sásta, dá réir sin, gur dífhostaíodh an Gearánach go héagórach de réir bhrí UDA.

Ar deireadh, bhreithnigh an OB go raibh sé cóir agus cothromasach sna himthosca ar fad cúiteamh luach €7,700 a bhronnadh ar an nGearánach, suim a bhí comhionann leis an luach saothair don chuid eile den séasúr turasóireachta.

## Cás/Cinneadh

### Comhordaitheoir Oibríochtaí v. Soláthraí Seirbhíse Bainistíochta Saoráidí, ADJ:-

#### Eochairfhocail:

An tAcht um Dhífhostú Éagórach, dífhostú inchiallaithe, sláinte agus sábháilteacht, paidéim COVID-19, séanadh conartha, réasúntacht.

## Cúlra

D'oibrigh an Gearánach mar chomhordaitheoir oibríochtaí saoráidí i UCD idir an 1 Bealtaine 2014 agus an 12 Bealtaine 2020, agus bhí €742.50 sa tseachtain á thuilleamh aici. Ghlac an Gearánach agus beirt chomhghleacaithe saoire bhreiteachta le teastas i ndiaidh, dar leo, don Fhreagróir diúltú déileáil le hábhair imní sláinte agus sábháilteachta san áit oibre a bhain le COVID-19 a raibh aird tarraingthe acu orthu. Shéan an Freagróir é seo agus shéan sé go raibh an Gearánach i dteideal glacadh leis go raibh sí dífhostaithe go héagórach ar an 12 Bealtaine 2020.

## Fionnachtana

Thug an OB faoi deara de bhun an tsainmhíneithe reachtúil ar *“dífhostú”* agus cásdlí (*Western Excavating (ECC) Ltd v. Sharp* [1978] IRLR 27 agus *Conway v. Ulster Bank* UD474/1981), go bhfuil dhá thástáil uathúla ann le haghaidh dífhostú éagórach: tástáil séanta conartha agus an tástáil réasúntachta. Thug an OB faoi deara freisin nach gceanglaítear ar an bhfostaí ach tástáil amháin a chomhlíonadh.

Chinn an OB gur chomhlíon an Gearánach an tástáil séanta conartha le haghaidh dífhostú éagórach. Thug an OB faoi deara gurb ionann an ceanglas go bhfreastalódh an Gearánach ar an áit oibre gan breithniú cuí a dhéanamh ar dhíothú riosca agus séanadh conartha.

D'eascair sé seo as an tuiscint gur téarma bunúsach den chonradh fostaíochta é áit shábháilte oibre a sholáthar.

Níor chomhlíon an Freagróir an creat rialála trí iarracht a dhéanamh ar dtús an riosca a dhíothú, rud ba chúis leis an nGearánach a bheith ag freastal ar an áit oibre, rud a bhí contúirteach. Sa chás seo, d'fhéadfaí an riosca a dhíothú nó a laghdú go héasca trí chéimeanna "a mhéid is indéanta le réasún", mar a mhol an Gearánach.

Chomh maith leis sin, chinn an OB gur chomhlíon an Gearánach an tástáil réasúntachta le haghaidh dífhostú éagórach. Rinne an Gearánach casaoid shoiléir agus mhol sí conas a d'fhéadfaí an obair a dhéanamh ar an mbealach ab shábháilte agus ab fhéidir. Níor bhreithnigh an Freagróir an méid sin go cuí, rud a chiallaigh nach raibh an dara rogha aici ach éirí as a post.

Chomh fada is a bhaineann le sásamh don dífhostú éagórach, thug an OB faoi deara go raibh fostaíocht eile aimsithe ag an nGearánach ag tús 2020. Chuir an phaindéim moill ar an gceapachán nua agus chuir an Gearánach tús lena ról nua cúig seachtaine i ndiaidh di éirí as a post. Thug an OB faoi deara go bhfuil fostaí atá dífhostaithe go héagórach i dteideal sásaimh atá cóir agus cothromasach, lena n-áirítear cailteanas airgeadais a eascraíonn as an dífhostú. Ní raibh an Gearánach fostaíthe le haghaidh cúig seachtaine i ndiaidh a dífhostaithe agus glacadh leis an gcaillteanas ioncaim dá bharr mar chailteanas airgeadais. Bhí an Gearánach i dteideal cúitimh comhionann le cúig seachtaine pá, seachtain oibre 45 uair an chloig ag luach saothair €16.50 in aghaidh na huair. Bhí sé seo cothrom le €3,712.50.

Ar deireadh, d'hearbhaigh an OB nach gcuimsítear sa chailteanas a eascraíonn as dífhostú cailteanas ioncaim roimh dhífhostú. Dá réir sin, ní raibh an Gearánach i dteideal cúiteamh don chailteanas ioncaim tabhaithe fad is a bhí sí a shaoire bhreiteachta le teastas. Thug an OB faoi deara nach raibh aon éileamh de bhun an Achta um Íoc Pá agus chreid an OB nach raibh aon teidlíocht chonartha do shaoire bhreiteachta le pá.

## Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015 – Scor Éigeantach

### Cás/Cinneadh

**Barbara Geraghty v. Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, ADJ-0000031:**

#### Eochairfhocail:

WRC agus reachtaíocht, cumhachtaí leasaithe, dlínse WRC agus na hArd-Chúirte, idirdhealú aoise, aoiseanna scoir socraithe, Acht Rialuithe na Stát-Seirbhíse, 1956.

### Cúlra

Bhain an cás seo le dúshlán an Ghearánaigh maidir lena haois scoir éigeantaigh, 65 bliain d'aois, de bhun alt 8 d'Acht Rialuithe na Stát-Seirbhíse, 1956 ("Acht 1956"). Iar-státseirbhíseach ba ea an Gearánach a raibh ról éagsúla á gcomhlíonadh aici idir 1969 agus 1980, agus idir 2000 agus 2015. Bhí tuairisc oibre maith aige agus bhí ardmholadh foirmiúil faighte aici. Roimh a dáta scoir, chuir sí in iúl don Fhreagróir go raibh sí ag iarraidh leanúint ar aghaidh ag obair nuair a bhí 65 bliain d'aois slánaithe aici.

Cuireadh in iúl di, áfach, go raibh a haois scoir socraithe. D'áitigh an Gearánach go raibh an aois scoir éigeantaigh idirdhealaitheach de bhrí nach raibh a comhghleacaithe a fostaíodh i ndiaidh 2004, a raibh dualgais chosúla á gcomhlíonadh aici, faoi réir Acht 1956 agus nach raibh orthu dul ar scor go dtí go raibh siad 70 bliain d'aois.

### Nithe Réamhráiteacha

Bhain roinnt díospóide le (i) dlínse WRC; agus (ii) an Freagróir ainmnithe.

#### Dlínse:

Thug an OB le fios gur pléadh le hidirdhealú aoise i gcás *Boyle, Cotter and Fitzpatrick v. An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Coimisinéir an Gharda Síochána agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre* ("Cás Boyle"). Ainneoin gur déileáladh le Cás Boyle os comhair na Cúirte Uachtaraí, rialaíodh nach raibh an dlínse reachtúil ag WRC píosa reachtaíochta atá achtaithe ag an Oireachtas a dhífheidhmiú.

Dá bharr sin, áfach, cuireadh Cás Boyle faoi bhráid CBAE a d'easaontaigh agus a rialaigh nach mór *"Dlí AE, go háirithe prionsabal thosaíocht dhlí AE, a léirmhíniú mar dhlí a choisceann reachtaíocht náisiúnta, cosúil leis an méid a bhí á cheistiú sna príomhimeachtaí, faoina bhfuil easpa dlínse ag comhlacht náisiúnta a bunaíodh faoin dlí chun forfheidhmiú dhlí AE a fhorfheidhmiú i réimse ar leith chun cinneadh a dhéanamh riail dlí náisiúnta a dhífheidhmiú atá contrártha do dhlí AE."* Dá bharr sin, chinn an OB de bhrí go raibh nithe a bhain le comhionannas fostaíochta AE san áireamh i raon WRC, go raibh dlínse aige i ndáil leis an ní seo, agus go bhféadfaí foráil náisiúnta a bhí i gcoinbhleacht le dlí AE a dhífheidhmiú.

### Freagróir Ainmnithe:

Chinn an OB ainneoin go mb'fhéidir go mbeadh raon níos leithne de Fhreagróirí comhpháirteacha ainmnithe níos fearr, go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim *"bunaithe ar thuairim phraiticiúil, laethúil, lárnach sa Státseirbhís"* agus dá bhrí sin, gur Freagróir ainmnithe i gceart iad na Coimisinéirí Ioncaim.

### Fionnachtana

Thug an OB faoi deara, faoi alt 34(4) de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015 ("EEA"), nach mór go mbeadh aois scoir éigeantaigh *"á cosaint go hoibiachtúil agus go réasúnach ag aidhm dhlísteanach"* agus *"go bhfuil na modhanna atá mar bhonn leis an aidhm sin a chomhlíonadh oiriúnach agus riachtanach"*.

Bhreithnigh an OB go raibh cás de chuid Chúirt Uachtarach na Ríochta Aontaithe, *Seldon v. Clarkson Wright & Jakes* [2012] IRLR 590, ar aon dul le fíorais an cháis seo. Tharraing an OB aird ar fhionnachtain Bhantiarna Hale *"[t]á difríocht idir údar a thabhairt d'aois scoir agus d'údar a thabhairt don aois scoir seo."* Chinn an OB go raibh feidhm le halt 8 d'Acht 1956 i ndáil le cohórt atá *"ag laghdú go tapa"* sa mhéid is nár bhain sé ach le daoine a earcaíodh roimh 2004. Chinn an OB, dá bhrí sin, nach bhféadfaí údar oibiachtúil a thabhairt d'aois scoir éigeantaigh alt 8, 65 bliain d'aois, de bhrí go bhféadfadh an oiread sin de chomhghleacaithe an Ghearánaigh, a raibh dualgais chosúla á gcomhlíonadh acu, a bheith ag obair go dtí go raibh siad 70 bliain d'aois.

Chinn an OB go raibh cás prima facie tugtha ag an nGearánach inar cuireadh in iúl go raibh sí faoi réir idirdhealú aoise. Ag cloí le Treoir 2000/78/CE AE agus Cás Boyle a dheimhniú thosaíocht dhlí AE, thug an OB faoi deara nach mór alt 8 d'Acht 1956 a dhífheidhmiú de bhrí go mbaineann sé leis an nGearánach ar bhonn aonair. De bhun alt 82(4) de EEA, bhronn an OB €82,000 ar an nGearánach - an t-uasmhéid cúitimh i bhfianaise dheachtanna CBAE i gcás ceannródaíoch Van Colson v Land Nordrhein-Westfalen, Cás 14/83, gur cheart go mbeadh damáistí i gcásanna idirdhealaithe éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach.

Is ionann an cás seo agus an chéad ásc de dhlí náisiúnta a bheith á dhífheidhmiú ag WRC de bhrí go raibh sé i gcoinbhleacht le dlí AE iar-Boyle; bhí dhá chás ann ina ndearna an OB *"léamh comhréireachta"* AE ar an Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997, bunaithe ar an oibleagáid dlí náisiúnta a léirmhíniú i gcomhréir le hábhar agus cuspóirí na teorach agus cásdlí CBAE: Comhordaitheoir Saoráidí v. BÁCÚS ADJ- 00019188; agus Fostaí v. Cuideachta Slándála ADJ-00028656.

### Cás/Cinneadh

**Altra Foirne Sinsearach v. Teach Altranais (Atá Faoi Leachtú), ADJ-00027325:**

#### Eochairfhocail:

Alt 2, 6, 34, 76, 79, 82 & 104 d'Achtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015, idirdhealú agus dífhostú idirdhealaitheach ar fhoras aoise, scor éigeantach, gan údar oibiachtúil a thabhairt.

### Cúlra

Thosaigh an Gearánach ag obair do theach altranais in 2014 faoi *"Conradh Téarma Sheasta Painéal Faoisimh"*. De bhrí nach ndearnadh aon athnuachaintí breise ar an gconradh ná aon téarmaí fostaíochta eile i scríbhinn, b'ionann fostaíocht an Ghearánaigh go héifeachtach agus fostaíocht ar chonradh tréimhse éiginnte. Bhí an coinníoll seo a leanas maidir le scor luaite sa chonradh: *"Is é 65 bliain d'aois an aois scoir. Is ar bhonn eisceachtúil a fhostaítear daoine atá níos sine ná an aois scoir agus tá sé bunaithe ar chomhaontú an fhostóra."* Nuair a cuireadh in iúl don Ghearánach go raibh a dáta scoir beagnach sroichte aici, chuir sí in iúl dá fhostóir go raibh sí ag iarraidh leanúint ar aghaidh ag obair i ndiaidh di 65 bliain a shlánú agus bhuail sí le bainisteoir chun an fhéidearthacht a bhain le síneadh a chur lena conradh a phlé. Dhearbhaigh an Freagróir don Ghearánach go mbeadh sí fostaíche le haghaidh bliain eile ar *"Conradh Fostaíochta Téarma Sheasta Iar-Scoir."*

Ocht mí ina dhiaidh sin, chuir an Gearánach in iúl go raibh siad ag iarraidh fanacht ag obair sa chuideachta le haghaidh bliain eile. Ní raibh an bainisteoir a raibh sí ag déileáil leis ar fáil níos mó agus is ag plé leis an stiúrthóir altranais a bhí sí an t-am seo. Chuir seisean in iúl di nach mbeadh cead aici fanacht i mbun fostaíochta i ndiaidh Dheireadh Fómhair 2019, ag deireadh a conartha. Chomhfhreagair an Gearánach leis an stiúrthóir agus leis an mbord stiúrthóirí agus thug sí faoi deara go raibh iarratas déanta ag an bhFreagróir víosaí a fháil le haghaidh altraí neamh-LEE a raibh sé beartaithe acu tosú ag obair ansin gan mhoill.



Bhí imní uirthi go bhfaigheadh duine éigin eile a post gan chúis. Ar an 25 Deireadh Fómhair 2019, fuair an Gearánach cumarsáid líne amháin deiridh ón stiúrthóir altranais inar deimhníodh gurb é an 28 Deireadh Fómhair 2019 a lá oibre deiridh. Lean an Freagróir ar aghaidh ag feidhmiú le haghaidh 11 mhí eile sula raibh sé faoi réir imeachtaí dócmhainneachta os comhair na hArd-Chúirte. Sula ndeachaigh an Freagróir faoi leachtú, lorg an Gearánach dámhachtain cúitimh le haghaidh an idirdhealaithe aoise a raibh uirthi déileáil leis. Le cois na hanacra agus na tarcaisne a mb'éigean di déileáil leis, chaill sí tuarastal 11 mhí, thart ar €64,713, iomarcaíocht reachtúil de thart ar €7,500 agus íocaíocht ex gratia de thart ar €3,000. Ghlac an leachtóir ceaptha áit an Fhreagróra.

### Fionnachtana

Thug an OB faoi deara go gceanglaíonn alt 34(4) d'Achtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015 ("EEA"), arna léirmhíniú ag cásdlí le déanaí, ar fhostóir a léiriú ní hamháin go bhfuil sprioc bailí ag tabhairt údair oibiachtúil agus réasúnta don chinneadh aois scoir a shonrú, ach gur bealach oiriúnach agus riachtanach chun an sprioc sin a chomhlíonadh é scor ag an aois sin. I gcás an Ghearánaigh is cosúil go raibh a scor éigeantach bunaithe go hiomlán ar a dáta breithe. Níor tugadh aon údar oibiachtúil ó bhéal ná i scríbhinn agus ní raibh dada sonraithe sa Chonradh Téarma Sheasta maidir le halt 6(3)(c) de EEA a chomhlíonadh. Dá réir sin, bhí an Conradh Téarma Sheasta a eisíodh in 2018, inar sonraíodh nuair a shlánaigh an Gearánach 65 bliain d'aois, idirdhealaithe ar fhorais aoise agus neamhdhleathach. Nuair a lorg an Gearánach síneadh eile i scríbhinn roimh dhul in éag a conartha i mí Dheireadh Fómhair 2019, ní raibh aon phlé bríoch leis an bhFreagróir contrártha don Chód Cleachtais maidir le Saol Oibre Níos Faide (I.R. 600/2017) agus foirceannadh a fostaíocht. Arís, níor soláthraíodh aon réasúnaíocht lena léiriú go raibh aidhm dhlísteach ag tabhairt údarais oibiachtúil agus réasúnta dá scor éigeantach agus go raibh sé oiriúnach agus riachtanach chun an aidhm sin a chomhlíonadh.

Thug an OB faoi deara go raibh tuairisc oibre gan locht ag an nGearánach agus nach raibh aon saincheistanna acmhainne ann agus go raibh neart oibre ar fáil, go háirithe de bhrí go raibh fostaithe gníomhaireachta agus neamh-LEE á bhfrúiliú ag an bhFreagróir tráth a foirceannta ar an 28 Deireadh Fómhair 2019. Dá thoradh sin, chinn an OB gur séanadh 11 mhí fostaíochta eile ar an nGearánach, iomarcaíocht reachtúil agus íocaíocht ex gratia sular stop an Freagróir ag feidhmiú agus sula raibh sé faoi réir Ordaithe Foirceannta.

Chinn an OB go raibh cás prima facie bunaithe ag an nGearánach agus go raibh sí faoi réir dífhostaithe éagóraigh, nár bréagnaíodh. Bhronn an OB cúiteamh luach €85,000 ar an nGearánach de bhrí gur sáraíodh EEA agus ag féachaint don cheanglas go mbeadh an smachtbhanna "éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach".

## Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015 – Idirdealu

### Cás/Cinneadh

**Fostaí v. Bialann, ADJ- 00031747:**

### Eochairfhocail:

Comhionannas, toircheas, dífhostú.

### Cúlra

Ón mbliain 2019 bhí an Gearánach ag obair mar fhreastalaí don Fhreagróir. Dhearbhagh an Gearánach go raibh caidreamh maith aici le húinéir an Fhreagróra, Bean S., go dtí gur chuir sí in iúl di go raibh sí ag súil le páiste. Bhain an cás seo le líomhaintí a rinne an Gearánach maidir le dífhostú idirdhealaitheach ar fhorais toirchis; íospartha agus idirdhealú ar fhorais inscne i ndáil lena coinníollacha fostaíochta. Bhí easaontú idir na páirtithe freisin maidir le cibé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh an Gearánach a dhífhostú, agus maidir le pá an Ghearánaigh. Bhreithnigh an OB inter alia fianaise ó bhéal a tugadh faoi dhearbhasc ag an éisteacht, mar aon le comhráite, téacsteachtaireachtaí agus comhfhreagras i scríbhinn idir na páirtithe.

### Fionnachtana

Thug an OB gur ar an nGearánach atá an dualgas cruthúnais a bhunú nár éirigh sí as a fostaíocht. Bhreithnigh an OB an fhianaise a sholáthair na páirtithe, agus thug sé faoi deara go raibh "mearbhall suntasach" le tabhairt faoi deara thar ceann an Fhreagróra maidir lena fhianaise féin i ndáil le héirí as líomhnaithe an Ghearánaigh. Chinn an OB, a thug tosaíocht d'fhianaise shoiléir an Ghearánaigh, nár éirigh an Gearánach as a post ach gur dhífhostaigh an Freagróir í ar an 12 Márta 2020 agus nár cuireadh an méid sin in iúl di go dtí go bhfuair sí litir dar dáta an 22 Meitheamh 2020, nach bhfuair sí roimh an 27 Meitheamh 2020.

Ansin bhreithnigh an OB an dlí a bhain le hidirdhealú ar fhorais toirchis, eadhon: Treoir 2006/54 ón gComhairle maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha; an *“Treoir Athmhúnlaithe”* ina bhforáiltear go sainráite gur foirm d’idirdhealú toirmisceithe é cóir is lú fabhar ar fhorais toirchis; Treoir 92/85 ón gComhairle, Treoir Toirchis agus alt 2A d’Achtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015 (“EEA”), a thoirmisceann idirdhealú ar fhorais toirchis.

Thug an OB faoi deara gurb é an cás Éireannach is suntasaí a bhaineann le dífhostú ar fhorais toirchis *O’Brien v. Persian Properties trading as O’Callaghan Hotels*, DEC-E2012-010, cás inar bhraith an tOifigeach Comhionannais ar chinntí na Cúirte Breithiúnais in Dekker, Webb and Brown inar deimhníodh gurb ionann toircheas agus *“tréimhse chosanta speisialta”* agus tharraing sé aird ar an bpointe gur chinn an Chúirt Oibreachais in *Trailer Care Holdings Ltd v. Healy*, EDA128 *“nach gceadaíonn ach na himthosca is eisceachtúla nach mbaineann le riocht an toirchis bean a dhífhostú fad is atá sí torrach”*.

Tharraing an OB aird ar na coinbhleachtaí fianaise idir na páirtithe. Chomh maith leis sin, thug an OB faoi deara gur roghnaigh an Freagróir an cás seo a chosaint ar bhealach do-ghlactha, eadhon an t-ainm mícheart a thabhairt ar an nGearánach arís agus arís eile agus líomhaintí tromchúiseacha agus gan bhunús a dhéanamh in aghaidh an Ghearánaigh le linn di a bheith ag déileáil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí. Ar deireadh, chinn an OB gur bhunaigh an Gearánach cás prima facie maidir le dífhostú idirdhealaitheach ar fhorais toirchis agus go raibh bonn faoina héileamh maidir le dífhostú ar fhorais toirchis. Níor chinn an OB go ndearna an Freagróir íospairt ar an nGearánach ná go ndearnadh idirdhealú in aghaidh an Ghearánaigh ar fhoras inscne i ndáil leis na coinníollacha fostaíochta.

Thug an OB faoi deara go raibh agóid idir na páirtithe maidir le pá an Ghearánaigh. De bhrí nach raibh ar chumas an Fhreagróra faisnéis a thabhairt maidir leis an méid beacht a d’íoc sí leis an nGearánach, agus de bhrí nach raibh aon chonradh fostaíochta ann, ghlac an OB leis an bhfigiúr a chuir an Gearánach ar fáil, €439.35 le haghaidh 30 uair an chloig sa tseachtain bunaithe ar 6 uair an chloig sa lá thar 5 lá. Ar deireadh, bhronn an OB cúiteamh luach €15,000 ar an nGearánach i ndáil leis an gcóir idirdhealaithe a d’fhulaing sí agus d’fhonn cur ina luí ar an bhFreagróir nár cheart gníomhartha idirdhealaitheacha a dhéanamh amach anseo.

## Cás/Cinneadh

**Marie O’ Shea v. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ADJ-00024740:**

**Eochairfhocail:**  
Freastal réasúnta.

## Cúlra

Bhain an cás le teip líomhnaithe an Fhreagróra freastal ar an nGearánach fillleadh ar an obair i ndiaidh gortaithe, arb ionann é agus idirdhealú míchumais faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015 (“EEA”). Ghlac an Gearánach saoire bhreiteachta mar gheall ar ghortú géige thart ar mhí Iúil 2018. I mí Feabhra 2019, dheimhnigh an speisialtóir sláinte ceirde go raibh an Gearánach ábalta tabhairt faoi “dualgas modhnaithe.” Cuireadh trí thuarascáil eile ar fáil ina dhiaidh sin, inar sonraíodh oiriúnacht áirithe chun dualgais ach ní “gnáthdualgas.” Ba é an taifead ba thúisce de fhreastal réasúnta a bheith á shéanadh ar an nGearánach comhrá teileafóin a tharla i mí Bealtaine 2019. Nuair nár ghlac an t-oifigeach breithniúcháin páirt i gcumarsáid ina dhiaidh sin maidir le dualgais fhéideartha eile a thairiscint, níor tairgeadh na dualgais fhéideartha eile ina dhiaidh sin. Níor sonraíodh an chúis iarbhír a bhí le freastal réasúnta a dhiúltú riamh. Mhaígh an Gearánach gur caitheadh go héagórach léi mar gur diúltaíodh an rogha a thabhairt di leanúint ar aghaidh ag obair don Fhreagróir mar gheall ar a míchumas.

## Fionnachtana

Thug an OB faoi deara gurb ionann teip forais shonraithe a thíolacadh maidir le freastal réasúnta a dhiúltú agus an Gearánach a fhágáil idir dhá cheann na meá, rud a bheadh mar bhonn le comparáid a bheith á déanamh aici idir í féin agus daoine eile san áit oibre agus a bheith den tuairim gur caitheadh go héagórach léi. Os a choinne sin, thug an OB faoi deara go bhfuil oibleagáid an Fhreagróra a leithéid sin d’fhaisnéis a sholáthar riachtanach ionas gur féidir leis an nGearánach achomharc a bhí bhfuil bonn faoi a dhéanamh trí úsáid a bhaint as nós imeachta casaoide Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Thug an OB faoi deara nach ndearnadh aon mheasúnú suntasach leighis ar dhualgais an Ghearánaigh i gcomparáid lena ról. Ina ionad sin, ba é modh cosanta an Fhreagróra a chur in iúl go bhfuil ról an pharaimhíochaineora chomh teoranta sin do fhreagairtí éigeandála nach bhféadfaí freastal uirthi, seasamh nach raibh comhsheasmhach leis an reachtaíocht mar a chinn an Ard-Chúirt in *Cunningham v. Irish Prison Service* [2020] IEHC 282.

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na dualgais a bhíonn le comhlíonadh ag grád paraimhíochaineora, chinn an OB nach bhfuil ról an pharaimhíochaineora atá sonraithe sa sainchuntas poist teoranta do sheirbhís éigeandála a sholáthar ach fós féin bhí an measúnú ar oiriúnacht chun dualgais agus cosaint an ghearáin teoranta do na cúraimí éigeandála – rogha cúraimí nach bhfuil comhsheasmhach leis an gCúirt Uachtarach in *Nano Nagle School v. Daly* [2019] IESC 63.

Chinn an OB gurb é conclúid mheasúnú teoranta an Fhreagróra nach raibh sí in ann a cuid dualgas a chomhlíonadh agus gur bhraith an Freagróir ar a míchumas chun í a eisiáimh ón áit oibre agus tríd an méid sin a dhéanamh nár chomhlíon an Freagróir a oibleagáidí faoi alt 16 de EEA. Dá thoradh sin, chinn an OB gur idirdhealaigh an Freagróir in aghaidh an Ghearánaigh ar fhoras míchumais. Le linn don OB teacht ar an gcinneadh seo, measadh, chun gearán bailí a dhéanamh faoi alt 16 de EEA, nach gá comparadóir ainmnithe a sholáthar. Ag tabhairt faoi deara nach bhfuil teip freastal réasúnta a sholáthar sainmhínithe mar idirdhealú faoi EEA, shoiléirigh an OB an chúis gurb ionann teip alt 16 de EEA a chur i bhfeidhm, mar a tharla sa chás seo, agus idirdhealú.

Chinn an OB go raibh bonn faoin ngearán agus threoraigh sé don Fhreagróir cur i bhfeidhm EEA a athbhreithniú agus treoirínite scríofa agus oiliúint a ullmhú do bhainisteoirí líne agus AD maidir le conas a gcuireann siad téarmaí alt 16 de EEA i bhfeidhm laistigh dá réimse tionchair. Chomh maith leis sin, bhronn an OB €65,000 ar an nGearánach i bhfoirm cúitimh de bhun alt 82 de EEA.

## Na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2018 – Idirdealú

### Cás/Cinneadh

**Francis Eneas Kearney v. An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, ADJ-00031944:**

#### Eochairfhocail:

An tAcht um Stádas Comhionann, míchumas, idirdhealú neamhdhíreach, *Nathan v. Bailey Gibson, Stokes v. Christian Brothers High School Clonmel, CHEZ Razpredelenie Bulgaria AD v. Nikolova*.

## Cúlra

Cuimsíodh sa chás seo éileamh maidir le hidirdhealú míchumais faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2018 (“ESA”). Ní raibh an Gearánach, Francis Eneas Kearney, sásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil dó agus leis an mbealach ar chaith an Freagróir leis, an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. Ar dtús, sa bhliain 2020, rinne an Gearánach iarracht roinnt gearán a dhéanamh maidir le nuachtán, roinnt eintiteas príobháideach agus comhlachtaí seirbhíse poiblí maidir leis an mbealach ar chaith siad leis. Le linn dó na gearáin seo a chur faoi bhráid an Fhreagróra, ní raibh sé sásta (1.) leis an gceanglas foirm ES1 agus an fhoirm ghearáin a úsáid; (2.) an bealach ar caitheadh leis le linn dó úsáid a bhaint as líne theileafóin an fhreagróra i mí Dheireadh Fómhair 2020; agus (3.) 30 foirm ghearáin comhlánaithe a fháil tríd an bpost, thart ar 1,000 leathanach. Líomhain an Gearánach gurb ionann an bealach ar caitheadh leis, le linn dó seirbhís a rochtain, agus idirdhealú díreach agus neamhdhíreach mar aon le ciapadh, ar an bhforas míchumais.

## Fionnachtana

Bhreithnigh an OB na forálacha iomchuí maidir leis an dualgas cruthúnais faoi alt 38A de ESA a cheanglaíonn ar ghearánach tagairt do na fíorais atá mar bhonn le tátal idirdhealaithe nó ciaptha. Chomh maith leis sin, tharraing an OB aird ar oibleagáidí an Fhreagróra faoi Acht um Míchumas, 2005 agus alt 42 d’Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

Chinn an OB gur theip ar an nGearánach tátal maidir le hidirdhealú díreach a dhéanamh sa mhéid is gur theip air a léiriú go raibh aon ghníomh a rinneadh fostaithe an Fhreagróra déanta “ar fhorais” mhíchumas an Ghearánaigh. Ainneoin nach raibh an ceart ag an bhFreagróir ceist a chur ar an nGearánach foirm ES1 agus an fhoirm ghearáin a chomhlánú, ní dhearnadh amhlaidh bunaithe “ar fhorais” mhíchumas an Ghearánaigh. Thug an OB faoi deara go ndearna an Freagróir iarracht freastal ar mhíchumas an Ghearánaigh sa mhéid is gur ghlac bainisteoir an ionaid freagracht as na gearáin, labhair sé leis an nGearánach agus ghabh sé leithscéal leis, agus rinne sé iarracht cabhrú leis na gearáin a rinneadh a bhailíochtú. Chinn an OB nach ndearnadh aon ghníomh idirdhealaitheach díreach “ar fhorais” mhíchumas an Ghearánaigh.

Ansin bhreithnigh an OB na líomhaintí maidir le hidirdhealú neamhdhíreach. Scrúdaigh an OB brí agus impleachtaí dlí “*cleachtas riaracháin*”, “*foirmeáltacht iomarcach*” agus “*neamhchlaontacht*”.

Chomh maith leis sin, bhreithnigh an OB inter alia: *cás SAM Griggs v. Duke Power 401 US 42 (1971)*, cinneadh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *CHEZ Razpredelenie Bulgaria AD v. Nikolova (C-83/14)*; agus *cásanna Chúirt Uachtarach na hÉireann, Nathan v. Bailey Gibson [1996] ELR 114 agus Stokes v. Christian Brothers High School Clonmel [2015] IESC 13*. Tharraing an OB aird ar an bpointe, chomh fada is a bhain leis an nGearán maidir le hidirdhealú neamhdhíreach, go raibh sé de chúram air scrúdú a dhéanamh ar cibé acu ar chuir nó nár chuir “foráil” – sa chás seo, úsáid a bhaint as foirm éigeantach – duine faoi mhíchumas cosúil leis an nGearánach faoi mhíbhuntáiste ar leith agus má chuir, cibé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí údar oibiachtúil a lua leis an “foráil”. Thug an OB le fios go ndearnadh go leor cumarsáide leis an nGearánach, agus ar dhá ócáid gur cuireadh in iúl dó go mícheart go raibh comhlánú ES1 nó na foirme gearáin éigeantach. Chomh maith leis sin, leag an OB béim ar chomh tapa is a ndearna an Freagróir (agus bainisteoir an ionaid go háirithe), teagmháil leis an nGearánach chun cur in iúl dó nach raibh gá le ceachtar den dá fhoirm agus gur botún a bhí ann. Dá thoradh sin, chinn an OB go raibh fianaise neamhleordhóthanach ann maidir leis na foirmeacha a bheith éigeantach ionas go bhféadfaí glacadh leo mar “foráil”. Chinn an OB go mbeadh “botún” a bhí idirdhealaitheach go díreach, i.e., gníomh ar fhorais saintréith chosanta fós idirdhealaitheach, dá mba rud é gur earráid a bhí ann agus nach raibh an earráid sin déanta d’aon ghnó. Thug sé faoi deara freisin, áfach, nach féidir glacadh leis go bhfuil botún idirdhealaithe go neamhdhíreach ach amháin nuair is cuid de chleachtas, córas níos ginearálta atá ann etc., rud nach raibh fíor sa chás seo.

Ar deireadh, chinn an OB nach raibh an Gearánach faoi réir ciaptha arna dhéanamh ag an bhFreagróir. Ghlaigh an Gearánach ar an bhFreagróir agus ghlac sé páirt i bplé, tráth ar cuireadh in iúl dó, go mícheart, go raibh foirm ES1 éigeantach. Thug an OB faoi deara gur chuir an Gearánach in iúl go bhfuil allaire air agus go mbíonn deacrachtaí aige airde a ghutha a rialú. I rith an ghlaio teileafóin, chuir an Freagróir in iúl go gcuirfeadh sé deireadh leis an nglao agus rinne sé amhlaidh. Ina dhiaidh sin, ghlaigh bainisteoir ionad an Fhreasúra ar an nGearánach agus roinnt sé an fhaisnéis ceart maidir le foirm ES1 leis agus ghabh sé leithscéal leis faoin méid a tharla. Nuair a chuirtear an méid ar fad a tharla san áireamh, thug an OB le fios nach féidir glacadh leis gurb ionann an méid a tharla agus ciapadh trí dhínit duine a shárú agus timpeallacht a chruthú a bhí “imeaglaithé, naimhdeach, táireach, uiríslithe nó maslach”, de réir alt 11(5) de ESA. Ar an gcuma chéanna, chinn an OB trí 30 foirm ghearáin a sheoladh chuig an nGearánach, nach raibh sé i gceist ag an bhFreagróir go mbeadh aon iarmhairtí diúltacha aige sin.

Bhí an Gearánach ag iarraidh gearáin a dhéanamh faoi roinnt páirtithe agus bhí saincheisteanna teicniúla aige an fhoirm ghearáin ar líne a úsáid. Ansin seoladh na foirmeacha chuig an nGearánach chun cabhrú leis. Thug an OB aird ar an míchaoithiúlacht, ach trí gach rud a chur san áireamh, chinn sé nach raibh ciapadh i gceist.

Ar deireadh, chun an OB nár bhunaigh an Gearánach *cás prima facie* d’idirdhealú díreach ná neamhdhíreach, ná ciapadh ar an bhforas míchumais.

### Cás/Cinneadh

**Anthony Lyttle v. Buy Wise Discount Stores Costcutter An Trá Thuaidh, ADJ-00032493:**

#### Eochairfhocail:

Aghaidhmhasc, cumhdach aghaidhe, idirdhealú, stádas combhionann, míchumas.

### Cúlra

Cuimsítear sa chás seo dhá ghearán idirdhealaithe faoin na hAchtanna um Stádas Combhionann, 2000-2018 (“ESA”), a bhain leis an oibleagáid aghaidhmhasc agus cumhdach aghaidhe a chaitheamh in ionad miondíola. D’éiligh an Gearánach go raibh clástrafóibe air agus dá réir sin go raibh sé díolmhaithe ó mhasc a chaitheamh. D’áitigh an Gearánach, ag tús Eanáir 2021, go ndearna an Freagróir idirdhealú ina aghaidh ar fhorais a mhíchumais ar dhá ócáid ar leithligh. Tharla sé seo ar (i) an 5 Eanáir 2021, nuair a diúltaíodh rochtain ar sheirbhís dó de bhrí nach raibh aghaidhmhasc á chaitheamh aige, arb ionann é agus idirdhealú; agus (ii) roinnt laethanta ina dhiaidh sin nuair a d’fhill sé chun labhair leis an úinéir thug sé faoi deara go raibh roinnt comharthaí crochta ag cur in iúl nach raibh cead rochtana ag daoine nach raibh aghaidhmhasc á gcaitheamh acu, arb ionann é agus idirdhealú. Chomh maith leis sin, d’áitigh an Gearánach gur theip ar an bhFreagróir freastal go réasúnta air mar gheall ar a mhíchumas.

### Fionnachtana

Scrúdaigh an OB alt 3 de ESA maidir le hidirdhealú ar fhorais míchumais; alt 4 de ESA maidir le freastal réasúnta a sholáthar; agus alt 38A de ESA maidir leis an dualgas cruthúnais. Thug an OB faoi deara ionas go n-éireodh le héileamh maidir le hidirdhealú ar fhorais míchumais os comhair WRC, go raibh dualgas ar an nGearánach *cás prima facie* maidir le cóir idirdhealaitheach a bhunú a d’éascódh an dualgas cruthúnais a athrú chuig an bhFreagróir chun na líomhaintí maidir le hidirdhealú a bhréagnú.

Thug an OB faoi deara nach mór don Ghearánach a bhunú (i) go raibh sé faoi mhíchumas; agus (ii) go raibh an Freagróir ar an eolas faoina leithéid sin de mhíchumas agus gur chaith sé le níos lú fabhair leis an nGearánach mar gheall ar a mhíchumas. Thug an OB faoi deara nach ndearna an Gearánach aon fhianaise maidir lena mhíchumas a thabhairt ar aird. Sa chomhthéacs seo, ní raibh aon diagnóis leighis, tuairisc leighis ná doiciméid eile ag an nGearánach mar fhianaise ar a chlárstráfóibe. Chomh maith leis sin, chuir an OB in iúl ngach raibh aird tugtha ar aon fhianaise a thabharfadh le fios gur caitheadh le níos lú fabhair leis an nGearánach mar gheall ar a mhíchumas – go deimhin níos chuir an Gearánach aon sonraí maidir lena mhíchumas ar fáil don Fhreagróir i rith ceachtar den dá eachtra. Sna himthosca, chinn an OB gur theip ar an nGearánach cás idirdhealaithe *prima facie* a shuíomh ar fhorais mhíchumais. Chinn an OB, dá bharr sin, nach ndearna an Freagróir idirdhealú in aghaidh an Ghearánaigh ar fhorais a mhíchumais; agus nach ndearna an Freagróir idirdhealú in aghaidh ar fhorais mhíchumais de bhrí gur theip air freastal réasúnta a sholáthar dá mhíchumas.

## Na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2018 – Ciapadh

### Cás/Cinneadh

**Suchavadee Foley v. Atercin Liffey Unlimited ag trádáil mar Starbucks Tallaght, ADJ- 00028487:**

### Eochairfhocail:

Acht um Stádas Comhionann, ciapadh, pictiúr, cine.

### Cúlra

Bhí deoch á hordú ag an nGearánach, duine d'oidhreacht Théalannach-Éireannach, ón bhFreagróir, siopa caife, nuair a tharla an teagmhas a ndearnadh gearán faoi ar an 12 Eanáir 2020. Is cleachtas coiteann é go mbíonn ainm an chustaiméara á scríobh ag fostaithe an Fhreagróra ar chupán an chustaiméara nuair a ghlactar leis an ordú. Ní raibh ar chumas an fhostaí ar dualgas ainm an Ghearánaigh a litriú agus seachas sin tharraing sé pictiúr de mheangadh gáire agus súile an Ghearánaigh ar an gcupán. Dúirt an Gearánach gurb ionann na súile a tharraing an fostaí agus súile “claonta”, agus shíl an Gearánach go raibh sé seo colúil.

Is léir ón scannánaíocht CCTV den teagmhas gur thosaigh an Gearánach ag gáire ar dtús nuair a chonaic sí an líníocht, ach mhaígh sí gur freagairt neirbhíseach a bhí ann, agus gur mhothaigh sí thar a bheith míchompordach. In mí Meithimh 2020, rinne an Gearánach gearán maidir le ciapadh ar fhorais chine le WRC, agus bhí sásamh á lorg aici faoi alt 21 de na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2018 (“ESA”).

### Fionnachtana

Le linn dó athbhreithniú a dhéanamh ar ESA, thug an OB go bhfuil oibleagáid dhlíthiúil ar an *“duine freagrach”*, an siopa caife sa chás seo, gan cead a thabhairt do dhuine eile a bhfuil de cheart aige/aici a bheith i láthair san áit nó leas a bhaint as aon saoráidí, earraí nó seirbhísí a sholáthraítear san áit sin, gnéaschiapadh ná ciapadh a fhulaingt san áit sin.

Chomh maith leis sin, chuir an OB in iúl gurb ionann ciapadh agus *“iompar nár iarradh”* a bhaineann le foras idirdhealaitheach agus a bhféadfadh sé a bheith mar chuspóir nó éifeacht leis dínit duine a shárú agus timpeallacht imeaglaithe, naimhdeach, tháireach, uiríslithe nó atá ina hábhar coil a chruthú don duine. Cuimsítear ann gníomhartha, iarratais, focail labhartha, gothaí nó táirgeadh, taispeáint nó dáileadh focal scríofa, pictiúr nó ábhar eile.

Chinn an OB nach raibh sé i gceist ag an bhfostaí an Gearánach a uiríslíú ná a chinntiú go mbeadh sí míchompordach. Chinn an OB freisin, áfach, nach raibh dóthain oiliúna curtha ar fáil ag an bhFreagróir do bhaill foirne maidir lena chumhachtaí is atá líníochtaí agus pictiúr, agus gurb é an rud is tábhachtaí an bealach a mhothaíonn daoine fúthu. Chinn an OB go raibh an Freagróir mícheart nuair a dhearbhaigh sé nach teagmhas ciníoch a bhí ann nó go raibh sé mícheart brath ar thoilíú measta an duine a bhí ag déileáil leis an iompar. Chinn an OB nach raibh gach beart is indéanta le réasún curtha i gcrích ag an bhFreagróir chun an ciapadh a chosc.

Ar deireadh, chinn an OB gur íospartach ciapadh ciníoch ba ea an Gearánach agus gurb é an Freagróir an *“duine freagrach”* faoi alt 11 de ESA. Chinn an OB nach ndearna an Freagróir gach beart is indéanta le réasún chun cosc a chur ar an ngníomh ciaptha agus chomh maith leis sin go raibh sé faoi dhliteanas ionadach. Bhronn an OB cúiteamh luach €12,000 ar an nGearánach – agus nuair a bhí an cinneadh sin á dhéanamh, thug an OB aird ar chumas an Ghearánaigh ar na héifeachtaí a bhí ag an gciapadh uirthi agus na ghlac an Freagróir leis gur teagmhas ciníoch a bhí ann.

### Cás/Cinneadh

**Ball den Phobal v. Cuideachta Iompair Phoiblí, ADJ-00016728:**

#### Eochairfhocail:

Soláthraí seirbhíse, dualgas cruthúnais, ciapadh, idirdhealú, sásamh.

### Cúlra

Líomhain an Gearánach gur chaith an Freagróir, cuideachta iompair phoiblí, le níos lú fabhair léi, ar fhorais a ghnéaschlaonta agus míchumais roinnt uaireanta thar thréimhse ama shonraithe, contrártha d'alt 3 de na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2018 ("ESA"). Chomh maith leis sin, d'éiligh an Gearánach gurb ionann an bealach ar chaith an Freagróir leis agus ciapadh contrártha d'alt 11 de ESA. Lorg an Gearánach sásamh faoi alt 21 de ESA.

D'éiligh an Gearánach go raibh sé faoi réir cóir uiríslithe. Áiríodh anseo ainmneacha dímheasúla a bheith in úsáid, roinnt uaireanta ag tiománaí bus ar leith de chuid an Fhreagróra, an tUasal X. Chomh maith leis sin, d'éiligh an Gearánach gur dhiúltaigh an tUasal X an bus a thiomáint nuair a bhí an Gearánach ar bord. Shonraigh an Gearánach go raibh na téarmaí a úsáideadh nuair a bhí ainmneacha dímheasúla in úsáid nasctha go soiléir le forais idirdhealaitheacha a ghnéaschlaonta agus míchumais, agus gur léir gur caitheadh leis le níos lú fabhair ná húsáideoirí seirbhíse eile ar an mbonn seo. Chomh maith leis sin, chuir an Gearánach roinnt gearán i scríbhinn faoi bhréid an Fhreagróra i ndiaidh gach teagmhas. D'éiligh an Freagróir, thar ceann an Uasail X, gur dhiúltaigh sé úsáid a bhaint as na téarmaí dímheasúla líomhnaithe am ar bith. D'áitigh an Freagróir gur eascair an crá croí ar fad as díospóid maidir le táillí, de bhrí gur thug an tUasal X faoi deara nach raibh an táille cheart á híoc ag an nGearánach le linn dó a bheith ag taisteal. Ghlac an Freagróir leis go mb'fhéidir nár dhéileáil an tUasal X le cúrsaí mar ba cheart, ach go raibh an locht ar an nGearánach. Chuir an Freagróir fianaise ar fáil gur scannánaigh an Gearánach an tUasal X le linn dó tagairt dó mar dhuine homafóbach in áit phoiblí agus ar na meáin shóisialta.

### Fionnachtana

Chinn an OB nach raibh dóthain fianaise ar fáil a thabharfadh le fios go raibh an tUasal X airdeallach ar mhíchumas an Ghearánaigh ag pointe ar bith, agus dá réir sin, nach bhféadfá leanúint leis an gcuid sin den ghearán. Chinn sé, áfach, gur thacaigh na haighneachtaí a rinne an Gearánach, mar aon leis na gearáin chomhaimseartha a chur sé faoi bhráid an Fhreagróra, chun cás prima facie d'idirdealú ar fhorais ghnéaschlaonta a bhunú faoi alt 38A (1) de ESA. Chomh maith leis sin, chinn sé go raibh an Gearánach faoi réir ciaptha ar an bhforas gnéaschlaonta de shárú ar ESA. Chinn an OB nach raibh fianaise leordhóthanach curtha ar fáil ag an bhFreagróir chun an toimhde seo a bhréagnú, agus dá réir sin go raibh sé faoi dhliteanas le haghaidh ghníomhartha an Uasail X ar bhonn dliteanais ionadaigh faoi alt 42 de ESA. Bronnadh €7,500 mar shásamh ar an nGearánach.

## Nósanna Imeachta Cothroma – Croscheistiú

### Cás/Cinneadh

**Sandra Blakeney v. Verve Marketing Ltd., ADJ-00029223:**

#### Eochairfhocail:

Croscheistiú, dualgas cruthúnais, Treoir um Am Oibre, *Zalewski v. Workplace Relations Commission, Federación de Servicios de Comisiones Obreras (CCOO) v. Deutsche Bank.*

### Cúlra

Leagadh as an Gearánach mar gheall ar phaindéim COVID-19. Rinne sí sraith gearán faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 ("OWT"), mar aon le gearáin aonair faoi Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 ("TEIA"), an tAcht um Íoc Pá, 1991 ("PWA"), an tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977 ("UDA") agus an tAcht um Íocaíochtaí Iomarcáíochta, 1967 ("RPA") faoi seach. Aistarraingíodh na gearáin a rinneadh faoi UDA agus RPA ina dhiaidh sin. D'éiligh an Gearánach gur theip ar an bhFreagróir taifid maidir le ham oibre a choimeád mar a cheanglaíonn alt 25 de OWT. D'éiligh an Freagróir gur chiallaigh nádúr ról an Ghearánaigh go bhféadfadh sí féin cinneadh a dhéanamh maidir le sosanna a ghlacadh. Níor choimeád an Freagróir taifid dá chuid féin.

## Fionnachtana

Bhreithnigh an OB, i bhfianaise chás CBAE *Federación de Servicios de Comisiones Obreras v. Deutsche Bank C-55/18* (“CCOO Case”), nach bhfuil aon ualach fianaise ar an ngearánach i ndáil lena chás a chur i láthair. Ceanglaítear, áfach, ar an ngearánach, mar chuid de nósanna imeachta cothroma, a chás a shonrú go leordhóthanach ionas go dtuigeann an freagróir na taifid atá le cur i láthair i.e., na laethanta nó seachtainí ábhartha a shonrú. Nuair a bhíonn a chás sonraithe ag an ngearánach agus mura bhfuil aon taifid ag an bhfostóir, is é an fostóir atá freagrach as comhlíontacht a chruthú. Mura bhfuil taifid ag an bhfreagróir, is é an léirmhíniú is dócha a dhéanfar ar Chás CCOO nach mór go mbeadh an fhianaise a bhfuiltear ag brath uirthi chun comhlíontacht a léiriú cosúil le hoibiachtúlacht, iontaofacht agus inrochtaineacht taifead. Chinn an OB sa chás seo, nár shonraigh an Gearánach a cuid gearán. Dá réir sin, athraíodh an dualgas cruthúnais ón bhFreagróir comhlíontacht a léiriú in éagmais taifead.

Príomhcheist a bhain leis an gcás seo ról an chroscheistithe. D'éiligh aturnae an Ghearánaigh nár cheart an Gearánach a chros-cheistiú de bhrí nach raibh fianaise curtha ar fáil aici agus gur ar an bhFreagróir a bhí an dualgas cruthúnais. Thug an OB le fios, áfach, go raibh oibleagáid air cros-cheistiú a cheadú bunaithe ar chearta nóis imeachta an Fhreagróra. Ag an bpointe seo, d'aistarraing an Gearánach agus a haturnae ón éisteacht.

Thug an OB faoi deara go raibh argóint an Ghearánaigh bunaithe ar an bhfíoras gur ar an bhFreagróir a bhí an dualgas cruthúnais comhlíontacht le OWT a léiriú. Thug an OB faoi deara, áfach, nach ndearnadh na gearáin ar fad faoi OWT. Fiú amháin mura bhain na héilimh ach le héilimh ama oibre, ní dhéantar cinneadh maidir leis an gceart croscheistithe bunaithe ar dhualgas cruthúnais. Seachas sin, is ceart nóis imeachta de chuid an fhreagróra é beag beann ar cibé acu ar thug nó nár thug an gearánach fianaise dhíreach. Tagraíodh do chinneadh na Cúirte Uachtaraí in *Zalewski v. Workplace Relations Commission* [2021] IESC 24 mar chás inar léiríodh an tábhacht a bhaineann le croscheistiú mar “gné bhunúsach de nósanna imeachta cothroma.”

Chomh maith leis sin, leag an OB béim ar dhualgais OB mar atá sonraithe faoi alt 41(5) d’Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015. Cé nach dtagraítear go sonrach do chroscheistiú iontu seo, tagraíonn siad don dualgas fiosrúchán a dhéanamh ar an ngearán agus cead éisteachta a thabhairt do na páirtithe. Shonraigh sé an méid seo a leanas “glactar leis go coitianta go gcuimsítear sa deis chun éisteachta an deis croscheistiú a dhéanamh.”

Sa bhreis air sin, thug an OB faoi deara gur cuspóir amháin atá le croscheistiú fíorais a shoiléiriú agus níl an cuspóir seo teoranta d’fhianaise atá tugtha ag an bhfinné ach d’fhéadfadh go mbeadh baint aige le haon fhíoras iomchuí. Dá réir sin, bhí croscheistiú ar fáil don Fhreagróir ainneoin nach raibh fianaise tugtha ag an nGearánach.

Chomh maith leis sin, thug an OB faoi deara, laistigh de dhlí fostaíochta agus comhionannais go bhfuil dualgais chruthúnais éagsúla le tabhairt faoi deara. Sa chás go bhfuil sraith gearán déanta, ní bheadh sé praiticiúil cearta nóis imeachta a leithdháileadh de réir na ndualgas difriúil seo.

Ar deireadh, thug an OB faoi deara, ní hamháin nach mór dó cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil bonn leis an ngearán, ní mór dó cinneadh a dhéanamh freisin maidir le méid an tsáraithe ar mhaith le sásamh a mheas. Baineann tábhacht le croscheistiú, sa chás go lorgaítear a leithéid, i ndáil leis an sásamh oiriúnach atá le bronnadh.

De bhrí, áfach, gur fhág an Gearánach agus a haturnae an éisteacht, chinn an OB, de réir nósanna imeachta cothroma, nach raibh sé den tuairim go raibh bonn leis na gearáin.

## Díospóid Caidrimh Thionscail

### Cás/Cinneadh

**Stiúrthóir Náisiúnta Cúnta v. Soláthraí Seirbhíse Sláinte, ADJ 00027118:**

### Eochairfhocail:

Achtanna Caidrimh Thionscail, freagrachtaí breise.

### Cúlra

Bhain an ní seo le díospóid faoi alt 13 d’Acht Caidrimh Thionscail, 1969. Bhí an t-oibrí fostaithe mar Stiúrthóir Náisiúnta Cúnta, speisialtóir sa Mhíochaine Sláinte Poiblí ón mbliain 2005. Idir Bealtaine 2016 agus Iúil 2019, ghlac an t-oibrí le ról an Stiúrthóra, mar aon le freagrachtaí eile. Ainneoin go ndearna sé roinnt iarrataí, níor ardaíodh a ghrád ná a liúntas. I mí Lúnasa 2019, mhol a fhostóir go bhfaigheadh sé liúntas don tréimhse a raibh sé ag feidhmiú mar Stiúrthóir Náisiúnta in 2016, ach níor cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (“DPER”) é seo.

Chinn DPER nach raibh an liúntas a lorgáíodh á fóc go stairiúil ach le daoine a bhí ag feidhmiú ag leibhéal comhairligh. Chomhaontaigh DPER an liúntas a chur i bhfeidhm i gcás ceapaí buan i ról an Stiúrthóra ach níor cheadaigh DPER an liúntas seo a fóc le duine éigin a raibh an ról á chomhlíonadh aige.

## **Fionnachtana**

Thug an OB faoi deara go raibh an t-oibrí i ndiaidh glacadh le freagrachtaí breise ag leibhéal an-ard. Chomh maith leis sin, thug sé faoi deara go raibh ardmheas ag an bhfostóir ar an oibrí. Chinn an OB go raibh fianaise ar luach na bhfreagrachtaí breise seo i ndáil le ról an Stiúrthóra, idir Bealtaine 2016 agus Iúil 2019 le fáil i gcinneadh DPER liúntas €50,000 a chur ar fáil don chomórtas chun an ról a líonadh go buan. Thug an OB faoi deara nach raibh an liúntas seo á fóc go stairiúil ach le daoine a bhí ag feidhmiú ag leibhéal comhairligh. Thug an OB faoi deara go bhfuil plé ar siúl go leanúnach ag leibhéal náisiúnta maidir le hinfheidhmeacht stádais chomhairligh do dhochtúirí sinsearacha atá ag obair san earnáil sláinte poiblí.

Mhol an OB go gcuirfí “Liúntas an Stiúrthóra Chliniciúil” (€50,000 ó Dheireadh Fómhair 2020, €46,000 roimhe sin) i bhfeidhm i gcás an oibrí ó Bhealtaine 2016 don tréimhse a raibh sé i mbun ról an Stiúrthóra Náisiúnta go dtí Iúil 2019. Chomh maith leis sin, mhol an OB go leanfaí le hóc an liúntais sin ina dhiaidh sin ar bhonn leanúnach, mar aitheantas ar an freagrachtaí breise atá á gcomhlíonadh ag an oibrí go leanúnach. Mhol an OB go n-íocfaí an liúntas seo ar a laghad go dtí go gcuirtear chun feidhme conclúid an phlé reatha maidir le hinfheidhmeacht stádais chomhairligh do dhochtúirí sinsearacha atá ag obair san earnáil sláinte poiblí. Ag an am sin, mhol an OB go ndéanfadh an fostóir athbhreithniú iomlán ar ról an oibrí agus go n-áirithíonn sé go bhfuil an t-oibrí ag feidhmiú ag an ngrád ceart agus go bhfuil luach saothair oiriúnach á fháil aige.

Leag an OB aird ar an bpointe go ndearnadh na moltaí seo maidir le agus mar aitheantas ar imthosca aonair agus sonracha an oibrí agus nár cheart glacadh leis go bhfuil impleachtaí acu seo ar aon duine eile.



# AGUISÍN

# 4B

## Agóidí Dlíthiúla a bhfuil baint ag WRC leo

### Agóidí Dlíthiúla a bhfuil baint ag WRC leo 2021

<b>Agóidí Dlíthiúla a bhfuil baint ag WRC leo 2021</b>	<b>83</b>
Zalewski v. Oifigeach Breithniúcháin agus WRC, Éire agus an tArd-Aighne [2021] IESC 24	84
Ammi Burke (Iarrthóir) v. Oifigeach Breithniúcháin agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (Freagróirí) agus Arthur Cox LLP (Fógra-Pháirtí) [2021] IEHC 667	85
Erdogan v. An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre [2021] IEHC 348	87
Jennifer Morgan v. An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, Ard-Chúirt, Uimh. 514/2019	88
Kenneth Smullen v. An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre & Joe Mallon Motors, Ard-Chúirt, Uimh. 561/2020	88
Donal Coughlan v. An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, Cúirt Chuarda an Oirdheiscirt, Cúirt Chuarda Cheatharlach, Uimh. 12/2020	88

**Zalewski v. Oifigeach Breithniúcháin agus WRC, Éire agus an tArd-Aighne [2021] IESC 24:**

## Réamhrá

In *Zalewski v. Adjudication Officer & Ors* [2021] IESC 24, ghrinnscrúdaigh an Chúirt Uachtarach an chothroime níos imeachta a léirigh WRC de bhun a reachtaíochta bunaidh, an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 (“**WRA 2015**”). Ainneoin gur tugadh aird ar na buntáistí a bhaineann le *“feidhm chinnteoireachta saor in aisce, réasúnta neamhfhoirmiúil agus éifeachtach a sholáthar”* dearbhaíodh nach féidir leis sin dochar a dhéanamh *“don dlí agus do na nósanna imeachta atá riachtanach chun cinneadh cóir a dhéanamh”*.<sup>2</sup> Shainnadh an Chúirt Uachtarach go bhfuil an reachtaíocht a bhfuil nósanna imeachta áirithe WRC á rialú aici ar neamhréir leis an mBunreacht, eadhon: ganntanas forála d’Oifigeach Breithniúcháin (“**OB**”) duine a chur faoi mhionn nó dearbhasc; ganntanas féidearthachta maidir le pionós i ndáil le fianaise bhréagach a sholáthar; agus éisteachtaí a reáchtáil go príobháideach. Bunaíodh Acht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2021 ina dhiaidh sin agus leasaigh WRC a nósanna imeachta go cuí.

## Cúlra

Bhí an tUasal Zalewski fostaithe mar gharda agus maoirseoir slándála Buywise Discount Store Limited. Nuair a difhostaíodh é óna phost mar gur líomhnaíodh gur theip air nósanna imeachta na cuideachta a leanúint, chun sé éilimh maidir le dífhostú éagórach agus neamhíoc fógra a chur faoi bhráid WRC. D’fhreastail na páirtithe ar éisteacht agus ghlac an OB le haighneachtaí agus le doiciméid i scríbhinn. Cuireadh an ní ar atráth agus sceidealaíodh dáta eile. Nuair a d’fhreastail na páirtithe, áfach, cuireadh in iúl dóibh go raibh cinneadh déanta i bhfabhar an Fhreagróra, bunaithe ar na haighneachtaí i scríbhinn. Mar thoradh air seo cuireadh achomharc faoi bhráid na Cúirte Oibreachais; agus tionscnaíodh athbhreithniú breithiúnach a bhí os comhair na hArd-Chúirte – a raibh sé mar aidhm leis inter alia cinneadh an OB a neamhniú agus dúshlán bhunreachtúlacht phróiseas breithiúnach WRC a thabhairt, arna bhunú faoi WRA 2015.

Go bunúsach, sheas an Ard-Chúirt le bunreachtúlacht phróiseas breithiúnach WRC agus rinneadh an ní a achomharc chuig an gCúirt Uachtarach.

Cuimsíodh in achomharc na Cúirte Uachtaraí ceithre ghearán faoi Airteagal 40.3 den Bhunreacht: (i) ní raibh aon cheanglas ann go mbeadh aon cháilíochtaí, oiliúint nó taithí dlí ag OB nó baill den Chúirt Oibreachais; (ii) ní raibh aon fhoráil ann do OB duine a chur faoi mhionn nó dearbhasc agus ní raibh aon smachtbhanna coiriúil d’fhinné a thug fianaise bhréagach roimh OB; (iii.) ní raibh aon fhoráil sainráite do chroscheistiú finnétithe; agus (iv.) reáchtáladh na himeachtaí os comhair OB ar shlí seachas go poiblí.

## Fionnachtana

Ba é O’Donnell J a thug breithiúnas tromlaigh na Cúirte Uachtaraí:

Ar dtús, thug sé faoi deara gur feidhm é riaradh an cheartais a mbíonn na cúirteanna freagrach aisti de ghnáth faoi Airteagal 34 den Bhunreacht, tá cead ag comhlachtaí cosúil le WRC déanamh amhlaidh *“i gcomhthéacs atá neamhchoiriúil agus teoranta”*<sup>3</sup> faoi Airteagal 37. Dhearbhaigh O’Donnell J. nuair a bhíonn a leithéid d’fheidhmeanna á bhfeidhmiú, nach mór do WRC gníomhú de réir *“comhpháirteanna bunúsacha an neamhspleáchais, na neamhchlaontachta, cur i bhfeidhm neamhchlaonta an dlí, na oscailteachta, agus, thar ní ar bith eile, na cothroime”* agus *“nach féidir an caighdeán ceartais arna riar ... a bhí níos ísle ná níos éilithí ná an ceartas arna riar i gcúirteanna”*.<sup>4</sup>

Chinn O’Donnell J. nach raibh sé míbhunreachtúil nár ceanglaíodh ar OBna cáilíochtaí dlí a bheith acu. Leag sé béim, áfach, ar an bpointe *“nach féidir éilimh a chinneadh go cothrom de réir an dlí gan dlí agus nósanna imeachta cothroma.”*<sup>5</sup>

1 Breithiúnas, mír 137.

2 Breithiúnas, mír 139.

3 Breithiúnas, mír 138.

4 Breithiúnas, mír 138.

5 Breithiúnas, mír 139.

Chinn O'Donnell J. go bhfuil an ganntanas forála chun duine a chur faoi mhionn nó aon fhéidearthacht maidir le pionós i ndáil le fianaise bhréagach a thabhairt ar neamhréir leis an mBunreacht. Shonraigh sé an méid seo a leanas, *“is cuid thábhachtach d’áirithiú go bhfuil aird ar cheartas i gcásanna ina bhfuil coinbhleacht thromchúiseach agus dhíreach fianaise, an ceanglas fianaise a thabhairt faoi mhionn, agus an fhéidearthacht go mbeadh duine a sholáthar fianaise bhréagach á (h) ionchúiseamh.”*<sup>6</sup>

Leag O'Donnell J. béim ar na buntáistí a bhaineann le croscheistiú mar ghné lárnach de nósanna imeachta cothroma. Dhearbhaigh sé ainneoin go raibh sé míshásúil nach raibh aon fhoráil sainráite ann i ndáil le croscheistiú in WRA 2015, nach raibh sé míbhunreachtúil. Chomh maith leis sin, chuir sé in iúl go bhforáiltear le haghaidh croscheistithe i Nóta Treorach 2015 d’Éisteacht Bhreithniúcháin WRC agus, i gcás ar bith, má dhiúltaítear dó go mícheart, go mbeadh leigheas ar fáil.

Níor ghlac O'Donnell J. le brat-toirmeasc ar éisteachtaí poiblí nach bhfuil údar leo. Leag sé béim ar an bpointe go bhféadfaí breis fianaise iomchuí agus finnéithe a chur ar fáil mar thoradh ar éisteachtaí poiblí; go bhféadfaí cead a thabhairt do pháirtí é féin a chosaint go poiblí; agus go dtabharfaí cead don phobal léargas a fháil ar riar an cheartais. Bhí an méid seo a leanas le rá aige freisin, *“riamh anall, glacadh le [an ceanglas maidir le héisteachtaí poiblí] mar ghné bhunúsach de riar an cheartais”*.<sup>7</sup>

Ar deireadh, shonraigh O'Donnell J. gur tagraíodh do neamhspleáchas cinnteoirí san argóint ach nárbh ionann é agus dúshlán sonrach. Dúirt sé chomh maith, gur *“comhpháirteanna bunúsacha den acmhainn ceartas a riar iad neamhspleáchas agus neamhchlaontacht.”*<sup>8</sup> Dá réir sin, chinn sé nach bhféadfaí cumhacht chúlghairme a fheidhmiú i ndáil le ceapachán an AE gan a bheith á fheidhmiú ar bhealach a chur isteach air, ná a bhain dá neamhspleáchas.

**Ammi Burke (Iarrthóir) v. Oifigeach Breithniúcháin agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (Freagróir) agus Arthur Cox LLP (Fógra-Pháirtí) [2021] IEHC 667:**

## Réamhrá

Bhain an ní athbhreithnithe bhreithiúnaigh seo le dúshlán a bhain leis an gcaoi ar láimhseáil WRC éileamh maidir le dífhostú éagórach. Sholáthair Simons J. breithiúnas láidir, díbheadh dúshláin an Iarrthóra ina n-iomláine agus rinneadh fionnachtana níos suntasaí agus níos infheidhme go ginearálta maidir le cur i bhfeidhm bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí in *Zaleski v. An Adjudication Officer & Ors* [2021] IESC 24; riar an cheartais; agus úsáid iomchuí imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh.

## Cúlra

Ar an 31 Eanáir 2020 thionscain an Iarrthóir éileamh maidir le dífhostú éagórach in aghaidh an Fhreagróra os comhair WRC. Éisteachd i bpáirt leis an éileamh, ach ní raibh cinneadh déanta, nuair a tugadh breithiúnas Zaleski ar an 6 Aibreán 2021. Sainaithníodh i mbreithiúnas *Zaleski* easnaimh reachtúla a bhfuil nósanna imeachta áirithe WRC á rialú acu, agus bhain ceann díobh le ganntanas forála chun mionn nó dearbhasc a riar in Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977. Leasaíodh an reachtaíocht ina dhiaidh sin i mí Iúil 2021 in Acht um Chaidreamh san Áit Oibre (Forálacha Ilghnéitheacha), 2021.

I ndiaidh éisteacht le haighneachtaí ó na páirtithe ar an 12 Bealtaine 2021, scríobh an tOifigeach Breithniúcháin (“OB”) chuig na páirtithe ar an 26 Bealtaine 2021, agus rinne sí cur síos ar a cinneadh í féin a eisiáimh ón gcás ionas go bhféadfaí éisteacht leis as an nua os comhair OB difriúil a bheadh freagrach as an mionn nó dearbhasc a riar. Dúirt sí an méid seo a leanas, *“Táim den tuairim, i bhfianaise bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí [Zaleski], gurb é seo an gníomh is sábháilte agus is ciallmhaire”*.<sup>9</sup> Ar an 19 Iúil 2021, thionscain an Iarrthóir imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a raibh sé mar aidhm leo dúshlán an chinnidh seo a thabhairt go bunúsach. Lorg an Iarrthóir ordú ag treorú don AE éisteacht an éilimh maidir le dífhostú éagórach a atosú. Chomh maith leis sin, lorg an Iarrthóir ordú ag ordú go dtreoraíonn an OB doiciméid áirithe a nochtadh.

6 Breithiúnas, mír 144.

7 Breithiúnas, mír 142.

8 Breithiúnas, mír 147.

9 Breithiúnas, mír 20.

## Fionnachtana

Dhíbh Simons J. loighic argóint an larrthóra gur cheart don OB cinneadh a dhéanamh maidir leis an éileamh faoi dhífhostú éagórach trí thagairt a dhéanamh don reachtaíocht neamhleasaithe agus míbhunreachtúil (anois). Chinn Simons J. nach mbeadh an t-larrthóir faoi mhíbhuntáiste de bhrí go dtéann na gcosaintí nóis imeachta ar seasamh leo i mbreithiúnas Zalewski chun tairbhe gach páirtí. Os a choinne sin, níor aimsigh sé aon tacaíocht don mholadh nach raibh feidhm le breithiúnas Zalewski de bhrí gur bhain an fhionnachtain maidir le míbhunreachtúlacht le heasnamh reachtúil. Ar deireadh, ag brath ar *Wily v. Revenue Commissioners* [1994] 2 I.R. 160, thug Simons J. faoi deara “nach féidir a rá go bhfuil aon ionchas dlísteanaigh ag an larrthóir go mbeadh a héileamh ar dhífhostú éagórach á chur i gcrích faoin leagan neamhleasaithe, neamhbhailí den reachtaíocht.”<sup>10</sup>

Ón tús leag Simons J. béim ar an méid seo a leanas, “bheadh sé thar a bheith neamhghnách don chúirt seo, le linn di a dlínse athbhreithnithe bhreithiúnaigh a fheidhmiú, eadráin a dhéanamh in imeachtaí aon bhine a bhfuil feidhm bhreithiúnach á feidhmiú aige roimh thabhairt i gcrích na n-imeachtaí seo.”<sup>11</sup> In aon chás, chinn sé go raibh sé ríshoiléir go raibh coinbhleachtaí suntasacha fíorais le tabhairt faoi deara. Chinn Simons J. nach bhféadfaí déileáil go cuí agus go cothrom leis na coinbhleachtaí seo ach trína cheangal go soláthrófaí an fhianaise faoi mhionn agus go mbeadh an fhianaise sin faoi réir croscheistithe. Dá thoradh sin, chinn sé “níl aon amhras ach go bhfuil an cinneadh gan leanúint leis na héisteachtaí, agus a threorú go n-éistfí agus go ndéanfaidh oifigeach breithniúcháin dhifriúil an t-éileamh seo ar dhífhostú éagórach a éisteacht agus a chinneadh ceart go dlíthiúil.”<sup>12</sup> Tharraing Simons J. aird ar an méid seo a leanas: “Cinneadh ciallmhar a rinne an t-oifigeach breithniúcháin (bunadh) a áirithiú go n-éistfeadh oifigeach breithniúcháin dhifriúil leis an éisteacht nua, oifigeach nach raibh aon bhaint aige/aici leis an éisteacht roimhe sin.”<sup>13</sup>

Ghlac Simons J. leis go mbeidh moill áirithe ag baint leis an éileamh maidir le dífhostú éagórach a éisteacht as an nua. Chinn sé, áfach, gur mó na buntáistí ná na míbhuntáistí a bhain leis an moill mar go mbeadh deireadh á chur le haon tuairim fhéideartha maidir le réamhchinneadh, ag brath ar fhionnachtana na Cúirte Achomhairc in *Commissioner of an Garda Síochána v. Penfield Enterprises Ltd* [2016] IECA 141.<sup>14</sup>

Chinn Simons J. nach raibh aon bhonn ar chor ar bith le cáineadh pearsanta an larrthóra maidir leis an OB agus thug sé faoi deara gur aistarraing an t-larrthóir na líomhaintí maidir le neamhchlaontacht thar ceann an OB nó WRC ag an éisteacht ina dhiaidh sin.

Dhiúltaigh Simons J. go hiomlán do na hargóintí gur léirmhíniú mícheart ar bhreithiúnas Zalewski ba ea na fógraí a d’fhoilsigh WRC agus “ceilt” chinneadh an OB. Níor aimsigh sé aon bhonn fianaiseach le haghaidh na líomhaintí seo agus bhí sé sásta gurb ionann an beartas a leasaíodh ar an 30 Iúil 2021 agus léirmhíniú agus cur i bhfeidhm ceart bhreithiúnas Zalewski.

Tharraing Simons J. aird ar thromchúis iarraidh nochtá an larrthóra arb é an toradh a bheadh uirthi go mbeadh an Ard-Chúirt ag eadráin in éileamh a páirt-éisteacht le haghaidh dífhostú éagórach agus cinneadh suntasach a dhéanamh maidir le conas ba cheart é a reáchtáil. Thagair sé d’alt 8(13)(a) d’Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977, agus shonraigh sé gur rogha reachtúil de chuid an OB é doiciméid a chur i dtoll a chéile. Dhiúltaigh sé an nochtadh a ordú ar roinnt foras, eadhon, d’éistfí an ní as an nua agus dá réir sin bhí aon ghearán maidir le nochtadh doiciméad inphléite; ní raibh aon chinneadh críochnaitheach déanta ag an OB maidir le nochtadh doiciméad agus, dá réir sin, bheadh sé róluath athbhreithniú breithiúnach a cheadú (féach *Huntstown Air Park Ltd v. An Bord Pleanála* [1999] 1 I.L.R.M. 281); agus sa chás seo, tá ceart iomlán achomhairc chuig an gCúirt Oibreachais nuair atá an chinnteoireacht sa chás ásc curtha i gcrích.

Ar deireadh, rinne Simons J. roinnt breathnóireachtaí ginearálta maidir lena hoiriúnaí agus a bhí sé athbhreithniú breithiúnach rialuithe eatramhacha nóis imeachta a lorg a rinneadh i gcomhthéacs éilimh maidir le dífhostú éagórach. Thug sé faoi deara gur leigheas lánroghnach é athbhreithniú breithiúnach agus go ndiúltófar faoiseamh a sholáthar sa chás go ndéantar iarratas roimh am nó sa chás gur ann do leigheas malartach, leordhóthanach. Leag sé béim ar an bpointe nach raibh sé de fhreagracht ar an Ard-Chúirt imeachtaí atá os comhair AE a mhicreabhainistiú. Shonraigh sé go mbaineann athbhreithniú breithiúnach le dlíthiúlacht cinnidh agus nach mór go mbeadh an Ard-Chúirt “sásta go raibh an rialú éagórach, míréasúnta go follasach nó déanta ar shlí eile gan dlínse sula ndearnadh rialú eatramhach nóis imeachta.”<sup>15</sup>

10 Breithiúnas, mír 57.

11 Breithiúnas, mír 62.

12 Breithiúnas, mír 69.

13 Breithiúnas, mír 72.

14 Breithiúnas, mír 74.

15 Breithiúnas, mír 115.

**Erdogan v. An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre [2021] IEHC 348:****Réamhrá**

Bhain an cás seo le hiarratas ar chead chun athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh. Bhain an dúshlán bunúsach le cinneadh a rinneadh Oifigeach Breithniúcháin (“OB”) gearán a dhíbhne faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015 (“EEA”), de bhrí go ndearnadh an gearán lasmuigh den teorainn ama fhorordaithe 6 mhí.

**Cúlra**

Thionscain an tIarrthóir éileamh idirdhealaithe faoi EEA, agus líomhain sé go ndearnadh idirdhealú ina aghaidh i rith a chuid fostaíochta gur díbheadh é trí ghníomhartha idirdhealaithe agus íospártha. D’áitigh an Freagróir go ndearnadh an gearán lasmuigh den teorainn ama 6 mhí – foirceannaíodh an fhostaíocht ar an 14 Feabhra 2017 agus comhdaíodh an gearán ar an 24 Bealtaine 2018.

Féadfar síneadh a chur leis an teorainn ama 6 mhí sa chás go mbaineann an mhoill le mífhaisnéis a bhfuil an freagróir freagrach aisti faoi alt 77(6) de EEA. Mhaígh an tIarrthóir nár tarraingíodh a aird ar fhaisnéis áirithe ach ar an 15 Eanáir 2018, ag éisteacht ar leithligh os comhair WRC i ndáil le héileamh maidir le difhostú éagórach a aistarraingíodh ina dhiaidh sin. D’áitigh sé go raibh miontuairiscí a cuireadh i láthair ag an éisteacht seo ‘bréagach’ agus ‘brionnaithe’, agus gur inis finnétithe bréaga i rith na héisteachta. Chinn an OB gur theip ar an Iarrthóir fianaise maidir le mífhaisnéis a sholáthar agus dá bhrí sin nach ndearnadh an gearán laistigh den teorainn ama.

**Fionnachtana**

Shainaithin Simons J. gurb í an phríomhshaincheist cibé acu an ionann nó nach ionann an t-achomharc reachtúil atá os comhair na Cúirte Oibreachais agus leigheas malartach, leordhóthanach. Chuir sé cur chuige *McGoldrick v. An Bord Pleanála*<sup>16</sup> i bhfeidhm:

*“Is í an cheist bhunúsach cibé acu an leigheas is oiriúnaí i gcomhthéacs na céille, an cumas déileáil le ceisteanna a chuirtear agus prionsabail na cothroime; ar an gcoinníoll, ar ndóigh, nach bhfuil rogha déanta ag an Iarrthóir a chiallaíonn nach féidir a (h)intinn a athrú.”*

Thagair sé don sé fhachtóir iomchuí atá liostaithe in *O'Donnell v. Tipperary (South Riding) County Council*<sup>17</sup> agus thagairt sé go sonrach don cheathrú fachtóir ina sonraítear:

*“Baineann croílár na saincheiste le fianaise maidir leis na gníomhartha calaoiseachta a líomhnaíodh a rinne an t-Iarrthóir agus féadfar déileáil leis seo trí achomharc os comhair EAT, seachas mar athbhreithniú ar nós imeachta. Is léir gur ní é seo ba cheart déileáil leis trí phróiseas achomhairc seachas trí athbhreithniú níos imeachta.”*

Leag Simons J. béim ar an bpointe nach é athbhreithniú breithiúnach an nós imeachta oiriúnach chun déileáil le líomhaintí maidir le calaois. Ansin dhírigh sé ar na gnéithe seo a leanas de na struchtúir chinnteoireachta faoi Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015:

- Is ionann an t-achomharc roimh an gCúirt Oibreachais agus achomharc *de novo*.
- Tá an nós imeachta atá os comhair na Cúirte Oibreachais níos foirmiúla ná nós imeachta WRC agus cuimsítear ann cosaintí níos imeachta nach gceanglaítear go reachtúil roimh AO, go háirithe an dlínse fianaise a éisteacht faoi mhionn agus croscheistiú a cheadú (cinneadh an cás seo roimh chinneadh na Cúirte Uachtaraí i ndáil le *Zalewski*).
- Tá ceart achomhairc ann in aghaidh chinnidh na Cúirte Oibreachais chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí.<sup>18</sup>

16 [1997] 1 I.R. 497 (at 509)

17 [2005] IESC 18; [2005] 2 I.R. 483.

18 Breithiúnas, mír 22.

Ansin dhírigh Simons J. ar thrí fhoras athbhreithnithe bhreithiúnaigh an Iarrthóra, i bhfianaise na bprionsabal thuasluaite:

**1. An Ceanglas Éisteacht a Thabhairt don Taobh Eile:**

Chinn Simons J nach bhfuil údar leis an líomhain gur sháraigh cinneadh an OB an pointe maidir le teorainn ama, chun athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh. Dúirt sé nach féidir déileáil le buntáistí bunúsacha an éilimh mar bhuntáistí atá séalaithe go heirméiteach ón bpointe maidir le teorainn ama.<sup>19</sup>

**2. Bhí Cinneadh an OB Míreasúnta:**

Chinn Simons J. go mbeadh ar chumas na Cúirte Oibreachais an líomhain seo a réiteach ar bhealach níos éifeachtaí, de bhrí go mbaineann an tsaincheist leis an díospóid fhíorasach idir na páirtithe.<sup>20</sup>

**3. Líomhain maidir le Claontacht:**

Shonraigh Simons J. nach mór go mbeadh claontacht seachtrach don phróiseas cinnteoireachta. Ag brath ar *O'Callaghan v. Mahon*,<sup>21</sup> dhearbhaigh Simons J nach mbeidh gnáth-eadránacha, lena n-áirítear díospóireacht agus argóint, agus fiú amháin tuairimí láidir maidir leis an ábhar a chur in iúl, mar údar le fionnachtain chlaontachta de ghnáth.<sup>22</sup> Chinn Simon J go bhfuil OB i dteideal iarraidh ar pháirtithe gan díriú ach ar shaincheisteanna iomchuí, agus ceisteanna a chur ar na páirtithe.<sup>23</sup>

Chinn Simons J. gurb é an fóram ceart chun an díospóid fhíorasach seo a réiteach an Chúirt Oibreachais, agus dhíbh sé an t-iarratas.

**Jennifer Morgan v. An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, Ard-Chúirt, Uimh. 514/2019:**

Diúltaíodh cead a thabhairt do Bhean Morgan a héileamh breithniúcháin a chur ar atráth agus níor fhreastail sí ar an éisteacht. D'eisigh an tOifigeach Breithniúcháin ("**OB**") a chinneadh agus díbheadh an cás. Rinne Bean Morgan iarratas trí athbhreithniú breithiúnach ar ordú certiorari chun cinneadh an OB a neamhniú agus chomh maith leis sin lorg sí urghaire maidir le leanúint leis an ní os comhair WRC nó na Cúirte Oibreachais go dtí go raibh fionnachtana áirithe déanta ag an DPC. Cosnaíodh an ní agus éisteadh Tairiscint Díbhe i mí Márta 2021. Scriosadh amach an cás i mí Aibreáin 2021.

**Kenneth Smullen v. An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre & Joe Mallon Motors, Ard-Chúirt, Uimh. 561/2020:**

Rinne an tIarrthóir iarracht stop a chur le héisteacht bhreithniúcháin páirt-éiste i ndiaidh gur diúltaíodh an éisteacht a chur ar atráth agus taisceadh iarratas ar athbhreithniú breithiúnach. Bhí imeachtaí gaolmhara sibhialta agus coiriúla ag tarlú sa chúlra freisin. Cúpla lá ina dhiaidh sin, cuireadh an éisteacht ar atráth mar gheall ar COVID-19. Lean an tIarrthóir lena iarratas ar athbhreithniú breithiúnach, a bhí inphléite go hiomlán ina dhiaidh sin. Ag éisteacht maidir le costais ar cuireadh ina coinne i Márta 2021, dhámh Hyland J. Costais ar WRC.

**Donal Coughlan v. The Workplace Relations Commission, Cúirt Chuarda an Oirdheiscirt, Cúirt Chuarda Cheatharlach, Uimh. 12/2020:**

Ní oidhreacht ba ea é seo a bhain leis an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais. Trí Ghnáthbhuile Sibhialta, a eisíodh i mí na Nollag 2019, thionscain an Gearánaí, Donal Coughlan, imeachtaí in aghaidh WRC. Lorg sé damáistí i ndáil le faillí agus sárú dualgais. Áiríodh anseo sárú dualgais reachtúil i ndáil le teip líomhnaithe an chomhlachta réamhtheachtaí a héilimh reachtúla dlí fostaíochta a athliostáil go tráthúil i ndiaidh iad a chur ar atráth ar feith toradh achomhairc de chuid an Ghearánaí in éileamh reachtúil eile dlí fostaíochta in aghaidh an fhostóra chéanna.

Chomhdaigh WRC cosaint iomlán agus d'aistarraingt an gearánaí an ní ina dhiaidh sin ar an 25 Meitheamh 2021.

19 Breithiúnas, mír 24.

20 Breithiúnas, mír 23.

21 [2007] IESC 17; [2008] 2 I.R. 514.

22 Breithiúnas, mír 27.

23 Breithiúnas, mír 28.

# AGUISÍN

# 5

## Reachtaíocht faoinar féidir gearáin a chur faoi bhráid na Seirbhíse Breithniúcháin

An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach

Na hAchtanna Caidrimh Thionscail

An tAcht um Íoc Pá, 1991

An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994

Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta

An tAcht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fostaithe a Chosaint ar Ghnóthais a Aistriú), 2003 (I.R. Uimh. 131 de 2003) (seachas Rialachán 4(4)(a))

Na hAchtanna um Stádas Comhionann

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003

An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000

Rialachán 5, 8, 9, 10, 11 nó 12 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Trácht ar Bhóithre) (Eagrú Ama Oibre Daoine na nOibrithe Soghluaiste Iompair de Bhóthar), 2012 (I.R. Uimh. 36 de 2012)

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

An tAcht um Chosaint Mháithreachais, 1994

An tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eagrú Ama Oibre) (Oibrithe Soghluaiste in Eitlíocht Shibhialta), 2006 (I.R. Uimh. 507 de 2006)

Rialachán 6 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta), 2000 (I.R. Uimh. 488 de 2000)

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eagrú Ama Oibre) (Gníomhaíochtaí Dochtúirí faoi Oiliúint), 2004 (I.R. Uimh. 494 de 2004)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dálaí Oibre Oibrithe a bhíonn ag Gabháil do Sheirbhísí Iarnróid Trasteorann Idir-inoibritheacha), 2009 (I.R. Uimh. 377 de 2009)

An tAcht um Cheadanna Fostaíochta, 2006

An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007

Achtanna na bPinsean

An tAcht Sláinte, 2004

An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2011 ag tabhairt faoi deara gur cuid de Sceideal 1 d'Acht 2011 é An tAcht um Cheart Coiriúil (Cionta Éillithe), 2018

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tarluithe san Eitlíocht Shibhialta - Tuairisciú, Anailís agus Bearta Leantacha), 2020 (I.R. 195/2020) i ndáil le gearán a sháraíonn Airteagal 16(9) de rialacháin AE 376/2014

An tAcht Iomaíochta, 2002

An tAcht um Shaoire Cúramóirí, 2001

An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984

An tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 2009

An tAcht Ceimiceán, 2008

Rialachán 19 na gComhphobal Eorpach (Cuideachta Eorpach Phoiblí faoi Dhilteanas Teoranta) (Rannpháirtíocht Fostaithe), 2006 (I.R. Uimh. 623 de 2006)

Rialachán 20(1) na gComhphobal Eorpach (Comharchumann Eorpach) (Rannpháirtíocht Fostaithe), 2007 (I.R. Uimh. 259 de 2007)

An tAcht Carthanas, 2009

Rialachán 39(1) na gComhphobal Eorpach (Cumaisc Thrasteorann), 2008 (I.R. Uimh. 157 de 2008)

An tAcht um Iascach Intíre, 2010

An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996

Ordú Rialaithe Fostaíochta faoi alt 42C (ionsáite ag Alt 12 d'Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2012) d'Acht Caidrimh Thionscail, 1946

Ordú earnála fostaíochta de réir bhí Chaibidil 3 de Chuid 2 d'Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015

An tAcht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011

An tAcht um Shaoire Uchtaíoch, 1995

Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013

Comhaontú fostaíochta cláraithe de réir bhrí Chaibidil 2 de Chuid 2 d'Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015

An tAcht um Éilliú a Chosc (Leasú), 2001

An tAcht um Shaoire agus Sochar Tuismitheora, 2016

An tAcht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar), 2006

An tAcht um Chaomhnú Fostaíochta, 1977

An tAcht um Fhaisnéis agus Comhchomhairle Thrasnáisiúnta d'Fhostaithe, 1996

An tAcht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013



## Nóta Mínitheach

Eascaíonn an bonn reachtúil chun gearáin agus díospóidí a atreorú chuig Ard-Stiúrthóir WRC chun críche breithniúcháin ó roinnt achtachán difriúil a n-áirítear ina measc an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015, an tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998, an tAcht um Stádas Comhionann, 2000, Acht na bPinsean, 1990, an tAcht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984, an tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 agus an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969.

Sa chéad ásc tá an bonn reachtúil chun gearáin agus díospóidí faoi fhorghór na n-achtachán a bhaineann le hArd-Stiúrthóir an WRC á rialú ag forálacha Alt 41 d'Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 (Uimh. 16 de 2015).

Cruthaíonn Alt 41 d'Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015, nós imeachta coiteann chun gearáin a chur i láthair agus díospóidí a atreorú chuig Ard-Stiúrthóir WRC faoi phíosaí reachtaíochta fostaíochta éagsúla. Tá na hachtachán fostaíochta aonair faoina féidir le duine gearán a chur i láthair nó díospóid a atreorú chuig Ard-Stiúrthóir WRC de réir fhorálacha Alt 41 liostaithe i Sceideal 5 d'Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015.

Tá forálacha Alt 41 d'Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015, leasaithe ag Alt 24(b) d'Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015 (I.R. Uimh. 329 de 2015) agus Alt 20(1)(g) d'Acht um Pá Íosta Náisiúnta (An Coimisiún um Pá Íseal), 2015 (I.R. Uimh. 411 de 2015)).

Eascaíonn an bonn reachtúil chun gearáin a atreorú chuig Ard-Stiúrthóir WRC faoi Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977, as Alt 8 den Acht sin (tá forálacha iomchuí Alt 8 d'Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977 leasaithe ag Alt 80 d'Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 agus Alt 14 agus Alt 20(1) (l) d'Acht um Pá Íosta Náisiúnta (An Coimisiún um Pá Íseal), 2015 (I.R. Uimh. 410 de 2015)).

Eascaíonn an bonn reachtúil chun gearáin a atreorú chuig Ard-Stiúrthóir WRC faoi Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998, as Alt 77 den Acht sin (tá forálacha iomchuí Alt 77 d'Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 leasaithe ag Alt 83 d'Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015).

Eascaíonn an bonn reachtúil chun gearáin a atreorú chuig Ard-Stiúrthóir WRC faoi Acht um Stádas Comhionann, 2002 as Alt 21 den Acht sin (tá forálacha iomchuí Alt 21 d'Acht um Stádas Comhionann, 2000 leasaithe ag Alt 84 d'Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015).

Eascaíonn an bonn reachtúil chun gearáin a atreorú chuig Ard-Stiúrthóir WRC faoi Alt 44 d'Acht na bPinsean, 1990, as Cuid VII den Acht sin (tá na forálacha iomchuí de Chuid VII d'Acht na bPinsean, 1990, leasaithe ag Alt 82 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015).

Eascaíonn an bonn reachtúil chun gearáin a atreorú chuig Ard-Stiúrthóir WRC faoi Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 as Alt 39 den Acht sin (tá forálacha iomchuí Alt 39 d'Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 leasaithe ag Alt 76 d'Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015).

Eascaíonn an bonn reachtúil chun gearáin a atreorú chuig Ard-Stiúrthóir WRC faoi Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984, as Alt 9 den Acht sin (tá forálacha iomchuí Alt 9 d'Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984, leasaithe ag Alt 81 d'Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015).

Eascaíonn an bonn reachtúil chun díospóid trádála a atreorú chuig Ard-Stiúrthóir WRC faoi Acht Caidrimh Thionscail, 1969 as Alt 13 den Acht sin (tá forálacha iomchuí Alt 13 d'Acht Caidrimh Thionscail, 1969, leasaithe ag Alt 8, Alt 40(9) agus Sceideal 2 Cuid 1 Ítim 2 d'Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015).

## AGUISÍN

## 6

Gearáin le Breithniú de réir  
na Reachtaíochta

BREITHNIÚ	IOMLÁN
Alt 6 d'Acht um Íoc Pá, 1991	2,033
Alt 27 d'Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997	2,018
Alt 8 d'Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977	1,473
Alt 13 d'Acht Caidrimh Thionscail, 1969	1,202
Alt 77 d'Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998	927
Alt 7 d'Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994	876
Alt 21 d'Acht um Stádas Comhionann, 2000	644
Alt 12 d'Acht um Fhógra Íosta & Téarmaí Fostaíochta, 1973	557
Alt 39 d'Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967	416
Rialachán 10 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fostaithe a Chosaint ar Ghnóthais a Aistriú), 2003 (I.R. Uimh. 131 de 2003)	303
Na hAchtanna Caidrimh Thionscail (1946 - 2015)	221
Alt 14 d'Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003	157
Alt 28 d'Acht um Shábháilteacht, Sláinte & Leas ag an Obair, 2005	150
Rialachán 6 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Caomhnú Fostaíochta), 2000	136
Alt 24 d'Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000	110
Rialachán 18 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Trácht ar Bhóithre) (Eagrú Ama Oibre Daoine na nOibrithe Soghluaiste Iompair de Bhóthar), 2012 - I.R. Uimh. 36 de 2012	106
Alt 45A d'Acht Caidrimh Thionscail, 1946	95
Sceideal 2 d'Acht um Nochtadh Cosanta, 2014	69

BREITHNIÚ	IOMLÁN
Alt 16 d'Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001	57
Alt 23 d'Acht Caidreamh Thionscail (Leasú), 2015	36
Alt 86 d'Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998	36
Alt 9 d'Acht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004	36
Alt 81(e) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú le hAcht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004	26
Alt 18 d'Acht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998	22
Alt 30 agus Alt 31 d'Acht um Chosaint Mháithreachais, 1994	23
Rialachán 15 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eagrú Ama Oibre) (Oibríthe Soghluaiste in Eitlíocht Shibhialta), 2006 - I.R. Uimh. 507 de 2012	19
Alt 18A d'Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997	18
Alt 25 d'Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012	17
Cuid 14 Alt 103(55M) d'Acht Sláinte, 2007	14
Alt 19 d'Acht um Shaoire Cúramóirí, 2001	12
Alt 24 d'Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000	9
Sceideal 6 d'Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007	9
Alt 20(1) d'Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015	8
Alt 67(5) d'Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011	8
Alt 9 d'Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984	7
Sceideal 2 d'Acht um Cheartas Coiriúil, 2011	7
Alt 6(1) d'Acht um Éilliú a Chosc (Leasú), 2010	7
Sceideal 3 d'Acht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar), 2006	7
Alt 18 d'Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996	7
Sceideal 2 d'Acht um Cheadanna Fostaíochta, 2006	5
I.R. Uimh. 494 de 2004 agus Clásal 6 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dálaí Oibre Oibríthe a bhíonn ag Gabháil do Sheirbhísí Iarnróid Trasteorann Idir-inoibrítheacha), 2009-I.R. Uimh. 377 de 2009	5
Gearán ag lorg breithniúcháin ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Sceideal III de na hAchtanna Iomaíochta, 2002-2010	5
Rialachán 8 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dálaí Oibre Oibríthe a bhíonn ag Gabháil do Sheirbhísí Iarnróid Trasteorann Idir-inoibrítheacha), 2009-I.R. Uimh. 377 de	4
Alt 27 d'Acht um Shaoire agus Sochar Tuismitheora, 2016	3
Alt 62(2) d'Acht Carthanas, 2009	3
Alt 23 d'Acht um Shaoire agus Sochar Tuismitheora, 2019	3
Sceideal 4(1) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tuairisciú Tarluithe san Eitlíocht Shibhialta), 2007	2
Alt 23 d'Acht um Shaoire agus Sochar Tuismitheora, 2019	2
Alt 8(1) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dálaí Oibre Oibríthe a bhíonn ag Gabháil do Sheirbhísí Iarnróid Trasteorann Idir-inoibrítheacha), 2009 - I.R. Uimh. 3 de 2009	1
Alt 35 d'Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013	1

BREITHNIÚ	IOMLÁN
Sceideal 2 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachta Eorpach Phoiblí faoi Dhliteanas Teoranta) (Rannpháirtíocht Fostaithe), 2006	1
Sceideal 3 d'Acht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar), 2006	1
Alt 11A d'Acht um Chaomhnú Fostaíochta, 1977	1
Alt 4 d'Acht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998	1
Eile/níl sonraithe	98
<b>Iomlán</b>	<b>12,014</b>

# Nótaí

# Nótaí



